

'Puszcza' – An Eoraip Ársa faoi Bhagairt

L. 20



Conall Ó Móráin

L. 13



Comhcheilg Chlóidí Nochta

L. 4

Leabhar Beo an Dufaire

L. 6



ISSN 2009-3055

€1.65 (£1.50)

Uimh. 23

Gaelscéal

Ag Cothú Phobal na Gaeilge

27.08.2010

# An-éileamh ar bhillí Státchiste

## €600m de mhaoiniú gearrthéarmach faighte

**Meadhbh Ní Eadhra**

DHÍOL Gníomhaireacht Bhainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA), eagraíocht a fhaigheann airgead ar iasacht don Stát, luach €600 milliún de bhillí státchiste maidin inné.

Is bealaí iad na billí seo le maoiniú gearrthéarmach a fháil agus caithfear iad a aisíoc laistigh de mhíonna, in ionad blianta.

Beidh luach €400m de na billí le haisíoc roimh mhí Aibreáin agus luach €200m ag teacht in aibíocht i mí Feabhra.

Bhí an-éileamh ar an tairiscint, agus bhí na rátaí úis a bhí ar Éirinn a íoc do na fiachais ghearrthéarmacha níos ísle ná mar a bhí siad coicís ó shin, in ainneoin gur gearradh ráta creidmheasa na hÉireann Dé Céadaoin.

*Ar lean ar leathanach 2*



**Láithreoir TV3, Sinéad Desmond, an t-amhránaí Hazel Kaneswaren, an t-aisteoir Martina Stanley agus iar-Miss World Rosanna Davison, agus iad ag seoladh RED ALERT, feachtas Fhoras Croí na hÉireann chun mná a chur ar an eolas maidir le baol galar croí.** PIC: LEON FARRELL, PHOTOCALL IRELAND

# Tuilleadh daltaí de dhíth!

## Ceithre Ghaelscoil úra aitheanta ó thuaidh ach tá siad ag lorg daltaí go fóill

**Meadhbh Ní Eadhra**

Mar gheall ar easpa éilimh, ní bheidh maoiniú stáit á fháil ach ag scoil amháin as na ceithre Ghaelscoil nua ó thuaidh a fuair aitheantas sealadach ó Chaitríona Ruane cúpla seachtain ó shin.

Fógraíodh le déanaí go bhfuair ceithre Ghaelscoil nua ó thuaidh aitheantas sealadach don scoilbhliain úr. Bunscoil na mBeann i gContae an Dúin, Gaelscoil Léim an Mhadaidh i gContae Dhoire, Gaelscoil an tSeanchaí i nDoire agus Gaelscoil Choin Rí Uladh i gContae Aontroma na scoileanna atá i gceist.

Deir Seán Ó Coinn, Príomhfheidhmeannach ar Chomhairle na Gaelscolaíochta, go mbíonn deacrachtaí i gcónaí ag Gaelscoileanna a ndóthain daltaí a fháil agus iad ag tosú amach ar dtús.

"Caithfidh tuismitheoirí cinneadh an-mhór a dhéanamh maidir lena gcuid páistí a chur chuig scoil úrnua nó iad a chur chuig scoileanna atá bunaithe le fada," ar sé.

"Baineann a lán éiginnteachta le scoil nua. Le cúnamh Dé beidh níos mó daltaí ag freastal ar na scoileanna an bhliain seo chugainn, nuair a fheicfidh tuismitheoirí conas mar atá ag éirí leis an scoil."

Tá a ndóthain daltaí ag Gaelscoil Ráth Tó i gContae na Mí ach níl aitheantas rialtais acu, agus tá siad ag lorg an aitheantais sin faoi láthair.

"Tá a mhalairt de scéal againne anseo sa tuaisceart," a deir an tUasal Ó Coinn. "Tá an t-aitheantas faighte ag na scoileanna, ach níl na huimhreacha acu go fóill."

Cén tábhacht a bhaineann leis an aitheantas sin nuair nach féidir maoiniú a fháil?

"Tá sé fíorthábhachtach," a deir Ó Coinn. "Gan aitheantas, ní gá don Roinn Oideachais maoiniú a thabhairt do na scoileanna nuair a gheobhaidh siad an líon ceart daltaí."

Mar sin, táthar ag súil go n-ardóidh líon na ndaltaí de réir a chéile agus nuair a tharlaíonn sé sin beidh maoiniú curtha ar fáil dóibh.

Ní bheidh ach cúigear páiste ag freastal ar Bhunscoil na mBeann i gContae an Dúin Dé Céadaoin seo chugainn, nuair a osclófar doirse na scoile den chéad uair, ach beidh an scoil ag oscailt ina ainneoin sin.

*Ar lean ar leathanach 26*

**BLÚIRÍNÍ**

### Saor ó Phríosún

NÍOR gearradh aon téarma príosúin ar an amhránaí Gearmánach Nadja Benaissa a bhfuil HIV uirthi tar éis gur cuireadh ina leith go ndearna sí iarracht a hiarpháirtí a ghalrú d'aon ghnó. Fuarthas an t-amhránaí ciontach i ndíobháil chorpartha d'fhear amháin agus, in dhá chás eile, in iarracht ar dhíobháil chorpartha.

Bhí gnéas aici le triúr gan insint dóibh go raibh an galar uirthi agus tá sé deimhnithe go bhfuil an galar tolgtha ag duine de na fir. Dúirt sí go bhfuil brón ó chroí uirthi.

### Príosúnach is óige in Guantánamo ar triail

CUIREADH an príosúnach is óige in Guantánamo Bay ar triail inné agus coireanna cogaidh curtha ina leith. Bhí Omar Khadr, atá anois 23 bliain d'aois, 15 nuair a gabhadh é. Tá sé ag pléadáil neamhchiontach sna líomhaintí uile, spiaireacht , tacaíocht le sceimhlitheoireacht, agus dúnmharú. Thaispeáin an t-ionchúisitheoir físeán dó ag an triail a deir siad a thaispeánann é ag déanamh buamaí. Deir a fhoireann cosanta gur chuir a athair brú air páirt a ghlacadh sa chogadh. Is é an chéad phríosúnach é le dul faoi thriail faoi rialtas Obama.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Lúnasa, 2010

# NUACHT NÁISIÚNTA



Cecilia Ní Loinsigh, Megan Nic an Mhaoir, Leoni Ní Raghallaigh agus Áine Ní Mhaolagáin as Coláiste Feirste i mBéal Feirste, agus iad ag ceiliúradh a dtorthaí maithe GCSE. D'éirigh go hiontach leo ar fad sna scrúduithe.

## Caillteanas €1.3m don Stát mar gheall ar thoitíní?

**Meadhbh Ní Eadhra**

Ghabh oifigí de Sheirbhís Chustaim na gCoimisinéirí Ioncaim, le cuidiú na nGardaí, ceithre mhilliún toitín i gContae Laoise Dé Céadaoin.

Aimsíodh na toitíní i soitheach a tháinig isteach go Calafort Átha Cliath níos luaithe an lá sin.

Tá sé seo mar chuid d'oibriúchán atá ar bun ag na Coimisinéirí Ioncaim faoi láthair in aghaidh soláthar agus díolachán toitíní mídhleathacha sa tír.

Tá luach féideartha €1.7 m orthu, agus d'fhéadfadh caillteanas ioncaim de €1.3m a bheith i gceist don Stát.

Tá ceathrar á cheistiú maidir leis seo agus tá comhad á réiteach don DPP i láthair na huaire.

**Gaelscéal**

**Trevor Ó Clochartaigh**
Bainisteoir Tionscadail
00353-91-536201
trevor.oclochartaigh@gaelsceal.ie

**Patricia Ní Chonghaile**
*Comhordaitheoir Táirgíochta*
00353-91-536201
patricia.nichonghaile@gaelsceal.ie

**Ciarán Dunbar**
*Eagarthóir*
00353-91-536201
ciaran.dunbar@gaelsceal.ie

**Treasa Bhreathnach**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
treasa.bhreathnach@gaelsceal.ie

**Gráinne McElwain**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
grainne.mcelwain@gaelsceal.ie

**Meadhbh Ní Eadhra**
*Soláthróir Ábhair*
00353-91-536201
meadhbh.nieadhra@gaelsceal.ie

Le cabhair ó: Foras na Gaeilge

Baineann Gaelscéal úsáid as Gaelspell agus Ceart, bogearraí a chabhraíonn le litriú agus gramadach na Gaeilge, www.cruinneog.com

## An-éileamh ar bhillí Státchiste

*Ar lean ó leathanach a haon*

Is iad an ghníomhaireacht rátála, Standard & Poor's, a rinne íosghrádú ar Éirinn ó thaobh rátaí creidmheasa de, rud a chuir imní ar na margaí idirnáisiúnta.

Ach de réir dealraimh ní raibh mórán de thionchar ag cinneadh Standard & Poor's ar infheisteoirí agus iad ag an gceant fiachais inné.

Tá an costas ar an stát ó bheith ag fáil iasachtaí d'fhiacha gearrthéarmacha i ndiaidh titim le mí anuas, agus tá borradh ann ó thaobh éilimh i measc infheisteoirí do naisc Éireannacha. Dúirt an NTMA an tseachtain seo nach n-aontaíonn siad le cúis S&P maidir le híosghrádú a dhéanamh ar Éirinn.

Deir Martin Mansergh, Aire Sóisearach Airgeadais na hÉireann, go bhféadfadh muid teacht ar réiteach éigin leis an mBruiséil laistigh de chúpla seachtain maidir le todhchaí an Bhainc Angla-Éireannaigh, atá freagrach as formhór na costas athchaipitlithe.

Inné, dúirt Aire Airgeadais Cheanada, Jim Flaherty, go bhfuil plean maith baincéireachta ag Éirinn agus go bhfuil an tír mar cheannaire na hEorpa maidir le leasúchán fioscach.

Dar leis, níor cheart glacadh go ró-dáiríre le tuairimí na ngníomhaireachtaí rátála cosúil le S&P.

I gcomhréir leis an nuacht dhearfach seo, tá Banc Uladh ag tuar fáis d'eacnamaíocht na hÉireann, agus iad ag déanamh athbhreithniú ar a réamhaisnéis eacnamaíochta don bhliain seo.

***Anailís ar eacnamaíocht na tíre agus ar na deacrachtaí le Banc Angla-Éireannach le Conall Ó Móráin ar l. 13.***

# Comhghuaillíocht as an ghnáth

Tá comhghuaillithe nach mbeifeá ag dúil leo sa bhfeachtas in éadan carrbhealach dúbailte an A5 sa Tuaisceart. Sin iad na feirmeoirí agus feachtasóirí comhshaoil.

**Anton Mac Cába**

IS é an A5 an chuid sa tuaisceart den bhóthar ó Bhaile Átha Cliath go Doire agus tuaisceart Dhún na nGall. Ba sna 1960í a tógadh cuid mhaith den bhóthar idir an teorainn ag Achadh na Cloiche agus Doire. Tá píosaí ann atá fiú níos sine ná sin. Aithníonn chuile duine nach bhfuil an bóthar mar atá anois sásúil.

Beidh an carrbhealach dúbailte ar an tionscadal bóthair is mó riamh sa Tuaisceart. Beidh sé 55 míle ar fad. Cosnóidh sé £800 milliún (€977 milliún). Díolfaidh rialtas an deiscirt €390 milliún de seo. Is ionann sin agus an leath-chuid den bhuiséad ar thógáil bóithre don bhliain seo chugainn. Go dtí seo, díoladh £15 milliún (€18.3 milliún) le sainchomhairleoirí, gan obair ar bith ar an bhóthar féin tosaithe.

Mar a bheifeá ag súil leis sa tuaisceart, tagann cúrsaí polaitiúla isteach ann. Tá an dá pháirtí náisiúnacha, Sinn Féin agus an SDLP, go láidir i bhfabhar an bhóthair. Tá Conor Murphy ó Sinn Féin ina Aire Forbartha Réigiúnda, an tionscadal mar chúram ag roinn s'aige. Dúirt Pat Doherty, feisire Shinn Féin Iarthar Thír Eoghain, gur "tosaíocht straitéiseach" atá ann. Dar le Tom Elliott, Aontachtach Ultach agus Comhalta den Tionól Reachtach, is leor uasghrádú ar an bhóthar mar atá anois.

Éiríonn an pholaitíocht níos casta fós. B'aire Aontachtach a dhruid an bóthar iarainn ó Phort an Dúnáin go Doire i 1965. Tá anois Aontachtaigh i bhfabhar bóthar iarainn a oscailt arís. Is feachtasóir iontach gníomhach ar a shon seo é John Laird, Aontachtach Ultach. De réir taighde a rinne an feachtas in éadan an A5, is ó thuaidh atá an caiteachas is lú in aghaidh an duine san Eoraip ar bhóithre iarainn, €54 milliúin.

Tá ceisteanna ann maidir le húsáid acmhainní. Osclaíodh seachbhóthar an Bhaile Nua i dTír Eoghain in 2002. Osclaíodh seachbhóthar an tSratha Bháin in 2003. Osclaíodh an chuid dheireanach de sheachbhóthar na hÓmaí in 2006. Tá an bóthar nua le hoscailt in 2015; beidh na seachbhóithre seo iomarcach ansin.

Tá ceisteanna timpeallachta ann. Slogfaidh an bóthar 4,000 acra talún. Den chuid is mó is talamh méith seo, chomh torthúil agus atá sa tír. Scarfaidh an bóthar feirmeacha. Rachaidh sé fá 50 méadar de Chaisleán Annraoi Aimbréidh Uí Néill ag an Bhaile Nua, caisleán a thóg taoiseach Gaelach sa 14ú céad. Tá imní ar áitritheoirí faoin suaitheadh a thiocfaidh leis an obair thógála.

Tá John Dunbar ón mBaile Nua ina urlabhraí ag an Alternative A5 Alliance. Tá feirm s'aige sa teaghlach le 200 bliain; scarfaidh an bóthar nua é. "Tá sé iomarcach ar fad, agus cuirfidh sé isteach go mór ar an phobal," ar seisean. "Leanfaidh an tógáil ar feadh roinnt blianta, agus cuirfidh sin isteach ar dhaoine chomh maith, beidh salachar ar fud na háite, agus truailliú." Dar leis nach ndearna na pleanálaithe machnamh mar ba cheart.

Dúirt Molly Walsh ón gCampa Clíoma nach bhfuil carranna ag 28% de phobal Dhoire. "Ní bheidh maith ar bith sa bhóthar nua dóibh, ach tig le duine ar bith dul ar thraein," ar sise. "Tá an dá rialtas ag ligint orthu go dtugann siad tacaíocht d'inbhuanaitheacht. Téann seo glan ina éadan sin."

## Scamall Dubh thar Chontae Chiarraí

**Treasa Bhreathnach**

MARAÍODH ceathrar ógánach i dtimpiste bhóthair thragóideach in aice le Cill Airne i gContae Chiarraí an tseachtain seo.

Is iad David Breen (17), a dheartháir Kevin (15), Áine O'Riordan (15) agus Brian Coffey (19) a maraíodh. Tá buachaill óg eile 16 bliain d'aois fós san ospidéal agus é i staid chobhsaí.

Tharla an timpiste ar an mbóthar N72 idir Cill Airne agus Mala i gCorcaigh maidin Dé Céadaoin ag timpeall 7.10rn. Tuigtear go ndeachaigh an carr as smacht ag casadh sa bhóthar agus gur bhuail siad crann dair. D'fhreastail ceithre otharcharr ar shuíomh na timpiste agus d'oibrigh suas le 15 fear múchta dóiteán le chéile chun iarracht a dhéanamh na déagóirí a ghearradh ón gcarr.

Dúirt an tAthair Kevin McNamara, sagart paróiste a raibh aithne aige ar chuid de na déagóirí agus a bhí i láthair ag an suíomh ó timpeall 7.30rn ar an gCéadaoin, 'bhí na criúnna éigeandála ag obair i lár treascrach cainte.' Dúirt sé chomh maith 'Tá dorchadas agus brón timpeall na háite, agus fíorphian mar gheall ar an gcaillteanas saoil seo.'

Aistreofar coirp Kevin agus David Breen ó theach na marbh O'Shea go dtí Ardeaglais Naomh Muire i gCill Airne inniu ag 6.30in. Aistreofar corp Áine O'Riordan óna teach cónaithe in Oileán Ciarraí go dtí a séipéal áitiúil i gcomhair aifrinn ag 11rn. Ní raibh aon socruithe sochraide déanta i gcomhair Brian Coffey agus muid ag dul i gcló.

# Éisteacht phoiblí eile in Iorras

## Leanann an chonspóid faoi phíblíne gáis na Coiribe ar aghaidh

**Danny Brown**

CUIREADH tús i mBéal an Mhuirthead Dé Máirt le héisteacht phoiblí phleanála eile maidir le cead pleanála do phíblíne chonspóideach gáis de chuid Shell.

Seo an tríú hiarracht ag an chomhlacht mór idirnáisiúnta cead pleanála a fháil le píopa faoi ard-bhrú a chur trí thalamh in aice le Ros Dumhach agus, de réir cosúlachta, níor bhog siad chun tosaigh ar chor ar bith ó thaobh muintir na háite a mhealladh i dtreo glacadh leis an phíopa, ná leis an obair atá ag dul ar aghaidh i Sruth Fada Con fá láthair.

Ta cead acu don scaglann i mBéal an Átha Buí, atá chóir a bheith críochnaithe, agus tá an píopa ón tobar amuigh san Atlantach go dtí béal Shruth Fada Con ach tá conspóid go fóill faoin chuid den phíopa ata beartaithe le dul idir an dá chuid sin.

Sa bhliain 2002 chuir Shell iarratas isteach leis an phíblíne a thógáil ar talamh ar bhruach na locha ach sheas muintir na háite ina n-éadan.

Cuireadh cúigear fear chun an phríosúin an t-am sin agus, arís in 2009, d'iarr siad cead do phlean leasaithe don phíblíne ach dhiúltaigh an Bord Pleanála glacadh leis de thairbhe gur chreid siad go raibh barraíocht contúirte ag baint leis.

Ag an éisteacht Dé Máirt, thosaigh an chonspóid arís idir cuid de mhuintir na háite agus ionadaithe Shell.

Bhí ar chathaoirleach na héisteachta, Martin Nolan, a éileamh go mbeadh gach ceist scríofa nuair a thug Maura Harrington dúshlán an rialaithe.

Ta sé soiléir fosta go mbeidh sé ina raic idir an dá thaobh nuair a rachaidh an éisteacht ar aghaidh go dtí an obair atá ag dul ar aghaidh ar bhonn leanúnach ag Gleann gCad.

Tá an ceantar sin mar chuid den phlean atá á phlé ag an éisteacht agus tá cuid de mhuintir na háite feargach go bhfuil obair dhruileála ag dul ar aghaidh ann fiú nuair atá an éisteacht i mbun gnó.

Is Limistéar Caomhantais Speisialta é Gleann gCad agus tá tástáil ar siúl ann fá láthair, cé go mbíonn daoine ón champa tacaíochta ag cur baic ar an obair sin chomh minic agus is féidir leo.

Fuair an éisteacht 80 aighneacht, idir thuairimí agus ghearáin, faoin phlean úr agus meastar go mairfidh sí coicís agus nach ndéanfar cinneadh ar an iarratas pleanála go dtí deireadh na bliana.



Píblíne gáis na Coiribe ag sleamhnú as radharc faoi uisce, níl an chonspóid faoin phíblíne ag sleamhnú as radharc go fóill áfach. PIC: EAMONN FARRELL/PHOTOCALL IRELAND.

# Fear Chréafóg Thoraigh marbh

**Eoin Mac Garvey**

FUAIR an fear ar oileán Thoraigh a raibh créafóg an oileáin (Tory Clay) go mór luaite leis bás an tseachtain seo caite i ndiaidh tinneas measartha gairid.

Bhí iomrá mór ar Philip Ó Dúgáin, 86, as a bheith ag cur Chréafóg Thoraigh ar fáil, ní amháin go háitiúil ach go náisiúnta agus fiú go hidirnáisiúnta.

Tá iomrá ar Chréafóg Thoraigh le fada an lá, créafóg a tháinig as uaigheanna seachtair a fuarthas marbh i gcurach a tháinig i dtír ar an oileán blianta fada ó shin.

Creideann go leor go bhfuil an chréafóg seo in ann daoine atá ag dul chun na farraige a choinneáil sábháilte má bhíonn sé á iompar acu.

Deirtear chomh maith go bhfuil sé in ann luchóga móra a choinneáil ar shiúl má bhíonn sé coinnithe i dteach nó fiú scaipthe ar an talamh thart fán teach.

Tuairiscítear nach raibh luchóga móra i dToraigh riamh de bharr an oiread créafóige atá san oileán.

Bhí an onóir ag Philip an chréafóg a dháileadh mar gurbh é an Dúgánach ba shine san oileán.

Anois is é Willie Ó Dúgáin as Baile Thiar i dToraigh a bheas freagrach as.

Cuireadh Philip Ó Dúgáin ar an oileán. Maireann a bhean chéile Róise agus a mhac Pádraig.

## Ár Réaltaí Raidió



Láithreoirí RTÉ Raidió na Gaeltachta, (ó chlé) Eibhlín Ní Chonghaile, Cormac Ó hEadhra, Seán Bán Breathnach agus Jó Ní Chéide a bheas le cloisteáil arís ar an aer ar an stáisiún san fhómhar seo.

**Cúrsa Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) 2010 – 2012**

**Mar adeir ár gcuid mac léinn:** *'cúrsa thar barr ... spreagúil ... nuálaíoch ... ceannródaíoch ... scileanna tábhachtacha i gcomhthéacsaí oibre ... teastaíonn an Ghaeilge ghairmiúil'*

Tá Roinn na Nua-Ghaeilge ag tairiscint Cúrsa Dioplóma páirtaimseartha sa Ghaeilge Fheidhmeach (Leibhéal 7) a mhairfidh ar feadh dhá bhliain. Is é príomhaidhm an chúrsa oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na mac léinn a fhreastalóidh ar an gcúrsa a ngnó gairmiúil a chur i gcrích go héifeachtach agus go tuisceanach trí mheán na Gaeilge. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 curtha i bhfeidhm go hiomlán agus is tábhachtaí ná riamh an dioplóma seo sa chomhthéacs sin. Cuirfear an cúrsa ar siúl ar an gcoinníoll go gcuirfidh dóthain iarratasóirí isteach air.

**Caighdeán Iontrála:** Ní mór caighdeán iontrála nach lú ná caighdeán ghrád D/D3 sa Ghaeilge i scrúdú na hArdteistiméireachta ardleibhéil a bheith bainte amach ag iarratasóirí. D'fhéadfadh an Chomhairle Acadúil glacadh leis le daoine lánfhásta a mbeadh cothrom chaighdeán an mháithreánaigh bainte amach acu. Fáilteofar roimh mhic léinn fochéime chomh maith.


**Costas:** Is í an **táille laghdaithe don chéad bhliain (10/11) €900.**

**Eolas Breise:** **Oifig na Gaeilge Labhartha,**
**Seomra G02, Áras Uí Rathaille, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
*Guthán:* **021-4902314**, *Facs:* **021-4903329**
*Ríomhphost:* **g.labh@ucc.ie**

**Ná dein a thuilleadh moille! Cuir isteach air inniu!**
Is é an **dáta deireanach** ar a nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe
**Déardaoin, 16 Meán Fómhair 2010**

# Comhcheilg Chlóidí Nochtaithe

Glacann an eaglais le tuarascáil an Ombudsman ach deir siad nár chuir siad bac ar bith ar ghabháil agus ceistiú Chesney



**Danny Brown**

TÁ sé ráite ag Ombudsman Póilíneachta Thuaisceart Éireann, Al Hutchinson, gur dócha go raibh sagart Caitliceach i gceannas ar an scuad as an IRA a leag buamaí i gClóidigh, Contae Dhoire sa bhliain 1972.

Maraíodh naonúr san ionsaí marfach ar an tsráidbhaile beag an 31 Iúil 1972, an lá céanna gur chuir Arm na Breataine tús le Operation Motorman agus sé mhí i ndiaidh Dhomhnach na Fola i nDoire.

Dúirt Hutchinson go raibh sé soiléir go raibh comhpháirtíocht idir an RUC, an Eaglais Chaitliceach agus rialtas na Breataine le gan tuilleadh eolais a chuartú maidir leis an tsagart, James Chesney, agus an pháirt a bhí aige sna buamaí.

Tháinig sé chun solais blianta i ndiaidh na heachtra go raibh cainteanna idir Willie Whitelaw, Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann ag an am, agus an Cairdinéal William Conway ach Dé Máirt na seachtaine seo léirigh tuarascáil Hutchinson go ndúradh le bleachtaire de chuid an RUC a bhí ag iarraidh Chesney a cheistiú go raibh rudaí "idir lámha" ag na húdaráis.

De réir na tuarascála, scríobh oifigeach as Oifig Thuaisceart Éireann chuig an RUC, ag rá go raibh Whitelaw i dteagmháil le Conway agus gur chuir sé a "dhéistin" in iúl don Chairdinéal.

Sna cainteanna sin, dúirt an Cairdinéal go mbeadh an Eaglais sásta an sagart a bhogadh chuig paróiste i gContae Dhún na nGall.

Dúirt Sir Graham Shillington, Ard-Chonstábla an RUC ag an am, gurbh fhearr leisean dá n-aistreofaí é go Tiobraid Árann.

Sa deireadh, aistríodh an tAth. Chesney go Ceann Málainne in Inis Eoghain agus fuair sé bás ansin den ailse sa bhliain 1980.

Dúirt Hutchinson nach ndearna an RUC fiosrúchán ceart ar eachtraí an lae de bharr cinntí a rinneadh maidir leis an Ath. Chesney agus go raibh muintir Chlóidigh agus pobal na tíre uilig thíos leis.

Cé gur aithin an tuarascáil go mbeadh sé deacair ag an am sagart a ghabháil agus a cheistiú maidir leis na buamaí, dúirt Hutchinson go raibh impleachtaí tromchúiseacha leis an chinneadh gan sin a dhéanamh.

Ghabh rialtas na Breataine leithscéal oifigiúil Dé Máirt i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála agus dúirt go raibh cuid de na cinntí a rinneadh ag an am "contráilte".

Shéan urlabhraí don Eaglais Chaitliceach go ndearna siad forcheilt ar an pháirt a ghlac an tAth. Chesney sa bhuamáil.

De réir preasráitis a d'eisigh an Cairdinéal Seán Brady agus Séamus Hegarty, Easpag Dhoire, ghlac siad leis an tuarascáil ach dúirt siad nár chuir an Eaglais bac ar bith ar ghabháil agus ceistiú Chesney.

Dúirt Mark Eakin, Protastúnach a gortaíodh agus a chaill a dheirfiúr Kathryn i gceann de na pléascáin, go raibh trua aige do na híobartaigh Chaitliceacha mar go raibh sé soiléir anois go raibh baint ag sagart leis an bhuamáil.

Dúirt Hutchinson ag preasagallamh i ndiaidh fhoilsiú na tuarascála go raibh fianaise ag lucht eolais Arm na Breataine gur lean Chesney lena bhallraíocht den IRA i ndiaidh dó bogadh go hInis Eoghain agus sin ceann de na rudaí is mó atá ag cur isteach ar na daoine a chaill daoine muinteartha leo sa bhuamáil.

Tá sé iarrtha ag cuid de na teaghlaigh a chaill daoine sna pléascáin ar an rialtas fiosrúchán nua cuimsitheach a chur ar bun le fáil amach cé ba chiontach as an bhuamáil.

Ach dúirt Edward Daly, a bhí ina easpag ar Dhoire idir 1974 agus 1993, nár ghlac sé leis go raibh Chesney ciontach as an bhuamáil.

Dúirt Daly go raibh cainteanna aige le Chesney i 1974 agus i 1977 agus gur admhaigh an sagart go raibh bá aige le cúis na bPoblachtóirí ach gur sin an méid a bhí i gceist leis.

Bhí a pháirt sa bhuamáil séanta aige roimhe sin nuair a labhair sé le Neil Farren, a bhí ina Easpag roimh Daly.

Go dtí seo, níor cúisíodh aon duine as an bhuamáil.

## "Níor chuala me trácht riamh ar ainm an Athar Chesney": Iar-bhall den IRA

**Meadhbh Ní Eadhra**



DEIR Shane O'Doherty, iarbhall den IRA a chaith blianta sa phríosún agus fear a bhí anghníomhach i gceantar Dhún na nGall agus Dhoire sna seachtóidí, nár chuala sé trácht ar ainm an tsagairt James Chesney go dtí gur luadh sna meáin é.

"Bhí ról lárnach agamsa i ngníomhachtaí an IRA le linn na tréimhse sin," ar sé. "Níor chuala me trácht riamh ar ainm an Athar Chesney ná ar ainm sagairt ar bith eile a bhí páirteach in ionsaithe. Tá éagóir uafásach á déanamh ar an Athair James Chesney. Deir sé i dtuairisc an Ombudsman nach bhfuil fianaise ar bith ann ina aghaidh. Is deis é seo do dhílseoirí an "boot" a chur san eaglais Chaitliceach, go háirithe i ndiaidh an chaint ar fad faoi na hionsaithe gnéis ar pháistí. Níl aon bhunús ann le bheith ag cur rud mar seo i leith an Athar Chesney."

"An IRA a rinne na hionsaithe, is léir sin," ar sé, "Ach níl na sonraí cearta ar eolas ná luaite sa tuairisc. Ní chreidim focal d'fhaisnéis na bpéas, mar a thugann siad air. Is aisteach an rud é go bhfuil na meáin ag glacadh le tuairiscí faisnéise mar fhianaise chrua. Tá sé náireach."

Tuairiscíodh freisin gur chuir beirt bhall den IRA a bhí páirteach sa bhuamáil lámh ina mbás féin.

"Seans ar bith," a deir O'Doherty. "Níl bunús ag baint leis na ráflaí seo go léir. Tá daoine ag cumadh scéalta agus tá na meáin ag glacadh leo, rud nár cheart dóibh a dhéanamh."

## Fón shaoririseora gafa ag an PSNI

**Anton Mac Cába**

RINNE Ceardchumann Náisiúnta na nIriseoirí (NUJ) gearán oifigiúil mar gur ghabh na péas fón póca Eamonn McDermott, saoririseoir i nDoire.

Bhí na péas ag fiosrú ionsaithe buamála a rinne an Fíor-IRA.

Dúirt Eamonn McCann, ball de Choiste Gnó an cheardchumainn, go raibh seo ag cur iriseoirí faoi bhagairt. "Ní faoi iriseoirí atá sé obair na bpéas a dhéanamh," ar seisean. "Caithfidh iriseoirí teagmháil bheith acu leis na daoine seo."

Níos luaithe i mbliana, mharaigh an Fíor-IRA i nDoire Kieran Doherty, iarchomhalta. Léiríonn sin go maródh siad iriseoir dá mbeadh siad den bharúil go raibh sé ag comhoibriú leis na péas.

Dúirt McDermott go bhfuair sé glaoch gutháin mí Mheán Fómhair anuraidh ón bhFíor-IRA, faoi ionsaí a rinneadh. Thug sé ráiteas do na péas faoi seo ag an am. Iarradh air dul chuig na péas arís Déardaoin seo caite. Cuireadh ceisteanna air faoi fhear amháin. Shéan sé gurbh é an fear sin a rinne an glaoch. "Ag an deireadh, d'iarr siad fón s'agam," ar seisean. "Ghlaoigh mé ar mo dhlíodóir. Dúirt seisean nach dtiocfadh leo é a dhéanamh ach le barántas. Thóg siad ceann amach, b'éigean dom é a thabhairt dóibh."

Dar le McDermott go bhfuil imeaglú ar siúl ag na péas: "Má bhíonn baint ar bith agat leis na daoine seo (poblachtaigh easaontacha), beidh na péas sa mhullach ort."

Tá liosta a chuid teagmhálacha anois ag na péas: "Dála iriseoir ar bith eile, tá teagmhálacha agam nár mhaith le Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann go mbeinnse ag caint leo."

Mar shaor-iriseoir, is é an fón an uirlis is tábhachtaí aige. De bharr brú ón gceardchumann, thug na péas an cárta SIM ar ais dó. Ach bhí air fón nua a cheannach. Tá daoine nach bhfuil ábalta teagmháil a dhéanamh leis, mar nach bhfuil an uimhir nua acu

# An Fhrainc ag taoscadh uisce faoi oighear

Treasa Bhreathnach

TÁ an Fhrainc ag tosú ar loch oighearshrutha i réimse Alpach shléibhte Mont Blanc a thaoscadh (drain). Táthar ag iarraidh pobail na mbailte beaga sa ngleann faoin sliabh a chosaint ó bhaol tuilte. Tá an loch seo lonnaithe 3,200 méadar in airde.

Dhoirt oibrithe uisce te ar an oighear chun poll a dhéanamh ann sa chaoi gur féidir leo caidéal (pump) a chur ann chun an t-uisce a shileadh ón loch.

Má phléascann an t-uisce sa loch, atá faoi bhrú ollmhór ón oighearshruth, beidh bagairt ann do bhreis is 900 clann sa ngleann.

Rinneadh an taoscadh ar an 65,000 méadar ciúbach uisce roinnt seachtainí ó shin agus tá roinnt de mhuintir na háite tar éis bogadh amach as an gceantar de bharr na bagartha.

Is fiú 26 linn snámha Oilimpeach an méid uisce a scaoilfear ón oighearshruth. Deirtear gurb é an chéad chúpla méadar ciúbach is dainséaraí agus is tábhachtaí agus iad ag iarraidh cosúlacht an 'bhrúbhruthaire' (pressure-cooker) a sheachaint.



Tá sé i gceist trí chaidéal níos cumhachtaí a seachadadh chuig an togra go luath. Beidh 15 oibrí ag obair ar feadh 24 uair a chloig in aghaidh an lae go dtí mí Dheireadh Fómhair ar a laghad agus iad ag iarraidh an loch a thaoscadh. Beidh na hoibrithe ag codladh ar an sliabh agus iad faoi chúram treoraí sléibhe.

Chuir eolaithe na húdaráis áitiúla ar an eolas faoin uisce faoi thalamh agus ó shin i leith tá córas rabhcháin curtha i bhfeidhm acu de bharr an bhaoil tuile. Má fhuaimníonn an córas rabhcháin tá idir 10 agus 30 nóiméad ag muintir an cheantair a dtithe a fhágáil.

Is ionad saoire sciála é Saint-Gervais-les-Bains agus i gceann timpeall míosa tá gach baol ann go dtosóidh an sneachta, rud a chiallóidh go mbeifear ag obair faoi bhaol maidhm shléibhe chomh maith. Cosnóidh an togra seo suas le €2 mhilliún.

Bhí pléascadh i 1892 ó loch den chineál seo. Mharaigh sé 175 duine agus is beag nár cuireadh den saol baile beag Bionnay.

# Dúnmharú fir a cheaptar a bhí fostaithe le MI6

Treasa Bhreathnach

TÁ tuilleadh tástála le déanamh ar chorp a fuarthas stuáilte i mála infheidhme i bhfolcadh ina árasán i lár Londan an tseachtain seo.

Rinneadh scrúdú iarbháis ar chorp an fhir Dé Céadaoin seo caite, bhí sé neamhchonclúideach ach tá rialú déanta nach bhfuair sé bás de bharr é a bheith sáite.

Bhí Gareth Williams ó Anglesey sa Bhreatain Bheag 30 bliain d'aois agus ceaptar gur oibrigh sé le MI6 mar oifigeach cumarsáide.

Ní dheimhníonn MI6 a bhfostaithe riamh ach is leo an t-árasán ina raibh an fear ina chónaí. Tá Póilíní Londan ag ceapadh go raibh dálaí amhrasacha ag baint le bás an fhir. Rinne Roinn Gnóthaí Eachtrannacha na Breataine iarracht teacht ar Gareth Williams trína thiarna talún ach nuair nach raibh siad in ann teacht air, bhris póilíní isteach ina árasán tar éis go ndúirt a chomhghleacaithe nach bhfacthas é le 10 lá.

Deir bleachtairí atá i mbun an fhiosrúcháin go bhfuil gach seans ann gur maraíodh é suas le coicís ó shin. Tá na bleachtairí i mbun fiosrúcháin ar shaol pearsanta an fhir chomh maith agus táthar ag iarraidh a chinntiú an raibh sé ina thrasfheisteoir rúnda agus an é gur mharaigh a leannán é.

Fuair siad a fhón soghluaiste agus roinnt cártaí SIM leagtha amach go cúramach in áit eile san árasán. Fuair siad éadach mná san árasán chomh maith a bheadh an méid ceart do Gareth agus bhí sé aitheanta i gclubanna aeracha sa chathair.

Deir siad chomh maith nach féidir gur maraíodh é de bharr a chuid oibre.

# Éigniú i bPoblacht an Chongó

Treasa Bhreathnach

D'FHÓGAIR na Náisiúin Aontaithe le déanaí gur éigníodh ar a laghad 154 bean agus páiste Congólach idir an 30ú Iúil agus an 2ú Lúnasa i 13 baile sa stát Kivu Thuaidh i bPoblacht an Chongó.

Léirigh Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, Ban Ki-moon, a uafás i leith an scéil agus tá a Ardrúnaí Cúnta d'fheachtais síochánaíochta seolta aige chuig Poblacht an Chongó chun an tuairisc a fhiosrú agus pleananna a dhéanamh le stop a chur lena leithéid tarlú arís.

Tuigtear gurbh iad an Míliste Mia Mia agus fórsaí Ruandacha Hutu a d'ionsaigh agus a d'éignigh na mná agus buachaillí óga cúpla míle ó bhunáit síochánaíochta na Náisiún Aontaithe.

Deir Roger Meece, ionadaí speisialta na Náisiún Aontaithe, nach ndearna muintir na mbailte aon tuairisc mar gheall ar na héignithe ar feadh tréimhse choicíse. Tar éis dóibh eolas a fháil ar na hionsaithe sheoladar foirne cosanta agus cearta daonna chuig na bailte. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá ag ofráil tacaíochta do na Náisiúin Aontaithe ina dtroid i gcoinne foréigean gnéasach i bPoblacht an Chongó.

# Coirp á n-aimsiú i Meicsiceo gan na baill ghiniúna ná corrmhéara

Treasa Bhreathnach

D'AIMSIGH saighdiúirí cabhlaigh Mheicsiceo 72 corp ag rainse i stát Tamaulipas de Mheicsiceo an tseachtain seo, 58 fear agus 14 bean.

Níor ainmníodh na coirp agus níl sé soiléir cén fáth gur maraíodh iad, cé go bhfuil cáil ar an stát ina bhfuarthas iad de bharr an chogaidh fhoréignigh dhrugaí atá á scoilteadh le roinnt míonna anuas.

Tá meáin chumarsáide Mheicsiceo ag tuairisciú gur imircigh ó Mheiriceá Láir agus ó Mheiriceá Theas atá i gceist ach níl údaráis Mheicsiceo sásta aon ráiteas a dhéanamh ná soiléiriú a dhéanamh ar cé atá marbh.

Is de bharr tréan-bhabhta lámhaigh (shoot-out) a aimsíodh na coirp, agus cé go gcuirtear na seanscannáin buachaillí bó i gcuimhne duit nuair a chloistear na focail tréan-bhabhta lámhaigh, bhí an toradh i bhfad níos réadúla sa chás seo.

Lean saighdiúirí cabhlaigh Mheicsiceo, le tacaíocht ó héileacaptar, fear a bhí gortaithe go dtí gar do chathair San Fernando, 80 míle ó dheas de theorainn Texas. Nuair a shroich na saighdiúirí cabhlaigh an fear, thosaigh roinnt fear ag lámhach leo agus d'fhreagair na saighdiúirí cabhlaigh iad.

Maraíodh saighdiúir cabhlaigh amháin agus triúr gunnadóir. D'éirigh leis na saighdiúirí cabhlaigh duine amháin, a cheaptar a bheith faoi aois, a ghabháil ach d'éirigh leis na gunnadóirí uile eile nár maraíodh éalú.

Fuair na saighdiúirí cabhlaigh an 72 corp tar éis dóibh an suíomh a chuardach chomh maith le 21 raidhfil, timpeall 6,600 urchar, agus ceithre fheithicil, ceann acu sin le marcanna na Roinne Cosanta air.

Ní hé seo an chéad uaigh ollmhór atá faighte ag údaráis Mheicsiceo, fuaireadar 55 corp taobh amuigh de mhianach i mí an Mheithimh agus 51 corp i mí Iúil.

Meastar go bhfuil suas le 28,000 duine maraithe ón uair a thosaigh an cogadh drugaí i Meicsiceo in 2006.

Fuarthas ceithre chorp gan chloigeann an deireadh seachtaine seo caite, a gcuid baill ghiniúna agus a gcorrmhéara gearrtha díobh agus iad crochta bun os cionn ó dhroichead taobh amuigh de chathair Mheicsiceo. Bhí beirt chorp eile crochta ón droichead céanna ar an Mháirt seo caite.

Deir uachtarán na tíre, Calderon, "tá gan seans ann go mbeidh tuilleadh fola doirte ach is comhartha é go bhfuil na cairtéil scanraithe."

Tá níos mó ná 45,000 trúpaí seolta ag Calderon chun an cairtéal a throid agus na mílte póilín. Tá tacaíocht airgeadais na milliún dollar Meiriceánach ag Calderon chun deireadh a chur leis an gcairtéal.

Mar nóta scoir, ní hamháin go bhfuil Meicsiceo sna meáin an tseachtain seo de bharr fhoréigean na tíre, ach bhuaigh Miss Meicsiceo Jimena Navarrete Miss Universe an tseachtain seo chomh maith.

COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ
CORK CITY COUNCIL

AIGHNEACHTAÍ Á LORG
ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003 –
TARNA DRÉACHT SCÉIM Á hULLMHÚ

Tá sé i gceist ag Comhairle Cathrach Chorcaí a tarna scéim a dhréachtadh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bun-chuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeidh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeidh siad ar chaighdeán níos airde.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréacht-scéime á lorg ag Comhairle Cathrach Chorcaí anois ó aon pháirtithe leasmhara. Ba cheart nach rachadh na haighneachtaí sin thar 4,000 focal (c. 8 leathanach). Ba cheart freisin, go hinmhianaithe, aighneachtaí a sheoladh isteach go leictreonach chuig gaeilge@corkcity.ie. Is féidir aighneachtaí a sheoladh sa phost chuig: **An tOifigeach Cumarsáide agus Gaeilge, Comhairle Cathrach Chorcaí, Halla na Cathrach, Corcaigh.**

Is é an dáta deireanach d'aighneachtaí a bheith faighte ná: 5.00 i.n. Dé hAoine 17 Meán Fomhair 2010.

Tá a thuilleadh eolais faoin Acht ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag **www.pobail.ie**. Tá Cóip de Scéim Teanga an Chomhairle 2007-2010 le fáil ar súiomh idirlín an Chomhairle **www.corcaigh.ie** faoi "Publications".

**Seosamh Ó Gabháin,**
**Bainisteoir na Cathrach**

REQUEST FOR SUBMISSIONS
OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003 - PREPARATION
OF A SECOND DRAFT IRISH LANGUAGE SCHEME
FOR CORK CITY COUNCIL

Cork City Council proposes to draft its second Irish Language Scheme in accordance with Section 11 of the Official Languages Act 2003. The primary objective of the Act is to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish.

Cork City Council now wishes to invite representations in relation to the preparation of the draft scheme from any interested parties. Submissions should ideally not exceed 4,000 words (c. 8 pages). Where possible submissions should be forwarded electronically to gaeilge@corkcity.ie. Alternatively they may be posted to **The Communications and Irish Officer, Cork City Council, City Hall, Cork.**

The latest date for receipt of representations is: 5.00 p.m. Friday September 17th 2010.

Further information in relation to the Act is available on the Department of Community, Rural & Gaeltacht Affairs website **www.pobail.ie.** A copy of Cork City Council's Draft Scheme 2007-2010 may be viewed at Cork City Council's website **www.corkcity.ie** under "Publications".

**Joe Gavin,**
**City Manager.**

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Lúnasa, 2010

Tuairisc Spéisialta

# Leabhar Beo an Dufaire

Ní minic a thagann dea-scéal as dufair na hAmasóine, ach chuir beirt fhear leighis ó threibh na Huni Kuin iontas ar **Alex Hijmans** faoina dtogra nua a chaomhnóidh fios feasa na mbundúchasach dá sliocht - agus don chuid eile den domhan.

FEAR óg gealgháireach nach bhfuil cúig throigh féin ar airde é Isaka. Tá an chuma air go bhfuil sé thart ar chúig dhéag. Is ar éigean go bhfuilim in ann m'iontas a cheilt nuair a deir sé liom go bhfuil sé ocht mbliana fichead d'aois. Dealraíonn sé gur bia-aiste nádúrtha dhufair na hAmasóine is cúis leis an gcuma óg atá air.

Tá roic in aghaidh Inka Muru, athair Isaka, ach níl oiread is ribe liath ina chuid gruaige. Thabharfá leathchéad dó, b'fhéidir, in ionad na gcúig bliana is trí scór atá air. Is é Inka Muru an fear leighis agus an ceannaire pobail is aitheanta dá bhfuil ag an treibh.

Cónaíonn na Huni Kuin ("Na Fíordhaoine" ina dteanga féin) sa stát is faide siar sa Bhrasaíl, Acre, ar theorainn Pheiriú. Ar an taobh Brasaíleach den teorainn, tá breis is dhá mhíle Huni Kuin ag cur fúthu sa 32 baile bundúchasach atá ag an treibh ar a tearmann féin, atá chomh mór le Contae Átha Cliath. Tá cónaí ar thimpeall is dhá mhíle eile ar thaobh Pheiriú den teorainn.

Tá an t-ádh ar Isaka agus Inka Muru go bhfuil cónaí orthu i gceann de na bailte is gaire do bhóthar agus aerfort: idir bhád, bhus agus eitleán níor thóg sé ach dhá lá orthu cathair Salvador, atá 4,000 míle ó thearmann na Huni Kuin, a bhaint amach. Casaim leo ag taispeántas a dtogra Livro Vivo ("Leabhar Beo") atá á eagrú agus á airgeadú ag an eagraíocht forbairt phobail AMEI, atá lonnaithe i Salvador.

Ar dtús, dírím mo chuid cainte ar Isaka, ag ceapadh go mbeidh Portaingéilis níos fearr ag an leaid óg ná mar atá ag a athair. Botún mór! Labhraíonn an seanfhear Portaingéilis mhaith, ach tá tuiscint a mhic ar an teanga bunúsach go leor. Ag pointe amháin inár gcomhrá, cuireann Isaka ceist ar Ricardo Pamfilio, ón eagraíocht AMEI, "Ricardo, céard é 'caomhnú'?" Mar iriseoir a chaith na blianta ag tuairisceoireacht faoi chúrsaí mionteanga, bhí m'aird meallta. Beag baol go gcasfaí fear óg ort sa Ghaeltacht a bhfuil a chuid Béarla níos laige ná Béarla a athar.

Míníonn Inka Muru dom cad is cúis leis an difear mór idir a chumas féin i dteanga an fhir bháin agus cumas a mhic.

"Nuair a bhí mise óg, bhí cúrsaí an-difriúil. Ní raibh ár dtearmann féin againn. Bhí lucht an rubair [Brasaíligh gheala a shaothraíonn a gcuid ag baint an sú as crainn rubair sa dufair] de shíor ag déanamh creiche orainn agus ag déanamh sclábhaithe asainn. Fuair m'athair agus mo mháthair bás nuair a bhí mé cúig bliana d'aois. Toisc nach raibh bealach eile agam chun mé féin a bheathú, d'oibrigh mé féin mar sclábhaí do lucht an rubair go dtí go raibh mé ocht mbliana déag. Uathu sin a d'fhoghlaim mé mo chuid Portaingéilise."

Ach i 1985 fuair na Huni Kuin a dtearmann féin, áit nach bhféadfadh lucht an rubair cur as dóibh. Ar an tearmann a d'fhás Isaka aníos, agus níor chuala sé timpeall air ach teanga na treibhe, an Hatxã Kuin ("Fíortheanga".) "Sa lá atá inniu ann, níl ach fíorbheagán Portaingéilise ag formhór na treibhe," a deir Inka Muru. "Ní bheadh mo bhean chéile in ann comhrá a bheith aici leat, mar shampla."

Nuair a chuirim ceist ar an mbeirt an gceapann siad go mairfidh a dteanga agus a gcultúr, breathnaíonn siad orm amhail is gur amadán críochnaithe mé. "Tá ár dtearmann féin againn anois; níl crann ar bith á leagan ar thalamh s'againne. Tá na cathanna sin buaite. An dúshlán atá romhainn anois ná a thaispeáint don chuid eile den tír go bhfuil ár gcultúr agus ár dtraidisiúin beo beathach agus go bhfuil luach ollmhór ag baint leo," a deir Inka Muru.

An mhian sin a spreag togra an "Leabhair Bheo" atá á chur i dtoll a chéile ag na Huni Kuin i gcomhar leis an eagraíocht AMEI.

"Teastaíonn uainn an t-eolas atá againne, fir leighis, a chaomhnú i bhfoirm leabhair ionas nach gcaillfear é. Táimid á chaomhnú dúinn féin, ach táimid sásta é a roinnt leis an gcuid eile den domhan freisin."

Is éard atá sa "Leabhar Beo" ná cur síos ar 371 planda leighis - luibheanna, duilleoga, meacain is araile - atá á n-úsáid ag fir leighis na Huni Kuin leis na mílte bliain. Ní amháin go mbeidh cur síos bitheolaíoch orthu, beidh an stair agus na hamhráin a bhaineann leo sa leabhar, freisin.

"Creidimid gur gaolta dár gcuid a rinne plandaí astu féin iad na luibheanna seo," a mhíníonn Inka Muru. "Rinne siad plandaí leighis astu féin d'fhonn cabhrú linne. Ar an ábhar sin, tá amhráin agus paidreacha ag baint le 'chuile cheann acu, a chaithfear a aithris sula mbaintear na plandaí, chun cead a lorg."

Níl an togra teoranta do leabhar clóite amháin - tá sé 'beo'.

"Beidh DVD le clár faisnéise a rinne muid féin istigh leis, ach is é an rud is tábhachtaí ná go mbeidh an 371 planda seo á dtabhairt le chéile againn i ngairdín leighis den chéad uair riamh. Faoi láthair, tá ort dul amach san fhoraois chun iad a bhailiú. Beidh saotharlann ag an ngairdín freisin - saotharlann bhundúchasach, a fheidhmeoidh mar scoil d'fhir leighis."

Leis sin, táimid tagtha chuig croílár na ceiste. Breathnaítear ar dhufair na hAmasóine go minic mar 'thaisce leighis an domhain', ceantar ina bhféadfadh fáil a bheith ar chúram d'iliomad tinneas agus fadhbanna sláinte. Tá imní ar mhuintir na Brasaíle i gcoitinne go dtitfidh na luibheanna luachmhara seo i lámha mórchomhlachtaí leighis ón iasacht. Anois, den chéad uair riamh, tá bundúchasaigh na dufaire ag glacadh na príomhpháirte sa taighde tábhachtach seo. Luíonn sé le réasún go mbeidh siad na mílte céim chun tosaigh ar thaighdeoirí ón taobh amuigh. Nach iad atá ag obair leis na luibheanna seo leis na mílte bliain?



Luibheanna leighis in úsáid, Cóipcheart: AMEI.



Radharc sráide sa dufair: scáth fearthainne bundúchasach. Ní thugtar foraois bháistí uirthi gan chúis (Cóipcheart: AMEI).



Isaka agus Inka Muru, beirt fhear leighis ó threibh na Huni Kuin.

(PIC. ALEX HIJMANS).

# Iarfhoireann Amárach ag teacht le chéile 30 bliain níos déanaí

**Meadhbh Ní Eadhra**

ATHLÁINSEÁLADH an páipéar Gaeltachta 'Amárach' tríocha bliain ó shin, agus mar cheiliúradh air seo, beidh cuid den fhoireann a bhí bainteach leis an bpáipéar ag teacht le chéile sa Spidéal i nGaeltacht Chonamara oíche amárach.

Beidh an ócáid ar siúl i dTigh Hughes sa Spidéal ó 8.30in ar aghaidh, agus tá fáilte roimh chách.


Tháinig an páipéar amach ar bhonn seachtainiúil go dtí 8ú Iúil 1983, nuair a chuir fadhbanna airgidis deireadh leis. Thosaigh an páipéar amach ar dtús sna 40í, nuair a chuir eagraíocht darbh ainm Muintir na Gaeltachta tús leis, ach nuair a thit an eagraíocht óna chéile, tháinig Peadar Ó Ceallaigh chun tosaigh agus eisean a bhí i gceannas ar an bpáipéar go dtí tús na 70í.

“Páipéar an-bheag a bhí ann ag an am, le ceithre leathanach nó mar sin de,” a deir Paul Drury, nó Pól Mac an Draoi mar a b'fhearr aithne air ag an am, iar-eagarthóir Amárach.

“Cheannaigh Comharchumann Chois Fharraige Amárach ó Pheadar thart ar 1975 agus thriail siad an páipéar a chur i gcló ar feadh tamaill.”

Níor éirigh rómhaith leo, áfach, agus dúnadh sa bhliain 1976 é. Thosaigh an páipéar amach arís i mí Mhéan Fómhair 1980, leis an bhfoireann nua, an chéad fhoireann lánaimseartha a bhí ag an bpáipéar go dtí sin.

Nuair a ceapadh Pól mar eagarthóir ar Amárach, ní raibh sé ach trí bliana is fiche d'aois.


Paul Drury 30 bliain ó shin.


Paul Drury an lae inniu.

“Bhí muid go léir an-óg ag an am,” ar sé. “D'fhoghlaim mé go leor ón tréimhse a chaith mé ag obair le Amárach. Bhí muid an-teoranta ó thaobh airgid de agus ní raibh an t-idirlíon ná na córais ríomhaireachta againn ag an am atá ar fáil anois. Bhí orainn na hailt a chlóscríobh amach agus a ghreamú isteach sna leathanaigh agus ansin cinnteidil a scríobh ar a mbarr.”

Bhíodh Cathal Póirtéir, atá anois ina léiritheoir sinsearach raidió le RTÉ, ag obair mar thuairisceoir le Amárach.

“Bhí sé de nós ag Cathal a chuid alt a chlóscríobh amach agus a chur ar an mbus ó Leitir Ceanainn go Gaillimh,” a deir Paul. “Bhí an-chuid fadhbanna cumarsáide ann tríocha bliain ó shin.”

Ní páipéar náisiúnta a bhí in Amárach. Ag an am, bhí páipéar eile, Inniu, ag feidhmiú mar pháipéar náisiúnta.

“An phríomhdhifríocht idir Amárach agus Gaelscéal nó páipéir eile Ghaeilge ná gur páipéar Gaeltachta a bhí ionainn tríd is tríd,” ar sé.

Dháiltí an páipéar ar na Gaeltachtaí ar fad ach is i gConamara a bhí an páipéar bunaithe agus is ann a bhí an t-éileamh is mó. Deir Paul go raibh sé féin agus Ciarán Ó Finneadha, a bhíodh mar bhainisteoir fógraíochta agus díolacháin ar Amárach, ag caint thart ar sé mhí ó shin agus gur shocraigh siad ócáid a eagrú chun athláinséail Amárach a cheiliúradh.

“Bíonn cuid den fhoireann a bhí ann ag an am fós i dteagmháil lena chéile agus shíl muid gur dheas an rud é teacht le chéile i gceart arís.”

Bhí an-tóir ag léitheoirí Amárach ar cholún darbh ainm Cúlchaint. Paul Drury é féin a scríobh an chuid is mó de sin, agus deir sé gur minic go mbíodh siad ag scríobh faoi chúrsaí polaitíochta agus faoin méid a bhí ar siúl ag Údarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí eile.

“Bhí muid i gcónaí i dtrioblóid leis an Údarás,” ar sé. “Ní raibh cruinnithe an Údaráis oscailte don phreas ag an am agus mar sin rinne muid cinnte de i gcónaí gur scríobh muid faoi gach rud a tharla sna cruinnithe!”

Deir sé gur chlúdaigh Amárach cásanna cúirte i gConamara, cásanna nach raibh á gclúdach ag na páipéir eile ag an am.

Anois agus é ina eagarthóir bainistíochta ar an Irish Daily Mail agus ag obair freisin leis an Mail on Sunday, is léir go bhfuil an-dúil aige san iriseoireacht go fóill.

Tá difríocht mhór idir a bheith ag obair sna meáin Ghaeilge agus sna meáin Bhéarla, agus deir Paul go bhfuil “acmhainní i bhfad níos mó” ag na páipéir Bhéarla a bhfuil sé ag obair leo anois, agus go bhfuil “tionchar níos mó” ag an méid a fhoilsíonn siad ná mar a bheadh ag páipéar Gaeilge.

# Poist úra FnaG do Ghaoth Dobhair

**Danny Brown**

TÁ cúig phost úra á gcruthú i nGaoth Dobhair ag Foras na Gaeilge. Beidh siad lonnaithe sa Chrannóg i Srath na Corcra, foirgneamh de chuid Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair agus beidh siad ag tosú am éigin an mhí seo chugainn.

Dúirt urlabhraí leis an Fhoras go mbeidh siad ag tosú leis na cúig phost lánaimseartha ach go bhfuil súil acu cur leis an méid sin roimh dheireadh na bliana.

Tuigtear do Gaelscéal gur poist a bhaineann le foclóireacht agus le foilsitheoireacht atá i gceist ach go bhfuil seans maith ann go mbeidh poist eile a bhaineann leis an Earnáil Phoiblí agus leis na hEalaíona ag teacht chomh maith.

Ar ndóigh, tá lúcháir ar an Chomharchumann gur éirigh leo na poist a mhealladh chuig an Chrannóg nuair a bhí barúil ag cuid mhaith daoine nach dtiocfadh na poist ar chor ar bith ó tharla an cúlú eacnamaíochta dhá bhliain ó shin.

Dúirt Cathal Ó Gallchóir, bainisteoir na Crannóige, go raibh achan duine sa Chomharchumann iontach sásta go raibh siad ábalta na poist a mhealladh, ní amháin chuig paróiste Ghaoth Dobhair, ach chuig an Chrannóg.

“Bhí ciorruithe anseo cheana féin agus tá daoine ag obair don Chomharchumann trí lá sa tseachtain ach seo deis anois againn an Comharchumann a choinneáil ag gabháil”, a dúirt sé Dé Máirt.

Níl amhras ar bith ann ach go dtugann na poist úra aitheantas don obair atá déanta ag an Chomharchumann le blianta beaga anuas agus go dtabharfaidh siad méid áirithe faoisimh don eagraíocht nuair a tharlóidh an chéad bhabhta eile ciorruithe sa chéad cháinfhaisnéis eile.

## Scéal Báis

# An Moinsíneoir Liam Mac an tSagairt

*Niall Comer, Uachtarán Chomhaltas Uladh*

THÁINIG slua ollmhór le chéile i nDún Geanainn dhá lá ó shin le slán a fhágáil ag laoch mór na Gaeilge agus an oideachais i gCúige Uladh, an Moinsíneoir Liam Mac an tSagairt. Le linn a shaoil, bhí baint mhór ag an Mhoinsíneoir le gluaiseacht na Gaeilge ó thuaidh agus le Comhaltas Uladh agus An tUltach ach go háirithe. Chaith sé seal mar uachtarán ar an Chomhaltas agus bhí sé ina chathaoirleach ar An tUltach go lá a bháis.

Sna seachtóidí, agus é ina phríomhoide ar Acadamh na mBuachaillí i nDún Geanainn, bhí an Moinsíneoir go mór chun tosaigh i ngluaiseacht an oideachais ó thuaidh agus bhí meas as cuimse ar an fhís a bhí aige do Chaitlicigh óga Chúige Uladh agus na hÉireann. Bhí an Gaelachas go smior ann agus chuaigh sé sin go mór i bhfeidhm ar na scoláirí a chuaigh fríd an mheánscolaíocht san Acadamh. Nuair a d'éirigh sé as an obair sa scoil go luath sna hochtóidí, lean sé ar aghaidh lena chuid dualgas mar shagart ach chomh maith leis sin bhí sé go mór chun tosaigh i ngluaiseacht na Gaeilge. Ba mhór an bhaint a bhí aige le Coláiste Aoidh Mhic Bricne, Teileann, agus ba mhinic é ar cuairt ann i rith an tsamhraidh chun aifreann a rá sa choláiste agus le súil ghéar a choinneáil ar chúrsaí.

Ní raibh ionamsa ach múinteoir óg díograiseach nuair a bhuail mé féin leis den chéad uair nuair a thosaigh mé a dhul ar chruinnithe Chomhaltas Uladh. Duine lách a bhí ann riamh agus d'fhás dlúthchairdeas idir an bheirt againn le linn dom a bheith ag teagasc san Acadamh i nDún Geanainn agus nuair a bhí mé i m'eagarthóir ar An tUltach. Duine tuisceanach a bhí ann a roinn comhairle go fial liom agus, níos moille anonn, agus obair Chomhaltas Uladh ar bun agam féin agus ag baill eile an choiste, bhí an Moinsíneoir mar chrann taca dúinn uile. Bhí eolas faoi leith aige ar shaol na Gaeilge in achan chearn den tír agus ba mhór an misneach a thug sé sin do dhuine ar bith a bhuail leis.

Ní amháin go bhfuil ceannródaí na Gaeilge agus an oideachais caillte againn, ach tá cara linn ar shlí na fírinne. Crónófar go mór é.

Déanann Comhaltas Uladh comhbhrón lena mhuintir agus i bParthas na nGrást go raibh a anam síoraí.

An tOireachtas
Tír agus Teanga

**Oireachtas na Samhna**
**Cill Airne, Co. Chiarraí**
**Príomhionad: INEC**
**Dé Céadaoin - Dé Domhnaigh,**
**27-31 Deireadh Fómhair**

Oifig an Oireachtais
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
01/4753857
eolas@antoireachtas.ie

# 2 NUACHT RÉIGIÚNACH

## CONNACHT NUACHT



Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

**Scéal Chonamara**

## Moill ar liúntais scoile

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE) le breis foirne a earcú san iarthar agus sa mheán-iarthar chun cuidiú leis an mhoill atá ann maidir le liúntais scoile. Tá leath de na teaghlaigh a rinne iarratas ar an scéim éidí agus bróga scoile i Luimneach, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin agus an Clár fós ag fanacht ar íocaíocht. Deir an HSE go bhfuil siad ar an eolas faoin mhoill agus go bhfuil siad ag earcú tuilleadh baill foirne chun an fhadhb a réiteach. Tá tuismitheoirí agus páistí imníoch anois agus cuid acu ar ais ar scoil cheana féin agus gan fáil acu ar an airgead chun cuidiú leo éide scoile agus leabhair scoile a cheannach.

**Scéalta Mhaigh Eo**

## Galltacht go Gaeltacht

**Piaras Ó Raghallaigh**

CHAS urlabhraí Gaeltachta Fhine Gael Frank Feighan le toscaireacht ar Oileán Chliara amach ó chósta Mhaigh Eo an tseachtain seo le tuilleadh plé a dhéanamh faoi scéim phíolótach Ghaeltachta a bhunú ar an oileán.

Tá sé i gceist aige stádas na Gaeltachta a fháil don Oileán má tá toil an phobail ann dá leithéid de smaoineamh.

Ag an gcruinniú leis an gcoiste forbartha dúirt Feighan go gcreideann sé go bhfuil deis iontach ag Oileán Chléire sampla a thabhairt don tír uilig agus dul ó Ghalltacht go Gaeltacht le tacaíocht ón Stát.

"Is léir go bhfuil an-suim ag pobal na háite sna moltaí seo agus tá mé an-fhabhrach don smaoineamh nuálach seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a neartú ar an oileán. Caithfidh muid breathnú níos leithne ar an gceist faoi stádas na Gaeilge agus creidim gur áit an-oiriúnach í seo le scéim phíolótach Ghaeltachta a bhunú ann," a dúirt Feighan.

D'fháiltigh Bainisteoir Forbartha Oileán Chliara Donál Ó Sé roimh an dTeachta Dála agus d'aontaigh sé leis an smaoineamh chun stádas Gaeltachta a thabhairt don Oileán. "Tá stair shaibhir agus cultúr croíúil Gaelach ar Oileán Chliara agus is beag a bheadh le déanamh le muintir na háite a spreagadh chun an teanga a labhairt go laethúil. Tá muintir na háite an-tugtha don smaoineamh agus tá neart féidearthachtaí ann. Tá an Ghaeilge fite fuaite i ngach gné den oileán ó logainmneacha na háite go nathanna cainte na ndaoine," a dúirt Ó Sé.

Thug Feighan le fios go bhfuil sé leis an gceist seo a ardú leis an Aire Gaeltachta Pádraig Ó Ciardha go luath agus má tá toil an phobail ann go dtabharfaidh sé tacaíocht iomlán don mholadh nua seo.

Tá Coiste Forbartha Oileán Chliara le ceisteoir a scaipeadh ar mhuintir an oileáin le tuairimí an phobail a fháil anois agus le féidearthachtaí an mholta a mheas.

'Mol an óige agus tiocfaidh sí' a deir an Teachta Dála Frank Feighan agus é ag moladh naíonra agus Gaelscoil a bhunú ar an oileán láithreach.

**Scéalta Chonamara**

## Loitiméireacht ar áiseanna spóirt

### Costas €40,000 chun cúrsa gailf a dheisiú

**Meadhbh Ní Eadhra**

TÁ na Gardaí ag fiosrú dhá eachtra a tharla an deireadh seachtaine seo caite i gConamara ina ndearnadh damáiste do chúrsa gailf agus do pháirc imeartha sacair.

Tharla an chéad eachtra oíche Dé Sathairn nó maidin Dé Domhnaigh ag club Gailf na Connemara Isles in Eanach Mheáin, idir Casla agus Leitir Móir.

Fuarthas amach Dé Domhnaigh go raibh damáiste ollmhór déanta do thrí cinn de na páirceanna gailf. Tá féidearthacht ann gur cuadrothar (quad machine) atá freagrach as an damáiste.

"Gníomh loitiméireachta amach is amach a bhí anseo," a deir urlabhra ó na Gardaí. "Ní dhéanann sé ciall ar bith damáiste mar seo a dhéanamh d'áis spóirt cosúil leis seo."

Creideann Tony Lynch, bainisteoir an chúrsa gailf, go mbeidh costas €40,000 ag baint leis an bpáirc a dheisiú.

Tharla an dara heachtra ar pháirc nua Chumann Sacair Chois Fharraige in Indreabhán oíche Dé Domhnaigh nó maidin Dé Luain.

Creidtear gur thiomáin duine éigin carr tríd geataí na páirce, a bhí faoi ghlas, agus go ndearna siad ionramháil "donut" ar an bhféar, ag déanamh damáiste mór don pháirc imeartha.

Deir Cathaoirleach an chumainn áitiúil, Cian Ó Tuathail, go bhfuil iontas an domhain orthu gur tharla a leithéid.

"Baineann ár gcuid ball úsáid as an bpáirc le haghaidh traenála agus glacfaidh sé cúpla seachtain é a dheisiú, chomh maith le han-chuid airgid."

Tá na Gardaí i mBóthar na Trá ag iarraidh ar éinne le tuilleadh eolais ar an loitiméireacht dul i dteagmháil leo ag 091514720.




**Bhí ceardlann dramaíochta faoi stiúir Branar ag an Champa Samhraidh i mBaile Locha Riach. Sa phictiúr, feictear Leia Plower, Lorcan Ó Laochra, Colm Quinn, Marc Mac Lochlainn (Branar), Tuán & Caoilte Ó Baoill, Ally Hesnan, Muireann Ní Bhaoill agus Nóra Ní Fhlannagáin (ceannaire ag an champa).**

## Tonnta tuillte ag Coláiste Chomáin

TÁ dhá chúrsa cheannródaíocha as an nua faoi chúrsaí fuinnimh agus mara á dtairiscint ag Coláiste Chomáin i dTuaisceart Mhaigh Eo. Is é seo an chéad uair riamh a bheidh deis ag daoine staidéar a dhéanamh ar Fhuinneamh In-Athnuaite agus Innealtóireacht Mhara sa tír seo. Is Cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta iad seo atá faoi bhráid FETAC Leibhéal 5.

Dúirt Príomhoide Choláiste Chomáin, Jason Ó Mongáin, go bhfuil sé an-dóchasach go mbeidh postanna ar fáil do dhaoine san earnáil in-athnuaite fuinnimh tar éis na cúrsaí seo a chríochnú.

Tá an-bhéim ar an earnáil in-athnuaite fuinnimh agus mara faoi láthair. Dúirt Ó Mongáin go bhfuil suim léirithe ag roinnt comhlachtaí mara i gclár na gcúrsaí cheana féin. "Tá seantraidisiún agus taithí leathan ag muintir Iorrais ar chúrsaí farraige," a dúirt Ó Mongáin agus "tá súil againn go dtiocfaidh comhlachtaí den chineál seo go ceantar Iorrais chun úsáid a bhaint as an saineolas áitiúil agus postanna a chruthú anseo."

Is seo an chéad uair a bheidh cúrsaí i dTeicneolaíocht Foirgníochta le béim faoi leith ar Fhuinneamh In-Athnuaite á dtairiscint sa tír agus is i Ros Dumhach, i gColáiste Chomáin, a bheas na cúrsaí nuálacha seo á gcur ar fáil.

Beidh cead iontrála go hinstitiúidí 3ú leibhéal ag na rannpháirtithe más mian leo tar éis na cúrsaí a chríochnú. Tá deontas caipitil ar fáil do mhic léinn atá tar éis an scoil a fhágáil agus liúntas chun filleadh ar an Oideachas ar fáil do dhaoine as obair.

Is cúrsaí lánaimseartha atá i gceist agus cuirtear taithí oibre ábhartha ar fáil do rannpháirtithe gach Aoine. Tosaíonn an dá chúrsa i Meán Fómhair 2010. Tá an dá chúrsa teoranta agus moltar teagmháil a dhéanamh le Coláiste Chomáin láithreach chun clárú ag (097) 88940 nó eolas@gcr.ie

Tá Coláiste Chomáin ag cur críche an tseachtain seo leis an obair athchóirithe ar an gColáiste gur fiú suas le €340,000 í. I measc na n-oibreacha tá dhá sheomra ranga nua, seomra ceardaíochta, seomra innealtóireachta, seomra don airíoch agus stór, dhá sheomra feistis, leithris foirne, leithris do dhaltaí agus leithreas do dhaoine faoi mhíchumas.

## Fód Dubh le daoine

TÁ Cumann Trí-Atlain na Cille Móire i gceantar na hEachléime i nGaeltacht Mhaigh Eo ag tnúth leis na sluaite ar an 18ú Meán Fómhair do Rása Mór "Trí-Atlan an Fhóid Dhuibh". Tá lúthchleasaithe ó cheann ceann na tíre ag teacht le páirt a ghlacadh sa Trí-Atlan atá anois sa tríú bliain. Tá an coiste ag súil le os cionn trí chéad iomaitheoir i gceann de na rásaí is dúshlánaí sa tír.

"Tá an-suim sa rása seo i mbliana agus cuid mhór daoine áitiúla ag glacadh páirte den chéad uair. Tá rásaí Trí-Atlain ag dul ó neart go neart sa tír faoi láthair agus tá muid iontach bródúil go bhfuil an-tóir ar an rása Gaeltachta seo i gceantar beag tuaithe, a dúirt Stiúrthóir an Trí-Atlain Jason Ó Mongáin. Caithfidh na hiomaitheoirí snámh ar feadh 1500 meadár, rothaíocht ar feadh 43km agus rith ar feadh 10km i gceantar fíordhraíochtúil ar imeall an Atlantaigh.

Tá Cumann Trí-Atlain na Cille Móire ag eagrú imeachtaí éagsúla i rith an deireadh seachtaine mar chuid den Fhéile Spóirt; ina measc beidh ócáidí sóisialta, taispeántas gnólachtaí, siúlóidí stairiúla agus comórtas gailf.

Tá muid thar a bheith buíoch de na hurraithe i mbliana, go háirithe an Gateway Leisure atá mar phríomhurraí. Tá roinnt áiteacha fós le fáil agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ó www.kilmoretriathlonclub.com

Beidh Trí-Atlán an Fhóid Dhuibh ag tosnú ar an Satharn 18ú Meán Fómhair.

# Ceol den scoth sa Ghaeltacht

TÁ comórtas ollmhór ceoil á eagrú i nGaeltacht Iorrais leis an mBanna is Fearr san Iarthar a roghnú agus deis a thabhairt daoibh conradh taifeadta a bhuachan.  Tá 'Blast 2010' á eagrú ag an Gateway Live i mBéal an Mhuirthead agus duaischiste de €8000 ar fáil.

Beidh moltóireacht á déanamh ar na grúpaí gach Aoine le haíonna speisialta agus an lucht féachana lárnach sa phróiseas.  Roghnófar grúpa amháin le dul ar aghaidh gach oíche le páirt a ghlacadh sna babhtaí ceannais.

Craolfar an chraobh cheannais beo ar líne agus beidh deis ag pobal an chibearspáis vóta a chaitheamh dá rogha banna.  "Seo deis iontach do bhanna ceoil tús spleodrach a chur lena ngairm ceoil agus conradh taifeadta ar fáil don ghrúpa nó banna is fearr," a dúirt Éanna Ó Brógáin, eagraí Blast 2010. "Tá súil againn grúpa nua den scoth a aimsiú agus iad a sheoladh ar an stáitse idirnáisiúnta tré mhéan an idirlín ar an oíche dheireanach".

Tá go dtí an 16ú Meán Fómhair le clárú don chomórtas nua ceoil seo agus is féidir iarratas a íoslódáil ó www.gatewayleisure.ie

## Baile Locha Riacha

# Spórt agus Spraoi an Champa

BHÍ go leor craice agus spraoi ag an gcampa samhraidh i mBaile Locha Riach arís i mbliana agus é ar siúl 9-20 Lúnasa.

D'eagraigh Gaeilge Locha Riach an campa i gcomhar le Foras na Gaeilge. Ba í Éilis Ní Threasaigh a bhí i gceannas ar an gcúrsa agus bhí ceannairí breise ag obair léi i rith na seachtaine: Elaine De Faoite, Shane Mac Oirealla, Nóra Ní Fhlannagáin agus Clár Ní Dhonghaile. 'Spórt agus Spraoi' téama an champa i mbliana agus rinneadh beart de réir briathair le cluichí, rólimirt, ealaín, ceol, amhránaíocht, drámaíocht agus a lán eile.

Tháinig go leor cuairteoirí chuig an gcampa le ceardlanna speisialta a eagrú. Bhí Maidhc Ó hEanaigh i mbun ceardlann ceoil agus bhí ceardlann ealaíne ann faoi stiúir Shibéal Ní Chuimín. Baineadh sult mór as an gceardlann drámaíochta le Marc Mac Lochlainn ó Branar agus rinneadh pancóga agus cistí milse. Caithfear a rá go raibh béim iontach curtha ar chúrsaí spóirt le linn an champa agus cuireadh spéis faoi leith sa cheardlann iomána/camógaíochta le Sinéad Cahalan.

Bhí turas breá eagraithe go speisialta go Gairdín Bhríde, Ros Cathaill, Maigh Cuilinn. Cuireadh fáilte Uí Cheallaigh roimh gach duine agus tugadh ar chamchuairt thart ar na gairdíní galánta iad.

Sea, 'Spórt agus Spraoi' go leor ag Campa Samhraidh 2010.

**LAIGHIN**
NUACHT



Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

## Ráth Chairn

# Deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúir i Ráth Chairn

**Meadhbh Ní Eadhra**

REÁCHTÁLFAR deireadh seachtaine Gaeilge agus cultúir i nGaeltacht Ráth Chairn ón 15ú go dtí an 17ú Deireadh Fómhair 2010. Is iad Gael Linn, i gcomhar le Comharchumann Ráth Chairn, atá ag eagrú na hócáide seo. I rith an deireadh seachtaine tabharfar deis d'fhoghaimeoirí fásta na Gaeilge blas a fháil ar chultúr na Gaeltachta agus na Gaeilge labhartha. Tá Gaeltacht Ráth Chairn suite idir Baile Átha Troim agus Áth Buí i gCo. na Mí, uair an chloig go díreach ó Bhaile Átha Cliath. I measc na n-imeachtaí atá beartaithe don deireadh seachtaine, tá ranganna comhrá Gaeilge (meánleibhéal), ceardlann amhránaíochta ar an sean-nós, quiz boird agus neart ceoil agus craic le muintir na háite i rith na hoíche. Socrófar lóistín do na rannpháirtithe go háitiúil agus tá táille €180 ann don deireadh seachtaine ar fad, le béilí san áireamh. Tá gach eolas faoin deireadh seachtaine mar aon le foirmeacha iarratais ar fáil ó www.gael-linn.ie nó ó Sheán Ó Ceallaigh ag 01-6753299.

# Tóstal na bhFiann ar siúl oíche amárach

**Meadhbh Ní Eadhra**

*BEIDH* os cionn 2000 duine óg a d'fhreastail ar chúrsaí Samhraidh Gaeilge Choláiste na bhFiann ag teacht le chéile amárach san RDS don ócáid bhliantúil 'Tóstal na bhFiann'.

Beidh daltaí a d'fhreastail ar chúrsaí ar fud na hÉireann ag bailiú le chéile chun deireadh na gcúrsaí agus tús fhéilire imeachtaí an Gheimhridh a cheiliúradh. Is iontach an lá é seo agus beidh idir dhaoine óga agus tuismitheoirí i láthair, iad go léir ag iarraidh an Ghaeilge a cheiliúradh agus tús maith a chur le bliain Chumann na bhFiann.

Deir Caitríona Ní Cheallaigh, Príomhfheidhmeannach Choláiste na bhFiann, gur "buaicphointe na bliana" é an lá seo do dhaltaí Choláiste na bhFiann. Tabharfar seans dóibh go léir a gcuid cairdeas a athnuachan agus taitneamh a bhaint as "fuadar agus spraoi foghlamtha na Gaeilge" i mbealach "dearfach paiseanta."

"Is bliain rathúil í an bhliain seo do chúrsaí Samhraidh Gaeilge, go háirithe le méadú tagtha ar líon an tinrimh ar gach uile chúrsa de chuid Choláiste na bhFiann," a deir Caitríona. "Le Samhradh 2011 ag druidim inár dtreo táimid ag tnúth go mór le fáilte a chur roimh níos mó daoine óga chun bliain iontach eile a bheith againn leis an nGaeilge."

Tá an lá ag tosú ag a leath i ndiaidh a dó nuair a shroicheann na daoine óga ó chúrsaí Choláiste na bhFiann an RDS. Le linn an lae bíonn na daoine óga ag glacadh páirte sna himeachtaí, cluichí, amhráin agus taispeántais a d'fhoghlaim siad ar na cúrsaí. Chomh maith leo sin beidh an Chraobh den Seó Tallainne a bhí ar siúl ar feadh an tsamhraidh.

Ar an lá i dteannta leis na comórtais agus cluichí beidh picnic, seisiún drumadóireachta agus céilí ollmhór ag cur críche leis an lá.

## Imeachtaí sa Pháil

**Kate Fennell**

# An tIonad Buail Isteach

GRÚPA amháin a bhíonn ag cur na Gaeilge chun cinn go díograiseach i mBaile Átha Cliath ná muintir an Ionaid Buail Isteach ar Shráid Essex Thoir, i mBÁC 2. Is féidir bualadh isteach ansin chuig Connolly Books gach Aoine idir 1-2 in chun comhrá a dhéanamh as Gaeilge. Bíonn tae agus caife saor in aisce ar fáil. Tuilleadh eolais faoi seo agus imeachtaí eile ar fáil ag www.ionad.org.

# Na Cnocadóirí

BEIDH siúlóid sách dian ar siúl an Domhnach seo leis na Cnocadóirí idir Eas Ghleann Log an Easa agus Mullach Cliabhán. Má bhíonn síob ag teastáil uait buail le cnocadóirí eile ag Oifigí BSL ag a 10.30r.n. ar Shráid Mhic Liam agus mura bhfuil, bí ag carrchlós Ghleann Log an Easa ag 11.30r.n. Tosaíonn an tsiúlóid ag 11.45r.n.

Chomh maith leis sin, beidh an bearbaiciú bliantúil ar siúl ar an  4 Meán Fómhair, mar sin coinnigh an dáta sin saor agus bí ag faire amach i gcomhair tuilleadh eolais faoi!

Cuireann na Cnocadóirí fáilte roimh aon smaointe eile  a bheadh ag daoine maidir le himeachtaí mar sin téigh i dteagmháil leo ag cnocadoiri@yahoo.com nó faigh gach eolas ón suíomh www.cnocadoiri.com

# Rincí Briotánacha agus CLG sa Chlub

AR an Aoine seo sa Chlub ar Shráid Fhearchair beidh Rincí Briotánacha ar siúl ó 9.30i.n. ar aghaidh.

Bailíonn damhsóirí agus ceoltóirí ón mBriotáin, atá ag cur fúthu anseo, le chéile ó am go ham lena gcuid traidisiúin chultúrtha a chleachtadh. Labhraíonn cuid acu Gaeilge agus cuireann siad fáilte roimh dhaoine nua a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh ina gcuid siamsaíochta. Sa Chlub freisin,  mar is gnách anois le linn shéasúr na peile agus iománaíochta, taispeánfar na cluichí Gaelacha ar an Domhnach ar 3.30i.n. Gach eolas ar www.anclub.ie



**Páistí ag casadh ceoil in éineacht le Liam Ó Maonlaí ó na Hothouse Flowers, mar chuid de BSL Beo 2010, sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath**.. PIC: MARK STEDMAN/PHOTOCALL IRELAND

# Ceol ar an gCé i Loch Garman

LUAIGH mé é seo cheana sa nuachtán seo ach is fiú go mór é a lua arís mar tá sé ag tarlú ar an Satharn beag seo. Sin Féile Ghaelach ar an gcé i Loch Garman, Ceol Cé, eagraithe ag grúpa Gaeilgeoirí, Na Macallaí, ar mhaith leo an Ghaeilge a chur chun cinn sa chontae. Beidh Liam Ó Maonlaí ag seinm ar chearnóg Selskar agus beidh imeachtaí eile ar siúl i rith an lae do shean agus óg. Ba mhór leis na heagraithe tú a bheith ann agus an cúpla focal a labhairt i lár Loch Garman.

Gach eolas le fáil ag www.lochgarman.ie.

## Ceatharlach

**Oisín Mac Donncha**

# Dioplóma sa Ghaeilge

TÁ cúrsa páirtaimseartha Dioplóma sa Ghaeilge ar fáil i gCeatharlach, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, ag tosú i mí Mheán Fómhair 2010 agus ag leanúint ar aghaidh go dtí mí an Mhárta 2012. Tá an cúrsa ar fáil d'aon duine atá ag iarraidh céim a bhaint amach sa Ghaeilge agus a bhfuil leibhéal pas bainte amach acu san Ardteist agus/nó a shásaíonn Stiúrthóir Acadúil an Chúrsa. Freastalóidh na mic léinn ar ranganna i gCeatharlach chomh maith le cúrsa deireadh seachtaine in OÉ, Gaillimh agus beidh deis acu tréimhse a chaitheamh sa Ghaeltacht sa chéad agus sa dara bliain. Tá foirmeacha iarratais don chúrsa ar fáil ó Glór Cheatharlach nó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ, Gaillimh. Tuilleadh eolais ar www.glorceatharlach.ie.

# Ranganna Gaeilge

BEIDH ranganna Gaeilge ar fáil do dhaoine fásta i mbaile Cheatharlach i rith na bliana. Beidh na ranganna, atá á gcur ar fáil ag Gaelchultúr, ag tosú i mí Mheán Fómhair. Tá an cúrsa seo ar fáil ó 2008. Beidh 3 rang ar fáil i rith na bliana, cúrsa A ó Mheán Fómhair go Nollaig, Cúrsa B ó mhí Feabhra go hAibreán agus cúrsa C i rith an tSamhraidh. Tá na ranganna roinnte ina gcúig leibhéal, Bunrang 1, Bunrang 2, Meánrang 1, Meánrang 2 agus Ardrang. Tá scrúdú ar fáil ar shuíomh Gaelchultúr, www.gaelchultur.com, chun cumas do chuid Gaeilge a mheas. Tá costas €220 ar an gcúrsa a ritheann thar thréimhse dhá mhí dhéag. Tá tuilleadh eolais le fáil ó www.gaelchultur.com.

# MUMHAIN NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

## Scéalta Chorca Dhuibhne

**Breandán Mac Gearailt**

### Pat Lawless

BHÍ an ghrian ag taitneamh go gléineach ar an Luan seo caite nuair a cuireadh an taiscéalaí éachtach farraige, Pat Lawless, i gcré na cille i reilig Dhún Chaoin.

Ba ó chathair Luimní do Lawless ach chaith sé blianta fada i gceantar Bhaile an Fheirtéaraigh mar a bhfuil a mhac, Pádraig, lonnaithe.

Is ceardaí Pádraig agus cáil air go leor de na píosaí greanta ealaíonta adhmaid atá múnlaithe aige. Fad agus a bhí Pat, an t-athair, i gCorca Dhuibhne bhí sé ag cabhrú lena mhac, Pádraig. Tá éirim ealaíon an adhmaid i ndúchas mhuintir Lawless.

Bhí sé ina uacht gur i nDun Chaoin a dheinfí é a adhlacadh, mar go mbeadh sé i gcóngar na mara fé shuaimhneas.

Ar a slí ó Luimneach ar an Luan seo caite thugadar Mám Conrach orthu féin. Bhí an saol agus a mháthair i láthair i nDún Chaoin le slán a fhágaint ag an Luimníoch éachtach cneasta.

Bhí Pat Lawless buailte isteach san aois sarar bheartaigh ar na farraigí móra a cheansú, ina aonar. Bhí sé ina bhall de chumann seoltóireachta Chnoc a' tSionna sa Chlár agus nuair a mheas sé a dhintiúirí farraige bheith aige b'sheo leis.

Thug sé fé Mheiriceá ina aonar le báidín 26 troigh, 'An Inisealtra.' Dhein sé an beart. An bhliain ina dhiaidh sin sheol sé thar an Atlantach anall agus tháinig i dtír in aice Thairbhirt i gCiarraí Thuaidh, mar a raibh na mílte fáilte roimhe. I rith an dá bhliain ina dhiaidh sin thug sé dhá iarracht gabháil soir timpeall an domhain ach bhí air éirí as. Ach an triú babhta dhein sé an beart ina bháidín beag 30 troigh 'An Sedóg'.

Bhí go hard os cionn an dá bhliain caite aige ag 'gabháil soir' timpeall an domhain agus ar fhilleadh abhaile dó sa bhliain 1996 bhí seachtó bliain slánaithe aige. Ní ghabhfadh a rá nach raibh aon teora leis an moladh a fuair sé as a neart, a dhíograis agus a ghaisce. Fear éachtach.

"Thit sé i ngrá leis an bhfarraige agus le Corca Dhuibhne, ní inniu ná inné," arsa a mhac Pádraig linn. "Fuair sé toradh ar a ghuí go bhfaigheadh sé bás suaimhneach gan carabuaic a chur ar éinne," ar sé.

Fuair Pat Lawless, an Luimníoch-Dhuibhneach, a ghuí óir fuair sé bás oíche Dé hAoine seo caite ina chodladh, in aois a cheithre agus ochtó de bhlianta.

Fear séimh socair neamhchoitianta misniúil ab ea Pat. Maireann a chéile, Nansaí, a sheisear clainne, beirt iníon agus ceathrar mac.

Beannacht Dé lena anam macánta.

### Ceol

DHEINEAS tagairt don ghrúpa a tháinig as a stuaim féin go dtí an Buailtín ó Chill Mháille an Chláir le, mar a dúradar féin, blaiseadh den "saol fíor-Ghaelach".

Dream iad seo a thagann le chéile i dtigh Phaitsí Uí Ghráda i gCill Mháille le Gaolainn a chleachtadh i dtimpeallacht 'chleachtúil', mar a déarfadh an mhuintir seo againne. Má thángadar, ní dealbh a bhí a meon ná a gcur chuige. Bhí léachtaí réitithe acu i Músaem an Bhuailtín agus ar láithreacha mar Chill Maoilchéadair, Dún an Óir agus Cuas an Bhodaigh. Is ón gCuas a deirtear a sheol Breandán Naofa go Meiriceá.

Sheol Tim Severin as sa bhliain 1976 lena chruthú dó féin agus do chách go bhféadfadh Breandán an tAtlantach a thrasnú go Meiriceá i mbáidín beag fé chraiceann ainmhithe. Dhein Tim an beart.

Ach mar a dúrt ní folamh a bhí muintir an Chláir mar go raibh amhránaithe slachtmhara acu, cuid acu go measfá gur ón nGaeltacht iad. Bhí ceol ó dhaoine mar Carmel Uí Bhriain ar an ngiotár, agus Seosamh Ó Cathail ar an mbosca ceoil. Caithfear a rá go raibh amhránaithe mar an Corcaíoch, Carmel Nic Cárthaigh, an Meiriceánach, Aingeal de Rives agus an Baile Átha Cliathach Deirdre Uí Dhochartaigh, triúr a phós isteach sa cheantar, buille ar bhuille lena gcomharsana ó thaobh ceoil agus amhrán de. Ba bheag ná gur dhearmadas Ciarraíoch líofa lán d'éirim agus scéalta, ó Mhaigh Mheáin, Tomás de Stac go bhfuil seacht mbliana agus ceithre fichead slánaithe aige.

"Ó, beimid ar ais," arsa an Grádach agus Máirtín Ó Cathail, d'aon ghuth.

### Dáithí

Thar aon duine eile go dtí seo, chuir Dáithí Ó Sé na cailíní i gcomórtas Rós Thrá Lí ar a suaimhneas. Sin éacht. B'í tuairim na coitiantachta go raibh sé an-tuisceanach, geanúil, nádúrtha - seans, róthapa ina chaint uaireanta - ach bhí fear óg an Charracháin go diail ar fad, dar le cosmhuintir Dhuibhneach. Aontaím leo. Cad é do mheas, a léitheoir?

## Scéalta Chorca Dhuibhne

**Breandán Mac Gearailt**

### Othair

DEN séú bliain as a chéile d'eagraigh muintir Bheaglaoich an Cheoil, Baile na bPoc i bparóiste Múrach/Chill Chuáin, féasta ceoil ar mhaithe le hothair in Ospidéal an Daingin.

Is i Seanscoil athmhúnlaithe thaibhseach an Chuasa a bhíodar i mbliana agus cad é oíche a bhí ag cách a bhí ar an bhfód ansiúd oíche Dé Domhnaigh seo caite. Bhí ochtar de mhuintir Bheaglaoich ann agus aíonna mar an Seapánach Junji, a chan amhrán grá taitneamhach Seapánach, an giotár a bhí ag Jimmy O'Beirne, an dord ag Séamus Mac an tSionnaigh ó Chill Chainnigh (go bhfuil stair thaibhseach ag a mhuintir i réimse na hiomána), na píobaí ag Seán Davy agus an t-amhránaí, Rita Connolly. "Más mé féin a deir é, bhí ardoíche againn," arsa Seosaimhín Ní Bheaglaoich, agus is beag nach mbeadh ar aon fhocal léi.

"Pé airgead a dheintear cuirtear ar fáil é, mar shampla, le tochtanna speisialta, píosaí ealaíne agus nithe idir bheag agus mhór a chuirfeadh compord ar othair an Ospidéil a cheannach. Táimíd an-bhuíoch den bpobal a thacaigh go láidir linn agus do na haíonna go léir a bhuail ceol agus a chas amhráin saor in aisce ar mhaithe le compord na n-othar," arsa Seosaimhín.

Lean an ceol agus na hamhráin go giolcadh an ghealbhain.

## Scéalta Mhúscraí

**Seán Ó Loingsigh**

### Áiseanna do sheanóirí le leathnú i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh

TÁ áiseanna do sheanóirí le leathnú ag Coiste Tithe Uíbh Laoire i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh agus cead pleanála á lorg acu chun trí thigh cónaithe breise a thógaint cois ionaid Chuan Barra.

Cuireadh Coiste Tithe Uíbh Laoire ar bun deich mbliana ó shin agus tá trí thigh cónaithe do sheanóirí agus ionad lae tógtha ag an eagraíocht dheonach ó shin i bhforbairt Chuan Barra lámh leis an sráidbhaile.

Tá na tithe breise le tógaint ar shuíomh le hais áis chúram leanaí agus páirc shúgartha Spraoi na Laoi atá mar chuid d'ionad Chuan Barra chomh maith.

Tá an suíomh, atátrian d'acra ar mhéid, le ceannach ag Coiste Tithe Uíbh Laoire ó Chomhairle Contae Chorcaí má bhronntar cead pleanála ar na tithe.

Trí thigh cónaithe de dhá sheomra leapa atá i gceist agus táthar ag súil le cinneadh maidir leis an iarratas pleanála i mí Dheireadh Fómhair.

Cuirtear béilí ar fáil do sheanóirí i gceantar Bhéal Átha 'n Ghaorthaidh agus Inse Geimhleach (Uíbh Laoire) dhá lá in aghaidh na seachtaine in Ionad Lae Chuan Barra, áit a bhfuil áiseanna leighis agus cosliachta ar fáil chomh maith.



Daithí Ó Sé agus na cailíní áille ag féile Rós Thrá Lí an tseachtaine seo.

### Áiseanna breise sna meánscoileanna athoscailte i Múscraí

TÁ áiseanna breise curtha ar fáil do dhaltaí agus múinteoirí sa dá mheánscoil i nGaeltacht Mhúscraí atá athoscailte an tseachtain seo.

I gcaitheamh an tsamhraidh bhí forbairt ar bun i Scoil Mhuire i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, mar a bhfuil seomraí nua innealtóireachta agus eacnamaíocht bhaile, chomh maith le dhá sheomra ranga eile atá athchóirithe ag tuismitheoirí na ndaltaí.

Beagnach €300,000 a chosnaigh an fhorbairt ina bhfuil carrchlós nua tógtha le hais na meánscoile chomh maith. Ag labhairt le príomhoide Scoil Mhuire, Seán Óg Ó Duinnín, thug sé moladh ar leith do na tuismitheoirí a dhein an obair athchóirithe ar an dá sheomra ranga le cabhair ó cheardaithe áitiúla, chomh maith le leasphríomhoide na scoile, Séamus Ó Conchúir, agus an feighlí, Amhlaoibh Ó Loingsigh.

Cuireadh an fhorbairt i gcrích le cabhair maoinithe ón Roinn Oideachais agus ón gCoiste Gairmoideachais, agus tá feachtas bailithe airgid le haghaidh na hoibre athchóirithe ar bun ag tuismitheoirí na scoile le tamall anuas. Beidh rince mór in Óstán Ghobnatan i mBaile Bhúirne ar an gcéad lá de mhí Dheireadh Fómhair chun cur leis an gciste airgeadais.

17 dalta atá tagtha isteach sa chéad bhliain i Scoil Mhuire, rud a chiallaíonn go bhfuil 96 dalta san iomlán ag freastal ar an mheánscoil don scoilbhliain nua.

212 dalta atá ag freastal ar Choláiste Ghobnatan i mBaile Bhúirne i mbliana tar éis do 42 dalta tosnú sa chéad bhliain i rith na seachtaine seo. Is as Cill Airne do chúigear de na daltaí, ag cur leis an ndeichniúr ón mbaile sin atá ag freastal ar an mheánscoil Ghaeltachta cheana féin. Tá bunscoil lán-Ghaeilge - Gaelscoil Faithlinn - i gCill Airne ach níl Gaelcholáiste ar an dara leibhéal lonnaithe ann.

Tá áiseanna breise eolaíochta á gcur ar fáil do na daltaí i gColáiste Ghobnatan le haghaidh na scoilbhliana nua, agus deontas €58 míle fachta ón Roinn Oideachais do mhicreascóip agus bogearraí ríomhaireachta atá á soláthar ag an gcomhlacht Lennox i mBaile Átha Cliath do shaotharlann a athchóiríodh sa Choláiste i rith bhriseadh an tsamhraidh anuraidh.

### Ger Wolfe sa Mhuileann

BEIDH an cumadóir aitheanta amhrán Ger Wolfe ó Mhúscraí agus ó chathair Chorcaí ó dhúchas le cloisint i gceolchoirm speisialta i mBeár an Mhúsaeim sa Mhuileann i mBaile Bhúirne anocht (Dé hAoine). Tá aithne mhaith ar Ger i nGaeltacht Mhúscraí de bharr a chuid oibre amhránaíochta le daoine óga agus le seanóirí sa cheantar, agus táthar ag súil go gcanfaidh sé amhráin óna dhlúthdhiosca is déanaí 'No Bird Sang' sa cheolchoirm atá le tosnú ar a 9.30.

Chaith Ger Wolfe tréimhse mar amhránaí cónaitheach i nGaeltacht Mhúscraí anuraidh faoi choimirce na scéime 'Ealaíontóir sa Phobal', mar ar oibrigh sé ar thogra cumadóireachta 'Ó Bhéal Guth Béal' le seanóirí an cheantair a fhreastalaíonn ar na hionaid lae Cois Cille i gCill na Martra agus Cuan Barra i mBéal Átha 'n Ghaorthaidh, agus ar na ranganna ealaíne do sheanóirí atá mar bhaill den ghrúpa ealaíontóirí Tacaois san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne, chomh maith leis na hócáidí scoraíochta do sheanóirí in Ionad Áise Réidh na nDoirí. Chuir sé na hamhráin nuachumtha as Gaeilge, bunaithe ar scéalta a d'inis na seanóirí dó, i láthair ag ceolchoirm san Ionad Cultúrtha i dtús an tSamhraidh anuraidh.

Bhí an cumadóir/amhránaí ar dhuine de 14 ealaíontóir ó áiteanna éagsúla ar fud na tíre gur thug an Chomhairle Ealaíon cuireadh dóibh a gcuid oibre a chur i láthair i gclár imeachtaí ealaíne agus sláinte dar teideal Vital Signs, an chéad taispeántas náisiúnta dá shaghas a reachtáladh i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2009.

# Buaiteoirí ag Fleadh Cheoil na hÉireann

LÉIRÍODH traidisiún amhránaíochta Mhúscraí go láidir an deireadh seachtaine seo caite ag Fleadh Cheoil na hÉireann i mbaile an Chabháin mar a raibh an bua in dhá chomórtas ag Diarmuid Ó Meachair agus Eilís Ní Shúilleabháin ó Chúil Aodha.

Bhain Diarmuid Ó Meachair an chéad áit in amhránaíocht Ghaeilge na bhfear i rannóg d'iomaitheoirí idir 12 agus 15 bliain d'aois, é ag canadh Abha an tSuláin a chuir sé de gan stró. Tá Diarmuid 13 bliain d'aois, é mar bhall cheana féin de Chór na bhFear Chúil Aodha, agus é imithe isteach sa dara bliain i rith na seachtaine seo i gColáiste Ghobnatan i mBaile Bhúirne. Fuair Óigí Ó Sé ó Chraobh an Ághasaigh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann (CCÉ), Corca Dhuibhne, an tríú háit sa chomórtas seo a reachtáladh Dé Sathairn seo caite.

Bhí Diarmuid Ó Meachair mar dhalta cúpla bliain ó shin i rang amhránaíochta i mbunscoil Chúil Aodha faoi stiúir an amhránaí aitheanta Eilís Ní Shúilleabháin a bhuaigh comórtas do 'Amhráin Nuacheaptha' as Gaeilge ag an bhFleadh.

Chan Eilís, atá mar bhall de Chór Ban Chúil Aodha, a hamhrán 'B'fhearr liom féin Múscraí' a chuireann síos ar a haistear ceolmhar ar fud an domhain agus a bhuaigh an chéad áit chomh maith i gcomórtas amhránaíochta nuachumtha – Corn Uí Fhlannagáin – a reachtáladh san Ionad Cultúrtha i mBaile Bhúirne níos luaithe i mbliana. Ba é Muiris Mac Giolla Coda ó Inis Cara in oirthear Mhúscraí a bhain an dara duais an uair úd agus rinne sé amhlaidh arís sa bhFleadh Cheoil. Chuaigh Muiris, atá mar bhall de Chraobh Niall Ó Cathasaigh CCÉ i mBaile an Chollaigh, céim eile chun cinn sa chomórtas d'Amhráin Nuacheaptha as Béarla a bhuaigh sé.

Bhuaigh Seosamh Ó Críodáin ón nDaingean agus ó Mhúscraí ó dhúchas comórtas amhránaíochta Gaeilge na bhFear os cionn 18 bliain d'aois; bhí Oisín Ó Corragáin ó chraobh CCÉ Bhaile an Chollaigh sa dara háit agus bhain Éanna Ó Corragáin an chéad áit sa chomórtas céanna d'iomaitheoirí idir 15 agus 18 bliain d'aois.

Ar na hiomaitheoirí eile ó Chúige Mumhan a bhain duaiseanna ag an bhFleadh Cheoil bhí Niamh Blennerhasset ó Chraobh an Ághasaigh CCÉ, an Daingean, a fuair an chéad áit i gcomórtas Comhrá Gaeilge faoi-9; Caoimhe Blennerhasset a bhí sa dara háit i gcomórtas amhránaíochta Gaeilge 12-15 agus i gcomórtas d'fhoinn mhalla ar an bhfliúit san aoisghrúpa céanna; Lara Ní Dhálaigh ó Mhainistir Fhear Maighe a bhuaigh an dara duais i gComhrá Gaeilge 15-18; Ciara de Mórdha ó Bhaile an Fheirtéaraigh a bhain an tríú háit in amhránaíocht Ghaeilge na mban 15-18; Proinnsias Ó Cathasaigh ó Lios Póil a bhí sa dara háit sna hAmhráin Ghaeilge d'fhearaibh faoi 12; agus Róisín Ní Riain, craobh CCÉ Bharr na Sráide, Cathair Saibhín, a bhuaigh an chéad duais i gcomórtas Amhráin Ghaeilge na mban os cionn 18 ag Fleadh Cheoil na hÉireann 2010.

**ULAIDH**
NUACHT

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

## Nuacht Thír Chonaill

# Dea-scéala do scoil oileánda

**Le Judy Ní Ógáin**

D'FHÓGAIR an tAire Oideachais agus Scileanna, Máire Ní Chochláin, le gairid go bhfuil méadú 200 méadar cearnach d'fhoirgnimh le cur le Gairmscoil Mhic Dhiarmada in Árainn Mhór i dTír Chonaill.

Beidh ceithre sheomra ranga, leithris, seomra stórais agus spás cúrsaíochta i gceist leis an fhorbairt nua agus rachaidh siad in áit seomraí réamhdhéanta atá ann faoi láthair.

Cuireadh trí sheomra ranga bhuana le hinfreastruchtúr na scoile agus táthar ag súil go mbeidh na forbairtí atá anois luaite críochnaithe ar fad roimh dheireadh na scoilbhliana.

"Tá moladh tuillte ag Bord Bainistíochta na scoile, ag príomhoide na scoile Máire Ní Dhochartaigh agus ag an phobal áitiúil as ucht na tacaíochta a thug siad don fhorbairt agus do chur chun cinn na scoile ón chéad lá ariamh."

"Tá mé sásta go mbeidh maoiniú anois curtha ar fáil, le go mbeifear ábalta tús a chur leis an obair thógála do sheomraí agus seirbhísí breise don scoil," a dúirt an Tánaiste.

Ó mhí Mheán Fómhair ar aghaidh, beidh an scoil an cur tús le seirbhís nua Gaeilge do scoláirí sa chéad bhliain, ar mhian leo a gcuid oideachais a fháil go hiomlán trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair, tá 54 scoláire cláraithe leis an scoil.

# Na mná is sinne i dTír Chonaill

**Eoin Mac Garvey**

IS cosúil gur i dTír Chonaill atá na mná is sine sa tír agus cuid acu i mbarr a sláinte fiú agus iad píosa maith os cionn an chéid.

Ag deireadh na seachtaine rinne Katie McMenamin as Rath Maoláin ceiliúradh ar a breithlá, í 106 bliain d'aois agus go fóill in ann dhá leabhar a léamh sa tseachtain.

I gceantar Anagaire bíonn Biddy Nic Aoidh, atá 104 bliain d'aois, ag tarraing ar oifig an phoist agus ar an siopa áitiúil gach seachtain agus í ag fanacht go mór leis an chead bhreithlá eile i gcionn roinnt seachtainí.

Níl sé rófhada ó chuir Katie deireadh lena cuid turas thart ar an domhan.

Nuair a bhí sí 101 bliain d'aois chuaigh sí ar laethanta saoire go hAmstardam, áit ar bhain sí sult as na báid ar na canálacha.

Anois caitheann sí an mhórchuid den am ag léamh agus déanann sí na crosfhocail i gcuid de na nuachtáin.

Cé go bhfuil fadhb éisteachta aici, tá sí go fóill in ann bheith ag siúl thart agus ag cuidiú léi féin.

"Déanaim iarracht amharc i mo dhiaidh féin agus bíonn an teaghlach ag cuidiú liom agus ag amharc i mo dhiaidh," a dúirt sí an tseachtain seo.

Ní raibh ceiliúradh ar bith le seaimpéin nó a dhath mar sin ar a breithlá mór mar níor bhlais Katie riamh den deoch mheisciúil agus níl fonn uirthi tosú anois.

Fuair a fear céile, Paddy, bás i 1999. Bhí siad 58 bliain pósta, agus tá triúr de chlann aici.

Ó thaobh Biddy Nic Aoidh de, bíonn go leor daoine ag tarraingt uirthi le comhrá a dhéanamh agus craic a bheith acu léi agus is maith le Biddy daoine a fheiceáil.

Anuraidh bhí cóisir mhór ag Biddy i dTábhairne Leo i Mín na Leice, áit ar cheol Leo féin cúpla amhrán di. Tuairiscítear gur ansin a bheas an ceiliúradh mór i mbliana chomh maith.

# Éigse Pheadair Joe Haughey

**Anton Mac Cába**

TIONÓLFAR Éigse Pheadair Joe Haughey ar an Chreagán i dTír Eoghain ón 23ú go dtí an 25ú Meán Fómhair. Déanann an Éigse comóradh ar dhuine de sheanchaithe deireanacha Thír Eoghain, a fuair bás i 1942.

Cuirfear tús le himeachtaí le léacht Déardaoin an 23ú ag a hocht ó Róise Ní Bhaoill. Labharfaidh sise faoi bhailiúchán Doegen. B'shin an taifeadadh a rinne saineolaí Gearmánach i 1931 ar an Ghaeilge in áiteanna i gCúige Uladh mar a raibh an teanga ag saothrú an bháis agus i dTír Chonaill.

Tráthnóna Aoine agus Dé Sathairn beidh dianchúrsaí Gaeilge ag trí leibhéal ar siúl. Oíche Aoine ag a naoi beidh seisiún ceoil agus damhsa. Oíche Shathairn, ag an am céanna, beidh seisiún amhránaíochta, mar a bhfuil fáilte roimh amhránaithe.

Mar chuid den Éigse, beidh siúlóid go barr na Samhaile an deireadh seachtaine roimhe, Dé Sathairn an 18ú Meán Fómhair. Tá an tSamhail ar an sliabh is airde sna Spéiríní.

Diomaite den tsiúlóid, beidh na himeachtaí i dteach Pheadair Joe Haughey. Tá sin míle ó Lárionad an Chreagáin, ar an bhóthar idir an Ómaigh agus na Corra Críocha.

Tá gach eolas ar fáil ach glaoch ar Francis Clarke (00 44) 77 88948891, nó ar Lár-Ionad an Chreagáin (00 44) 28 80761112.



**Daoine óga ar Thuras Lae Champa Samhraidh Mhic Reachtain, Béal Feirste. Tá Scoil Samhraidh Mhic Reachtain anois ar cheann de na féilte Gaeilge is mó sa tír.**

# Loinneog Lúnasa

BEIDH féile cheoil Ghaoth Dobhair ar siúl ar an 26-29 Lúnasa. Beidh ceol de gach sórt ar fáil sna tithe tábhairne agus sna hóstáin i nGaoth Dobhair.

Osclófar an Fhéile ar an Déardaoin, 26 Lúnasa le ceolchoirm ó 'An Crann Óg' ag 8.30 i.n., €10, in Ionad Cois Locha, Dún Lúiche.

Tá neart ar bun i gcomhair an teaghlaigh ar fad leis an 'Lá Teaghlaigh' ar siúl ar an Satharn agus Paráid na mBannaí Máirseála ar siúl ar an Domhnach chomh maith le neart ceardlann.

Beidh costas d'uasmhéid €8 ar chuid de na himeachtaí i rith oíche na Féile.

## Nótaí Bhéal Feirste

# An Chultúrlann

BEIDH ceardlann do pháistí le Faoileann Uí Dhuibhinn ar siúl ar 2in Dé Sathairn. Imeacht de chuid Chomhluadar atá ann agus tá sé dírithe ar pháistí a bhfuil Gaeilge acu.

# Gort na Móna

THUAS ar thaobh an tSléibhe Dhuibh Dé Sathairn seo i gClubtheach Ghort na Móna i mBéal Feirste beidh Dianchúrsa Gaeilge agus Oíche Ghaelach an tSamhraidh ar siúl.

Beidh an dianchúrsa ag toiseacht ar 10rn agus beidh lón ar fáil. Déanfar freastal ar gach leibhéal Gaeilge ann.

Beidh Oíche Ghaelach agus Airneáil ag toiseacht ar 9in agus beidh scoth an cheoil thraidisiúnta agus na hamhránaíochta le cloisteáil ann.

Ní bheidh le híoc ar imeachtaí uilig an lae ach £3.

# Maoiniú faighte ag Ógras

D'FHÓGAIR Ógras, óg-eagraíocht Chonradh na Gaeilge, go bhfuil deontas de €30,000 faighte acu chun scéimeanna agus imeachtaí óige a reáchtáil i gCúige Uladh.

Dheimhnigh Foras na Gaeilge an tseachtain seo go bhfuil an t-airgead á chur ar fáil d'Ógras faoin Scéim Óige 2010-2011.

Dúirt Ríonach Ní Scolaí, Oifigeach Forbartha Ógras i gCúige Uladh, "Seo an dara bliain dúinn deontas a fháil ó Fhoras na Gaeilge d'imeachtaí sa chúige. Fuair muid beagnach €12,000 an uair dheiridh. Mar sin tá ríméad orainn go bhfuil méadú tagtha ar an deontas i mbliana. Caithfear an t-airgead ar laethanta eachtraíochta a thabharfaidh deis do chlubanna óige teacht le chéile chun scileanna úra a fhoghlaim agus chun aithne a chur ar Ghaeilgeoirí óga eile ar fud an chúige. Chomh maith leis sin, cuirfear maoiniú ar fáil do dhá chlub óige – Club Óige Chineál Eoghain i mBun Chrannncha agus Club Óige an Dúin i nDún Phádraig. Beidh na clubanna seo ábalta clár bliana spreagúil a chur ar fáil do na baill. I measc imeachtaí atá beartaithe ag na clubanna seo tá ceardlanna drámaíochta agus ealaín agus turais chun cuairt a thabhairt ar chlubanna Ógras eile."

Tagann an deontas ag am go bhfuil gach eagraíocht buartha faoi chiorruithe atá beartaithe ag an Aire Airgeadais.

Ag labhairt faoi na ciorruithe dúirt Ríonach go bhfuil tionchar acu ar achan ghné den obair agus go bhfuil gá le bheith níos cruthaithí chun a chinntiú nach bhfuil na daoine óga thíos leis. "Ciallíonn na deontais seo, agus na deontais eile a fuair Ógras sna cúigí eile, go mbeidh muid ábalta leanacht ar aghaidh ag cur seirbhísí óige den chéad scoth ar fáil agus go mbeidh muid ábalta freastal ar an méadú mór atá tagtha ar an ráchairt ar sheirbhísí Ógras ar fud na tíre."

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Lúnasa, 2010

# 3 TUAIRIMÍ

## De dhíth: Jim Larkin



Bernie Ní Fhlatharta

DÁ mba Fhrancaigh muid, bheadh muid amuigh ag máirseáil ar na sráideanna faoi ardú 5% ar bhillí an ESB agus caint ar ardú eile 3% amach anseo.

Cheapfá gur ag ísliú billí a bheadh an ESB san am seo, cosúil le go leor eile.

Bhí ar óstáin, bialanna agus siopaí a gcuid praghsanna a ísliú agus is iontas é go bhfuil an Rialtas ag tabhairt ceada don ESB méadú a chur ar ár mbillí.

Agus an fáth go bhfuil orainn an t-airgead breise seo a ardú don ESB? Le díriú ar thaighde le breathnú ar bhealaí le fuinneamh a chothú.

Arís tá gnáthdhaoine na hÉireann ag íoc as, agus sin é an rud atá ag cur as dhomsa, ach ní haon mhaith aon bhean amháin a bheith ag máirseáil léi féin - 'crank' an t-ainm a thabharfadh daoine orm.

Ach ní thuigim cén fáth a bhfuil muidne, muintir na hÉireann, chomh séimh, chomh ciúin gan aon suim againn seasamh suas lenár gcuid cearta a fháil.

Scór bliain ó shin bhí mic léinn amuigh ag máirseáil faoi tháillí coláiste, faoi beagnach gach uile rud dháiríre ach cén uair go deireanach a chuaigh mic léinn amach ag déanamh agóide.

Tá mic léinn anois imithe as an gcleachtadh sin agus níl an stuaim acu agóid a dhéanamh.

Tá na daoine sin ag fás suas, ag tógáil postanna (má tá an t-ádh leo!) agus níl suim acu fiú i gceardchumainn.

Tá an meon athraithe agus daoine anois ag socrú sonraí pá leo féin ina n-aonar in áit an 'collective bargaining' mar ní thuigeann siad an chumhacht atá ag dream má sheasann siad le chéile d'aon ghuth.




Tá cuid den mhilleán orainn féin mar stop muid ag seasamh suas dúinn féin nuair a thosaigh an t-airgead ag teacht isteach sa tír.


Rinne muid dearmad ar an lá fliuch mar cheap muid nach mbeadh deireadh leis an 'Celtic Tiger' go deo.

Bhuel, tá deireadh leis is cosúil agus tá athrú mór tagtha ar an saol ach an difríocht an uair seo ná go bhfuil an chumhacht beagnach ar fad imithe ar ais ag na comhlachtaí móra a bhris na ceardchumainn agus a mheall an dream óg le pá mór.

Ach tá gearradh siar anois ar an phá sin agus, ina dhiaidh sin féin, tá muid ag fanacht ciúin nuair a fhógraíonn an ESB go bhfuil siad ag ardú ár mbillí.

Tá réabhlóid eile ag teastáil ach cé hé nó cé hí Jim Larkin nua na tréimhse seo?

## Ardán: Cuimhní Cinn an Scoláire



Concubhar Ó Liatháin

AGUS glúin léinn na linne seo ag suí go sásta is ag taibhreamh le dóchas faoin am amach anseo tar éis dóibh torthaí na hArdteiste a fháil an tseachtain seo, shleamhnaigh mo chuimhne cúig bliana is fiche siar ar bhóithrín na smaointe nuair a fuaireas féin mo thorthaí scrúdaithe.

Ag an am chreideas gurbh é an uair ba chinniúnaí i mo shaol an cúpla nóiméad a chaith mé in oifig an Phríomhoide i gColáiste Íosagáin i mBaile Mhuirne agus é ag síneadh clúdach litreach chugam agus an tuairisc scrúdaithe istigh ann.

Dá mbeadh an Bráthair Fionnbarra tar éis 'This is your life' a rá liom ag an nóiméad sin, ní bheinn tar éis aon iontas a dhéanamh de - nó b'shin a chreideas ag an am.

Ní chreidim anois é.

Ní shin le rá nach uair chinniúnach a bhí ann i mo shaol. Níorbh é AN uair chinniúnach é. I gcaitheamh na ceathrún céid ó shin, chas mé ar mo bhean chéile, bhí mac agus iníon againn, bhogamar trasna na tíre faoi dhó agus cailleadh m'athair.

Bí ag caint ar uaireannta na cinniúna!

Ag an am chéanna agus mé thiar i measc mo chuimhní cinn, na cairde scoile ar chaith mé blianta sona i gcomhluadar leo agus aoibh an gháire orthu go léir, ritheann dán liom a chuala mé den chéad uair agus mé i rang Béarla sa Choláiste.

*"I have a feeling, That through a hole in reason's ceiling, One may acquire knowledge, Without ever going to college."*

Dán é seo a scríobh an múinteoir Béarla ar an gclár dubh lá éigin agus é ag iarraidh a chur ina luí orainn gur féidir go raibh bóthar eile romhainn seachas an mótarbhealach chun na hOllscoile agus chun saol sona sásta saibhir i ngairm beatha rachmasach ina dhiaidh sin.

Le hais na ndánta eile a d'fhoghlaimíos , i nGaeilge agus i mBéarla, nó an tsainscil a oileadh ionam fadhbanna calcalais a réiteach nó an tuiscint a fuaireas ar Theoiric Iolraitheora Keynes san Eacnamaíocht nó go leor eile, níor fhan rud ar bith liom, cheapfainn, ach an véarsa sin.

Chuimhnigh mé ar an véarsa sin an tseachtain seo freisin agus an tAire Oideachais ag tabhairt le fios gurb é rás na bpointí an bealach is cothroime chun na háiteanna teoranta i gcoláistí triú leibhéal a roinnt amach.

Ní ráiméis go dtí an ráiteas sin. Nuair a chuimhníonn tú ar na buntáistí ag páistí na meánaicme, ag freastal ar scoileanna níos fearr agus an deis acu snas breise a chur ar a scil scrúdaithe ag dianscoileanna, tá sé soiléir go mbíonn na hiomaitheoirí is rachmasaí i bhfad chun tosaigh ar a gcomhscoláirí níos boichte nuair a shéidtear an fheadóg chun tús a chur leis an rás.



**Na fadhbanna atá sa chóras atá againn, meath ar chaighdeán na matamaitice mar shampla, ní réiteofar iad trí phointí breise a chaitheamh chuig scoláirí a fhaigheann onóracha sna scrúduithe.**

An rud is aistí faoin rás, nuair atá sé buaite agat agus tú san ollscoil, ní gá go bhfuil do shuíomh ceart aimsithe agat. B'fhéidir go raibh tú sa rás mícheart an t-am go léir!

D'éirigh liomsa mo dhóthain pointí a shaothrú chun áit a bhaint amach i gcúrsa dlí - cheapas go raibh luí éigin agam leis an dlí de bharr go raibh mé ceanúil ar an Abhcóide ón dteilifís, Rumpole of the Bailey.

Nuair a theip go tubaisteach orm sna scrúduithe sa chéad bhliain, nuair ná raibh mé riamh tar éis teip a fháil i scrúdú roimhe sin, thuirling m'aislingí uaillmhianacha go talamh.

D'éirigh liom na cosa a thabhairt liom i Scrúduithe an Fhómhair - buíochas leis an Déan a thug léargas chomh beacht sin dom ar pháipéar Dhlí an Chonartha go raibh na ceisteanna agus na freagraí de ghlanmheabhair agam agus mé ag dul isteach sa Halla Scrúdaithe.

Tar éis dom mo chéim a bhaint amach, ar éigean, chasas ar an Déan arís. D'iarr sé orm an raibh mé go fóill ag dul le dlí agus dúras gur i ngort na hiriseoireachta a bhíos ag saothrú fán am sin.

'Go maith," ar seisean. Agus ní le heaspa carthanachta a labhair sé, cé go bhféadfá sin a chur ina leith b'fhéidir, ach le hionracas agus le tuiscint.

Ní córas oideachais atá againn sa tír seo ach córas scrúduithe. Fuaireas marcanna arda san Ardteist agus theip orm i scrúduithe ina dhiaidh sin. Bhí an t-ádh liom go bhfuaireas oideachas le cois na scrúduithe, ar scoil agus i ndiaidh am scoile. Cuimhním ar na múinteoirí a mhúin mé agus gabhaim buíochas leo. Cuimhním ar m'athair a mhúin stair agus tíreolas dom agus a bhfuil ceachtanna fós á múineadh aige dom cé go bhfuil sé sa seomra foirne sna Flaithis anois.

Na fadhbanna atá sa chóras atá againn, meath ar chaighdeán na matamaitice mar shampla, ní réiteofar iad trí phointí breise a chaitheamh chuig scoláirí a fhaigheann onóracha sna scrúduithe.

Dá dtapóimis an deis atá againn anois, mar phobal, agus cos amháin ag an tír in uaigh Pheig agus cos eile ar a bruach agus córas oideachais don 21ú aois a chur in áit an chórais scrúdaithe ó ré Victoria atá ann aois, bheadh cúis mhaith ag na glúine atá le teacht, agus a bheidh ag cur iarrachtaí na linne seo faoi scrúdú, ardmharcanna a thabhairt dúinn.

*Iar-eagarthóir ar Lá Nua é Concubhar Ó Liatháin agus tá blag aige darb ainm iGaeilge.*

# Tá poll sa bhuicéad



**Conall Ó Móráin**

TÁ seanamhrán ann ina gcantar faoi pholl i mbun an bhuicéid. Tá fear ag iarraidh faobhar a chur ar speal ach chun go mbeadh an speal géar tá air uisce d'fháil chun cloch a fhliuchadh chun faobhar a chur ar an speal.

Ach tá poll sa bhuicéad agus moltar dó tuí a chur i mbun an bhuicéid chun an t-uisce a stopadh ag doirteadh amach.

Ach tá speal ag teastáil leis an tuí a ghearradh agus níl faobhar ar an speal agus ní féidir leis uisce d'fháil mar go bhfuil poll sa bhuicéad…

Sin mar atá le Banc Angla-Éireannach. Tá caillteanas dochreidte déanta ag an mbanc agus fiú go bhfuil costas €25 míle milliún air faoi láthair níl tráchtairí cinnte gur ansin a chríochnóidh an figiúr.

Gach uair a chuirtear bloc d'iasachtaí Angla go dtí NAMA cuireann sé le deacrachtaí ar thaobh amháin nó taobh eile don chlár comhardaithe. Má tá iasacht milliún Euro ag Angla agus má deir NAMA nach fiú ach 50% dá luach é (agus tá roinnt des na hiasachtaí atá dá bpiocadh suas ag NAMA anois ag luach neamhní) tá caillteanas €500,000 le scríobh i gcuntais Angla.

Muidne atá ag díol as seo mar gur linne an banc.

Nuair a deir mé gur linne an banc, is éard atá i gceist agam ná gurb é an rialtas, thar ár gceann, atá dá stiúradh ach is muidne, cáiníocóirí na glúine seo agus na nglúine amach anseo, atá agus a bheidh thíos leis.

De bharr go bhfuil €25 míle milliún caillte ag an mbanc go dtí seo - sea, is coir breathnú ar an fhigiúr sin cúpla uair go dtí go dtuigeann tú cé chomh mór agus atá sé - is é an rialtas agus, dá bharr, an tír, atá thíos leis.

Is de bharr na n-iasachtaí seo go bhfuil na gníomhaireachtaí rátála, cosúil le Standards and Poors an tseachtain seo, ag ísliú an scóir muiníneachta atá acu, agus dá bharr sin, ag infheisteoirí idirnáisiúnta sa tír.

Sea, an tír, ní i mbanc Angla Éireannach atá bancbhriste, ach sa tír, go dtugann Standards and Poors nod go bhfuil muid, mar thír, ag druidim i dtreo bancbhristeachta.

Dá dtarlódh sé seo, agus ní dóigh liom go dtarlóidh, is fiú go mbeadh a fhios ag léitheoirí Gaelscéal céard go díreach is ciall le bancbhristeacht tíre.

Chiallódh sé, mar atá tarlaithe go minic cheana, go mbeadh ar an gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (an IMF) teacht i gcabhair orainn.

Ní daoine deasa iad seo.

Bheadh siad go mór ar an eite dheis i dtéarmaí eacnamaíochta. Níl caolchúis sa bhfoclóir acu. D'fhéadfaí tomhas anois go molfadh siad (agus nuair a 'mholann' an Ciste Airgeadaíochta rud ní moladh le plé a bhíonn ann - caithfear é a dhéanamh mar gur acu siúd atá an sparán) an tríú cuid den tseirbhís phoiblí a ghearradh, cáin a ardú agus airgead a ghearradh ar sheirbhísí sláinte agus oideachais.

Ní bheadh an pobal sásta, bheadh círéibeacha ar na sráideanna agus bheadh daoine ag iarraidh ar bhanríon Shasana muid a ghlacadh ar ais nuair a thagann sí ar cuairt chugainn go luath.

**Seo í an deacracht, dá mhéad a théann costas Angla in airde is ea is mó dochar a dhéanann sé don tír agus cheana féin tá muid ag díol 3.25% níos mó ná na Gearmánaigh ar an airgead atá an rialtas a ghlacadh ar iasacht chun an seó a choimeád ar an mbóthar. Má éiríonn rudaí níos measa ag Angla imeoidh costas ár n-iasachtaí náisiúnta in airde níos mó.**

Nuair a thosaigh an tAire Airgeadais, Brian Lenihan, ag rá linn cén costas a bheadh ar Bhanc Angla Éireannach a shábháil bhí an chéad fhigiúr thart ar €10 míle milliún. Ansin dhreap an costas i dtreo €17 míle milliún. Níos mó. Anois tá muid ag €25 míle milliún agus ní dóigh le haon duine go bhfuil an bhuaic sroichte againn.

Seo í an deacracht, dá mhéad a théann costas Angla in airde is ea is mó dochar a dhéanann sé don tír agus cheana féin tá muid ag díol 3.25% níos mó ná na Gearmánaigh ar an airgead atá an rialtas a ghlacadh ar iasacht chun an seó a choimeád ar an mbóthar. Má éiríonn rudaí níos measa ag Angla imeoidh costas ár n-iasachtaí náisiúnta in airde níos mó.

Ach, ceann de na bunfháthanna nach bhfuil Brian Lenihan ag iarraidh Bank Angla a dhúnadh ná a scaoileadh le sruth ná de bharr na n-infheisteoirí idirnáisiúnta go bhfuil bannaí acu leis an mbanc.

Ní scaireanna a bhí ag na daoine seo ach thug siad iasachtaí don bhanc ar bhonn bannaí. Níl a fhios againn cé mhéad airgid i bhfoirm bannaí atá i gceist ach is na mílte milliún go mbeifí dá gcomhaireamh.

Tá eagla ar an Aire Airgeadais, an Banc Ceannais agus NAMA, má theipeann ar na bannaí seo, ós rud é go bhfuil ainm rialtas na hÉireann leo anois gur leo/linne an banc, go dtabharfadh sé seo fíor-dhrochainm don tír in aigní infheisteoirí idirnáisiúnta agus go gcuirfeadh sé seo costas iasachtaí idirnáisiúnta in airde.

Is cuma cén taobh don bhuicéad ar a bhfuil tú ag breathnú tá poll ann. Ach is daoine fásta na hinfheisteoirí eachtrannacha seo agus rud amháin go bhféadfaí a dhéanamh ná margadh a dhéanamh leo.

Má dhúntar an banc glan amach caillfidh siad a gcuid airgid, bealach amháin nó bealach eile. Tuigeann siad an méid sin. Cluiche poker leo a bheadh i gceist. Cén lacáiste a ghlacadh siad ar luach a mbannaí, 20%, 50% nó 90%?

Mura bhfaigheadh úinéirí na mbannaí ach 10% dá gcuid airgid ar ais shábhálfadh sé, creidtear, beagnach €16 míle milliún ar an Stát, sin tusa agus mise. Más féidir ceist seo na mbannaí a réiteach d'fhéadfaí ansin iarraidh ar an tréidlia teacht ar cuairt agus Angla a chur as pian go buan.

Dála an scéil cosúil leis an radharc sin i scannán uafáis nuair a léimeann corp marbh as an uaigh n'fheadar ar thug mórán daoine faoi deara gur thug Banc Angla Éireannach, sea an corp marbh, airgead ar iasacht don dlíodóir clúiteach, Noel Smyth, chun pictiúrlann mhór d'oscailt i dTamhlacht, Baile Átha Cliath, i rith na seachtaine.

An t-uafás, an t-uafás.

# An raibh Chesney ciontach? Níl a fhios againn



**Eoghan Ó Néill**

*'The lives of the people of Claudy are no less valuable than those lost during Bloody Sunday'*

Tá mé ag teacht go huile is go hiomlán leis an bhean a dúirt an méid sin, Mary Hamilton.

Comhairleoir de chuid an UUP anois í ach in 1972 bhí sí ina húinéir ar an Beaufort Hotel, óstán a scriosadh an lá a rinne an tIRA slad ar Chlóidigh.

Tá Mary ag brú anois le go mbeadh fiosrúchán oifigiúil ann faoin eachtra.

Creideann sí gur gá sin cionn is go raibh a leithéid ann i gcás Dhomhnach na Fola.

Ach tá Mary mícheart.

Níl aon amhras ach go raibh beatha na ndaoine a cailleadh i gClóidigh chomh luachmhar céanna le beatha na ndaoine sin a cailleadh ar Dhomhnach na Fola.

Ní hionann sin is a rá áfach gur gá go mbeadh fiosrúchán den saghas céanna ar an dá eachtra.

Dá mbeadh fiosrúchán oifigiúil ann ar bhuamaí Chlóidigh ní aimseofaí mórán eolas breise.

Agus mé ag scríobh seo níl d'fhianaise i gcoinne an Athair James Chesney ach líomhaintí a rinne baill de Bhrainse Speisialta an RUC 40 bliain ó shin.

Iad ag maíomh go raibh an sagart ina oifigeach san IRA agus go raibh lámh aige i mbuamaí Chlóidigh.

Níor cuireadh aon fhianaise chun tosaigh chun tacú leis na líomhaintí sin agus níl a fhios againn an raibh aon fhianaise ag an RUC.

Tá an chuma ar an scéal nach raibh.

Is minic nach raibh fianaise ag Brainse Speisialta an RUC nó ag an am sin ná ní raibh gá acu le fianaise.

Ba leor nod ón Bhrainse Speisialta le go gcuirfí faoi ghlas thú gan triail gan éisteacht.

Cheistigh Edward Daly an tAthair Chesney ar dhá ócáid agus i ndiaidh dó labhairt leis bhí an t-iar-Easpag go mór in amhras faoi na líomhaintí.

Cá bhfios?

Ní bheidh a fhios againn go deo cé acu fíor nó bréag ach na líomhaintí a cuireadh i leith an Athar Chesney.

Is léir áfach go raibh dlúthpháirtíocht ann idir an Eaglais Chaitliceach, an RUC is rialtas na Breataine chun an sagart trioblóideach seo a bhogadh go paróiste eile - bíodh sé ciontach nó ná bíodh.

Ach gan cruthúnas againn go raibh an tAthair Chesney páirteach san IRA nó nach raibh ní fiú a bheith ag síor-scrúdú na ceiste.

Is iontach an u-chasadh atá déanta ag Gregory Campbell maidir le fiosrúchán, leithscéal phoiblí agus eile.

**Is léir áfach go raibh dlúthpháirtíocht ann idir an Eaglais Chaitliceach, an RUC is rialtas na Breataine chun an sagart trioblóideach seo a bhogadh go paróiste eile – bíodh sé ciontach nó ná bíodh. Ach gan cruthúnas againn go raibh an tAthair Chesney páirteach san IRA nó nach raibh ní fiú a bheith ag síor-scrúdú na ceiste.**

Chaith an feisire DUP na blianta ag séanadh gur tharla sléacht gan chosaint ar Dhomhnach na Fola agus ag cur i gcoinne fiosrúcháin ar na heachtraí sin.

Anois tá Gregory ar thús cadhnaíochta orthu sin atá ag brú ar son fiosrúcháin a bheith ann i gcás Chlóidigh.

Mí ó shin bhí a chomhfheisire sa DUP, Ian Óg Paisley ag éileamh ar an PSNI gan a gcuid ama a chur amú ag fiosrú eachtraí a tharla 40 bliain ó shin.

Ag tagairt do Dhomhnach na Fola srl. a bhí sé an t-am sin.

Gan amhras beidh a mhalairt poirt ag Ian Óg agus é ag caint feasta faoi Chlóidigh.

Athróidh an DUP a seasamh faoi fhiosrúchán de réir mar a mheasann siad fiosrúchán a bheith ar a leas nó ar a n-aimhleas.

I gcás Chlóidigh áfach ní bheidh fiosrúchán ann.

Nó tá uirlisí ann cheana féin chun cásanna ar nós Chlóidigh nó ar nós bhuama Mc Gurk's a fhiosrú.

Tá an cúram sin ar Al Hutchinson, Ombudsman na bPéas.

Agus ar aonad ar leith den PSNI, an 'Historical Enquiries Team' (HET).

Ach tá cásanna eile ann nuair atá gá le fiosrúchán de shórt eile, ar scála eile.

Nó sna cásanna sin, cosúil le Domhnach na Fola, is é an Stát atá sa chró cúirte.

Faoi mar a tharla i gcás Saville.

Nuair a deir an stát nach raibh baint ná páirt acu i marú saoránaigh dá gcuid agus nuair a mhaíonn an stát gur 'sceimhlitheoirí' iad na saoránaigh sin, bhuel, ní féidir an stát a chur a fhiosrú féin.

Bhí gá le Saville.

Agus beidh gá le fiosrúcháin cuimsitheacha mar é amach anseo chun a iniúchadh i gceart na heachtraí is conspóidí a tharla le linn na dTrioblóidí.

Is éigean cur chuige nua agus is éigean dream ar leith chun tabhairt faoin jab.

Dream idirnáisiúnta.

Nó ní féidir le dream ar bith a bhí páirteach sna trioblóidí a bheith neodrach fúthu agus iad a iniúchadh i gceart.

Ach cibé leagan amach a bheidh ann is éigean a macasamhail a chur ar bun go luath.

Nó ní bhíonn de thoradh ar na haighnis rialta againn faoi Saville, faoi Chlóidigh, faoin Ómaigh, faoi Bhaile Uí Mhurchú agus eile ach an seicteachas a threisiú.

GAELSCÉAL
Dé hAoine, 27 Lúnasa, 2010

# Eagarfhocal

Gaelscéal
An Chuasnóg, Baile Ard
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe

## "Ground Zero Mosque"

TÁ an teannas ag ardú i Nua-Eabhrac mar gheall ar thógáil mosc gar don áit a bhfuair 2,976 duine bás in ionsaithe 9/11.

Tá sé beartaithe an mosc a thógáil dhá 'bhloc' ar shiúl ón áit a seasadh an Dá Thúr sular scriosadh iad.

Tá daoine atá i gcoinne an mhosc ag tabhairt an "Ground Zero Mosque" air.

Is doiléir an díospóireacht í anois mar gheall ar na mothúcháin atá ag cur mearbhaill ar dhaone maidir leis na fíricí agus prionsabail Bhunreacht Stáit Aontaithe Mheiriceá.

Níl sé ina chuidiú ach an oiread go bhfuil an chonspóid seo in úsáid ag roinnt tráchtairí ar an eite dheis ina bhfeachtas i gcoinne Uachtarán SAM Barack Obama.

Tá roinnt acu sin ag tabhairt le tuiscint go slítheánta i rith an ama gur Moslamach é Barack Obama.

Bréag atá sa mhaíomh sin i ndeireadh na dála.

Ní féidir a shéanadh nach bhfuil saoirse creidimh ann in go leor tíortha Moslamacha ach is bunphrionsabal é i SAM, go teoiriciúil ar a laghad.

Ní ceart go gcuirfeadh cúrsaí creidimh nó polaitíochta isteach ar cá háit a mbunófar an mosc seo.

Má tá daoine ag iarraidh deireadh a chur leis an mhosc mar gheall ar an chreideamh, tá siad ag déanamh dochair don phrionsabal sin.

Caithfidh siad an cheist a chur orthu féin an Stát Críostaí atá siad a iarraidh nó an seasann siad le ceann de na bunchlocha ar a seasann SAM.

Más tír Chríostaí atá uathu, gan saoirse creidimh ann, nach é sin a mhaígh Al-Queda a bhí ann i gcónaí?

Caithfidh siad siúd atá ag tabhairt faoin mhosc a thógáil an cheist a chur orthu féin, an fiú é a thógáil san áit seo?

Gníomh gríosaitheach atá ann, beag beann ar cad a bhí i gceist acu sa chéad dul síos.

Tá siad ag cuidiú leo siúd ar mhaith leo an Moslamachas a chur faoi chois i SAM.

## An fhírinne

BA shearbh an fhírinne a fuair gaolta na ndaoine a fuair bás i mbuamaí Chlóidigh beagnach 30 bliain ó shin agus tá a bhfearg intuigthe.

Tá gach duine i dteideal an fhírinne a fháil agus ba cheart go mbeadh próiseas ann leis an mhéid is mó fírinne a nochtadh agus is féidir.

Tá sé ag dul a bheith deacair chun teacht ar lom na fírinne sa chás seo.

Níl an tAthair Chesney beo agus níl sé ábalta freagra a thabhairt ar na líomhaintí atá curtha ina choinne ná aon mhíniú a thabhairt.

Déanta na fírinne, ní léir go bhfuil aon fhianaise ann taobh thiar de na líomhaintí agus níor ciontaíodh an tAthair Chesney as rud ar bith a dhéanamh ar ndóigh.

Creidtear gur leag an IRA na buamaí. Is doiligh a thuigbheáil cad is féidir leis an IRA mar eagraíocht a dhéanamh chun níos mó eolais a thabhairt, ar an ábhar nach bhfuil a leithéid ann - díreach mar a d'éiligh na haontachtóirí. Is míbhuntáiste do phróiseas na fírinne gur scoir an IRA.

Is furasta breithiúnas a dhéanamh ar na daoine a choinnigh eolas faoi cheilt i 1972 ach ná déanaimis dearmad go bhfuair 500 duine bás sa bhliain sin agus bhí baol ann go mbrisfeadh cogadh iomlán amach.

Tá seasamh na heaglaise intuigthe sa chomhthéacs sin.

Dá mbeadh fios ag paraimíleataigh dhílseacha go raibh sagart Caitliceach taobh thiar de bhuamáil agus eile, bhainfeadh siad úsáid as chun údar a thabhairt do shlad ar Chaitlicigh.

Ar an láimh eile, tá gach seans ann go mbeadh níos mó tacaíochta ann i measc Caitliceach d'fheachtas foréigneach dá mbeadh a fhios acu go raibh sagart páirteach ann.

# LITREACHA chuig an Eagarthóir

Cuirtear litreacha chuig **litreacha@gaelsceal.ie**.
Iarrtar oraibh a bheith chomh gonta agus is féidir.

### Litir oscailte chuig an Taoiseach agus an Tánaiste faoi staid na Gaeltachtaí

A Thaoisigh agus a Thánaiste, a chairde,
Tá muid ag scríobh chugaibh mar phobal Gaeltachta aontaithe mar go bhfuil imní mhór orainn faoi Thuarascáil na Roinne Airgeadais ar Chaiteachas Caipitiúil 2010-2016. Má ghlactar lena bhfuil molta, beidh deireadh go praiticiúil leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus le hÚdarás na Gaeltachta faoi 2016 agus muid ag comóradh 100 Bliain ó bhí Éirí Amach 1916 ann.

Tá na ciorruithe is airde i ndán don Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta.

Mar is eol daoibh ón Staideár Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá géarchéim teanga ins an Ghaeltacht faoi láthair, fiú ins na Gaeltachtaí is láidre:

"Is é tátal lom shuirbhé na ndaoine óga nach bhfuil ach idir 15 bliana agus scór blianta fágtha mar shaolré ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail sa chuid is láidre den Ghaeltacht, is é sin le rá an chuid den Ghaeltacht a bhaineann le Catagóir A, mura féidir an patrún seo a chur ar mhalairt treo." (SCT, 2007:27)

Caithfear dul i ngleic leis an fhadhb seo láithreach sula mbeidh sé rómhall agus mar sin de, iarraimid oraibh glacadh leis na moltaí uilig a rinneadh i dTuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais ar an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ar na mallaibh agus iad a chur i bhfeidhm.

Glacann muid leis go bhfuil muid i ndrochstaid eacnamúil faoi láthair agus go bhfuil gá le ciorruithe a dhéanamh i gcaiteachas an Stáit ach ní fhanfaidh slánú na Gaeilge sa Ghaeltacht le cúrsaí eacnamaíochta domhanda.

Is muidinne, le meas,
Coistí Pobail agus Coláistí Samhraidh
Ghaeltacht Dhún na nGall
Guth na Gaeltachtam Éamonn Mac Niallais
Coiste Áislann Chill Chartha, Mícheál Mac Giolla Easbuic
Coiste Paróiste Ghort a Choirce, Séamus Mac Géidigh
Gaeltacht Bheo Fhánada, Brídín B. Nic Chearáin
Coiste Ban Tí Thír Chonaill, Gráinne Mhic Géidigh
Coiste Áislann Rann na Feirste,Bríd Uí Dhonaill
Comharchumann Oileán Árainn Mhór, Nóirín Uí Mhaoldomhnaigh
Coiste Forbartha Anagaire - Séamus Mac Ruairí
Comhairle Pharóiste Chill Chartha - Séamus Mac Briartaigh
Coiste Pobail Eascarrach, Caitlín Uí Laifeartaigh,
Coiste Forbartha Theileann, Siobhán Ní Churraighín,
Coiste Forbartha Dhobhair Teo, Máire Ní Chomhaill,
Coiste Sheáin Bháin, Baile na Finne - Máire Uí Cheallaigh
Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair,Máire Mhic Niallais,
Coiste Céim Aniar, Na Dúnaibh, Aodh Mac Laifeartaigh
Lár-Comhairle Pharóiste Ghleann Cholm Cille, Brian Mac Cuinneagán,
Comharchumann na nOileán Beag, Máirín Uí Fhearraigh,
Comharchumann Oilean Thoraí, Bridget Nic Gairbheith.
Cumann Trádala agus Tionscail Ghaoth Dobhair, Éamon Mac Giolla Bhríde
Coláiste Gael Linn Bhun an Inbhir, Réamonn Ó Ciaráin
Coláiste Gael Linn Mhachaire Rabhartaigh, Póilín Ní Dhonnchadh
Coláiste Mhuire, Loch an Iúir, Daithí Ó Muirí
Coláiste Árainn Mhór, Mánas Ó Luathaire
Coláiste Cholm Cille Gaoth Dobhair, Seosamh Ó Gallchóir
Oideas Gael Gleann Cholm Cille, Dr. Seosamh Watson
Coláiste Chill Chartha, Máiréad Uí Bhrádaigh
Coláiste Rann na Feirste, Niall Ó Sluáin
Coláiste na Rosann, Anagaire, Seosamh Ó Duibheannaigh
Coláiste Bhun an Leaca, Gavin Ó Fearraigh agus Colleen Nic Aodha
Mná Tí Mhín an Chladaigh, Bríd Ní Cholla
Mná Tí Bhun an Inbhir, Máire Treasa Mhic Pháidín agus Marian Mhic Pháidín
Mná Tí Bhun na Leaca, Pádraig Mac Pháidín
Mná Tí Mhachaire Rabhartaigh, Rosemary Bn Mhic Fhionnlaoich
Mná Tí Rann na Feirste, Aodh Mac Ruairí, Máiread Mhic Grianna agus Anne Bn Mhic Eamharcaigh
Mná Tí Choláiste Theileann, Gráinne Mhic Giolla Easpaig
Mná Tí Loch an Iúir,Marie Bn Mhic Gairbheith
Mná Tí Dhún Lúiche, Máire Bn Uí Choilm
Mná Tí Ghort an Choirce, Sorcha Ní Fhíoruisce
Mná Tí Choláiste Cholm Cille, Bella Uí Dhochartaigh
Mná Tí Anagaire, Fionnuala Mhic Giolla Bhríde agus Attie Ní Dhomhnaill

### Cé hiad na meáin náisiúnta?

A chara,
D'úsáid Eoin Mac Garvey an téarma 'na meáin náisiúnta' ina alt faoi ionsaí ar scoláirí a bhí ag freastal ar chúrsa i Loch an Iúir. B'uafasach an t-ionsaí a rinneadh ar na daltaí seo agus tá súil agam go bhfuil siad láidir go leor le dul ar aghaidh lena gcuid staidéir ar an nGaeilge agus dearmad a dhéanamh ar 'na fir chruaidh' seo. Ach, cad é a bhí i gceist aige nuair a scríobh sé faoi 'na meáin náisiúnta'? Cloisim seo go minic ar RTÉ agus fiú ar Raidió na Gaeltachta. An iad 'an tIrish Sun, an tIrish Mirror, an tIrish Star nó an tIrish Mail' atá ar intinn aige? Ní raibh, níl agus ní bheidh baint ar bith acu leis an náisiún seo mar tá siad ag dul ar aghaidh leis an sprioc atá acu, an tír seo a ghalldú lá i ndiaidh lae. Ba cheart an téarma 'na meáin ghallda' a úsáid agus muid ag caint fúthu..

Le meas
Gerry Sóna
Bun a' Phobail
Dún na nGall

# Tailte faoi uisce na hÉireann



Páidí Ó Lionáird

TÁ tailte faoi uisce na hÉireann nach mór deich n-oiread níos mó i méid ná na tailte os cionn na farraige againn. Tá eolaithe Fhoras na Mara ag maíomh luach nó luach féideartha na dtailte sin agus an ceart sin acu.

Ní fios cén stór mianraí, seodra géeolaíochta nó acmhainní nádúrtha mar ola nó gás atá ann.

Agus mé ag smaoineamh air, táim den tuairim gur cuma sa diabhal cén luach a bheadh air.

Ní againne a bheadh sé! Seo de réir stair úrnua na tíre. Thugamar uainn ár gcearta iascaireachta do José agus Pierre i bhfad ó shin agus ní bheimid á bhfáil ar ais.

Féach cad a tharla le tobar gáis na Coiribe amach ó chósta Mhaigh Eo. Nuair a chualathas faoin dtobar gáis seo den gcéad uair i lár na nóchaidí, bhí gliondar áthais orm. Seans go mbeadh freagra na géarchéime fuinnimh i ndoimhneas an tobair seo, go mbeadh Éire féin-chothaitheach ó thaobh ábhar fuinnimh de, go mbeimis ar fad saibhir cosúil le clann Jock Ewing i South Fork. Nó rud éigin mar sin.

Ach ansin chuala go raibh cearta tollta agus aistarraingthe an gháis seo díolta ag an stát le comhlacht a raibh baint nach beag ag Denis Thatcher leis.

Aithneoidh sibh an sloinne muna n-aithneoidh sibh an fear féin - sea, fear céile iar-Phríomh-Aire na Breataine Margaret Thatcher a chaith a tréimhse i gceannas na tíre sin (agus cúinne thoir-thuaidh an oileáin seo) ag rá "...No, no, no!" linne.

Cé a bhí i gceannas na tíre ag an am agus cé a bhronn na ceadúnais sin, agus iad chomh luachmhar sin, air siúd thar éinne eile? Mar bharr ar gach masla eile a chaith a bhean chéile linn! Tá i bhfad níos mó páir (agus cosaint dlí) de dhíth chun ainmneacha a lua agus an rian páipéir sin a leanúint. Ceal ama agus misnigh, ní bheadsa á gcraobhscaoileadh anseo.

Féach cad a tharla ó shin áfach. Ó Thatcher go Statoil agus corrlámh smeartha eile go dtí go bhfuair an tollchomhlacht idirnáisiúnta, Shell, greim ar 45% de na cearta (Statoil 36.5%, Vermilion Energy 18.5%).

Sibhse a bhfuil aithne agaibh ar an bhfoilseachán National Geographic, beidh 'fhios agaibh cén gaisce atá déanta ag an gcomhlacht Shell go hidirnáisiúnta, ag baint buntáiste as tíortha bochta san Afraic, ag glacadh seilbhe ar a n-acmhainní nádúrtha agus ag milleadh an chomhshaoil le glúine anuas - an eachtra is déanaí an mhí seo i nDeilt Abhainn na Nígire, áit a bhfuil Bonny Island agus an ceantar faoi bhrat ola a sceith ó cheann de thobair Shell. Sceitheadh é seo nár deineadh aon iarracht ar a mhaolú ná a ghlanadh suas in achar ocht lá dhéag! Tá slite beatha na n-iascairí agus áitritheoirí an cheantair seo i mbaol de bharr an sceite seo, baol a chuireann leis an gcruatan atá á fhulaingt cheana féin ag móramh an daonra ar bhruach na habhann seo.

**Tá aithne agam ar na céadta atá in aghaidh na forbartha seo. Daoine meáite ar an bhformhór, daoine a bheadh ar thaobh an "duine bhig" agus a bheadh go mór in aghaidh cumhacht ollchomhlachta idirnáisiúnta ar aon chuma. Tá, áfach, aithne agam ar na céadta atá i bhfabhar Shell sa chás seo freisin. Daoine meáite ar an bhformhór iad seo freisin, a deir go bhfuil leas na heacnamaíochta níos tábhachtaí ná slí nó stíl beatha na n-áitritheoirí áitiúla.**




Trá Ghleann an Ghad i gContae Mhaigh Eo le muintir na háite ar an dá thaobh den ngeata

De réir John Donovan, iar-oibrí le Shell i Meiriceá, tá an comhlacht ag déanamh amhlaidh anseo in Éirinn, "...le cleachtais éilitheacha, caimiléireacht pholaitíochta, ag goid na n-acmhainní agus ag plé le cosmhuintir na hÉireann faoi mar a chaith siad le muintir na dtíortha tríú domhan."

An tseachtain seo, thosnaigh éisteachtaí faoi bhráid an Bhoird Phleanála faoi athrú treo phíblíne thobar gáis na Coiribe. Is é Martin Nolan, iar-bhainisteoir contae Chiarraí, atá sa chathaoir thar ceann an Bhoird Phleanála. Tá Shell ag lorg treo na bpíob a athrú go suntasach, deich mí i ndiaidh don Bhord céanna diúltú do threo eile a bhí éilithe ag Shell, diúltaithe de bharr cúinsí sábháilteachta pobail. Bua ollmhór do mhuintir Shell to Sea a bhí ann agus go háirithe d'áitritheoirí cheantar Ros Dumhach.

Tá aithne agam ar na céadta atá in aghaidh na forbartha seo. Daoine meáite ar an bhformhór, daoine a bheadh ar thaobh an "duine bhig" agus a bheadh go mór in aghaidh cumhacht ollchomhlachta idirnáisiúnta ar aon chuma.

Tá, áfach, aithne agam ar na céadta atá i bhfabhar Shell sa chás seo freisin.

Daoine meáite ar an bhformhór iad seo freisin, a deir go bhfuil leas na heacnamaíochta níos tábhachtaí ná slí nó stíl beatha na n-áitritheoirí áitiúla.

Ach cén eacnamaíocht a threiseofar leis an ola seo? Eacnamaíocht na Breataine!

An NIMBYs iad muintir Ros Dumhach? An daoine iad nach bhfuil aon suim acu i dtodhchaí fuinnimh na tíre agus nach bhfuil Shell tar éis a ndóthain airgid a thairiscint dóibh?

Tá an pobal deighilte ag Shell. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil formhór mór de mhuintir Bhéal an Mhuirthead i bhfabhar na forbartha.

Tuige nach mbeadh? Nach bhfuil saibhreas thar mhaitheas rialtais ar bith bronnta ag Shell orthu?

Scoláireachtaí oideachais, páirceanna peile, deontais phobail - luach de bhreis is €350,000 in 2009 amháin - nár chinntigh a gcúnamh maoine Comórtas Peile na Gaeltachta ann i mbliana?

Ceannaíonn an t-airgead seo ciúnas na ndaoine.

Nach bhfuil ceannaire FG Enda Kenny fiú ina thost ar cheist Shell?

An craiceann is a luach. Sin atá ag teastáil ón gcomhlacht Shell.

Pé acmhainní a fhaightear ar chríocha thalamh faoi uisce na hÉireann agus tá súil agam go bhfaighfear, cén mhaith iad muna mbainfeadh ár muintir féin leas astu?

## SÚIL SIAR na Seachtaine

### Amárach

Lúnasa 1961

### Gaeltacht Portlairge

CEÁRD iad na pleananna do

Sa Dáil d'fiafraigh an tUasal Ó Cadhain TD., de Aire na Gaeltachta cad iad na pleananna bhí aige do Ghaeltacht Port Lairge. D'fhreagair Gearóid Mac Pharthaláin, TD., Aire na Gaeltachta :

Iséard atá ar intinn ag mo Roinnse maidir le Forbairt na Gaeltachta i gContae Phortlairge ná go dtabharfaí feidhm, chomh fada agus is féidir, do na scéimeanna a luaitear i leabhar na meastachán don bhliain airgeadais reatha i ndáil le bhotha na Roinne.

Breandáin Mac Fheorais : Os rud é nach dtuigeann an Teachta ó Cabhain an Ghaeilge, an dtiubhraidh an tAire aistriú Bhéarla ar an bhfreagra?

Gearóid Mac Pharthaláin : Mhíníos cheana an rial a bhaineas leis an rud seo : go dtugtaí aistriú arna iarraidh sin ag an Teachta a chuir síos an cheist má abraíonn sé nach dtuigeann sé an fhreagra i nGaeilge."

Breandán Mac Fheoiris : Ta an tAire ag diúltú aistrithe do Theachta Ó Cadhain mar sin.

Gearóid Mac Pharthaláin: Ní mise a rinne an rial. Rinne an Teachta Ua Maolchatha é agus dhaingnigh an Teachta Mac Loingsigh é le linn dóibh a bheith ina nAirí na Gaeltachta. Tá an treoir sin ar bhreachacáin na Roinne. Chloidh an dá Airí Gaeltachta de Pháirtí Fianna Fáil leis a bhí ann romham-sa. Comhlionaimse, freisin, é.

Séamus Ó Diolúin: Cheap mé dá n-iarrfadh Teachta aistriú go mbeadh an tAire cuirtéiseach go leor lena tabhairt.

Ceann Comhairle: Ní féidir a dhíospóireacht anois.

B. Mac Feorais: Diúltaigh an tAire an freagra a thabhairt i mBéarla.

Donnchadh Ó Briain: Níor dhiúltaigh.

Gearóid Mac Pharthaláin: An Teachta Mhaolchatha agus an Teachta Mac Loingsigh a chúr tús leis an nós a bhfuil mise ag leanstan de agus má deireann Teachta nach dtuigeann sé freagra a thugaim bheirfidh mé aistriú i mBéarla.



AMARACH

FÁILTE MHÓR ÓN DROIGHNEÁN DONN ROIMH AMÁRACH

AN RÓS NÁR PIOCADH

MOILL AR SCÉIMEANNA UISCE

THATCHER IS CÚIS LEIS

Rann na Feirste "Ar Staile"

CEANNRÓDAÍOCHT

ár ngnó i gcónaí

"MAC PIARAIS – PEARSE"

gael-linn

GAELDATA

RÍOMHAIREACHT DO GHNÓNNA NA GAELTACHTA

PÁ ROLLAÍ
CUNTAIS
STOC
CÓRAIS FAOI LEITH

CAOIMHGHÍN Ó GALLCHOBHAIR
GNÍOMHAIRE RÍOMHAIRE

CLAIDHBÁN, GAILLIMH (091) 21102

CRAOBH IOMÁNA NA hÉIREANN: TUAIRISC SPEISIALTA lgh. 6 agus 7

# 4 CÚRSAÍ SAOIL

# A scátháin, a scátháin, ar an mballa

Treasa Bhreathnach

BREATHNAIGH sa scáthán. An bhfuil aon rud fút féin gur mhaith leat a athrú? Céard faoi do dhath gruaige? Tá sé sin éasca le déanamh, téigh chuig an ngruagaire.

Céard faoi d'fhiacla a dhéanamh níos gile? Tá sé seo éasca le déanamh chomh maith, téigh chuig an bhfiaclóir. Céard faoi na roic (wrinkles) atá le feiceáil ar d'aghaidh? Tá siad seo éasca le hathrú chomh maith, téigh chuig an bpoitigéir agus ceannaigh uachtar frithroctha.

B'fhéidir nach mbeidh an difríocht le feiceáil láithreach, nó in am ar bith go deimhin, ag brath ar na táirgí a cheannaíonn tú.

Tá rogha eile ann. D'fhéadfá dul chuig do mháinlia áitiúil plaisteach le haghaidh gnáthaimh neamh-mháinliachta - Botox. Beidh na torthaí le feiceáil láithreach agus, sa deireadh thiar thall, tá gach seans ann go mbeidh sé níos saoire ná an méid airgid uile atá caite agat thar na blianta ar uachtar.

Céard faoi thaoide na haimsire a chasadh go hiomlán? Nó an chuma atá ar d'aghaidh a athrú go hiomlán? B'fhéidir nach bhfuil tú chomh dóighiúil céanna le daoine eile, ach ar cheart dul ag útamáil leis an méid a thug 'máthair an nádúir', Dia nó cibé cén duine a bhí ag dáileadh na háilleachta dúinn?

Tá níos mó Éireannach ná riamh ag dul i muinín na máinliachta chun iarracht a dhéanamh é seo go díreach a dhéanamh agus, b'fhéidir, aireachtáil níos fearr iontu féin.

I suirbhé a rinneadh le roinnt míonna anuas deirtear go bhfuil bearna de 10% i scála pá na ndaoine siúd a shíltear a bheith dathúil agus iad siúd nach síltear an méid sin fúthu.

I suirbhé a rinne onepoll.com i mí Feabhra na bliana seo fuaireadar amach gurbh iad na Meiriceánaigh na daoine is dathúla ar domhan (lárionad na máinliachta plaistí), agus nach bhfuil na hÉireannaigh ach sa 16ú háit.

Déantar níos mó ná 17 milliún gnáthamh máinliachta ar fud an domhain gach bliain, 8.5 milliún gnáthamh máinliachta agus 8.7 milliún gnáthamh neamh-mháinliachta. Is sna Stáit Aontaithe a dhéantar an chuid is mó acu agus is í an tSín atá sa dara háit.

Is ar son an Chumainn Idirnáisiúnta um Máinliacht Phlaisteach Aeistéitiúil (ISAPS) a rinneadh an suirbhé seo. Den chéad uair riamh, is mó duine atá ag dul le 'liposuction' ná méadú cíoch.

Tá argóintí ann i gcoinne na máinliachta plaistí, agus neart pictiúr ar fáil leis an argóint a dhéanamh, ach má dhéantar i gceart í, níl aon fháth nach féidir linn leas a bhaint aisti. Sílim féin, má chabhraíonn sé le duine aireachtáil níos fearr iontu féin, ba cheart go mbéarfaimis, le greim na marbh, ar aon rud (le réasún) a chabhróidh linn é seo a bhaint amach.


Tá difríocht ollmhór idir an cineál máinliachta plaistí ar féidir leat a fháil, ag brath ar an tír agus ar an tsochaí ina bhfuil tú i do chónaí.

Ní ghlactar chomh réidh sin le stíl mháinliachta Mheiriceá (California go mór mhór) sa tír seo.

Tarraingíonn an stíl sin máinliachta an iomarca airde ar an té a théann léi agus tá sé de nós ag roinnt Éireannach caitheamh anuas ar éinne a dhéanann iarracht iad féin a fheabhsú, go mór mhór le 'háilleacht' atá chomh soiléir sin.

Deirtear sa Fhrainc, mura bhfuil a fhios ag éinne go raibh 'nip' nó 'tuck' déanta tá rath ar an máinliacht. Táthar ann a cheapann go bhfuil sé álainn dul i muinín gnáthaimh mháinliachta chun aithris a dhéanamh ar stíl na babóige Sindy, nó srón Cheryl Cole a fháil, nó cíocha Halle Berry, nó tóin J-Lo fiú, agus más é sin a cheapann siad a bheith álainn, ligimis leo!

Ach sílim gur cheart breathnú ar an máinliacht phlaisteach agus aeistéitiúil mar bhealach chun beagán cúnaimh a thabhairt do 'mháthair an nádúir' agus chun 'athair an ama' a chur ó dhoras agus chun níos mó féinmhuiníne a mhúscailt ionat féin.









**Ar Dheis:**
**Jordan & a cíocha**
**Tori Spelling le droch jab**

**Ar bharr Lth 17:**
**Britney Spear (srón)**
**Lindsay Lohan (cíocha)**
**Mickey Rourke (aghaidh)**
**Nicole Kidman (Botox)**
**Victoria Beckham (cíocha)**

**Trasna: Jocely Wildenstein**







# Cé hí an bhean is áille?

Meadhbh Ní Eadhra

NUAIR a théann bean nó fear i muinín na máinliachta plaistí, tagann athrú ar an chuma fhisiceach atá orthu. Ach anuas air sin, tarlaíonn rud éigin eile dóibh, rud éigin istigh iontu féin. Tá siad i ndiaidh cuid dá gcorp a athrú ar mhaithe le cuma "níos fearr" nó "níos dathúla" nó "níos óige" a chur orthu féin. Cén sainmhíniú atá ar na téarmaí seo, áfach? An bhfuil sainmhíniú ar bith orthu? Nach iad na "lochtanna" nó na "neamhfhoirfeachtaí" atá againn, nach iad sin a dhéanann álainn muid? Gan iad, cé muid i ndáiríre?

Tá baol ag baint leis an mháinliacht phlaisteach. A luaithe agus a fhaigheann duine rud amháin déanta, bíonn fonn orthu tuilleadh a fháil déanta, agus tuilleadh, agus tuilleadh. Tá sé an-éasca dul níos faide ná mar a bhí beartaithe agat agus dul thar fóir. An rachainn féin leis an mháinliacht phlaisteach riamh? Seans ar bith. Sílim go bhfuil sé brónach agus truamhéalach go mothaíonn mná, agus fir, gur gá dóibh dul faoi scian nó instealltaí a fháil ionas nach mbeidh cuma na haoise orthu nó gur féidir leo a chur ina luí orthu féin, agus ar dhaoine eile, go bhfuil corp ar leith acu.

Cén fáth a mbeadh bean ag iarraidh breathnú cosúil lena hiníon, nuair atá sí ag staid iomlán difriúil ina saol?

Éiríonn gach duine níos sine de réir mar a imíonn an t-am isteach, agus is rud nádúrtha é sin nár cheart dúinn a bheith ag troid ina aghaidh.

Nuair a théann mná nó fir i muinín na máinliachta plaistí, cén tionchar a bhíonn aige sin ar pháistí agus ar dhaoine óga? An mothaíonn siad go mbeidh orthu féin an rud ceannann céanna a dhéanamh agus iad níos sine, nó an gcreidfidh siad gur rud náireach é dul in aois go nádúrtha?

Deir daoine go bhfuil an mháinliacht phlaisteach go hiontach mar go músclaíonn sé féinmhuinín i ndaoine agus go mothaíonn siad níos fearr iontu féin ina diaidh. Tá bealaí níos fearr, níos sábháilte agus níos éifeachtaí ann le féinmhuinín a neartú i nduine.

Tá an mháinliacht phlaisteach costasach agus tá go leor ionad in Éirinn ag dúnadh anois mar nach bhfuil an t-airgead ag daoine le caitheamh air.

Gach roc a bhíonn ar éadan duine, nó gach "neamhfhoirfeacht" atá orthu, mar dhea, is codanna tábhachtacha iad sin de shaol an duine sin. Is siombail iad den bhóthar atá siúlta acu agus den bhóthar atá fós á shiúl acu. Cén fáth a mbeadh bean nó fear ag iarraidh fáil réidh leis na siombailí sin? Daoine atá ag iarraidh dul leis an mháinliacht phlaisteach ionas go mbeidh siad in ann iad féin a chaomhnú ar bhealach ar leith agus gan ligean d'athruithe tarlú dá gcorp, ní thuigim na daoine sin.



Mair do shaol féin. Tá tú maith go leor mar atá tú agus ní gá duit tú féin a athrú ar bhealach ar bith, in ainneoin a gceapann tú. Go minic, bíonn aiféala ar dhaoine go bhfuair siad máinliacht phlaisteach ar chor ar bith. Go minic, freisin, ní oibríonn sé amach mar ba cheart agus an fiú dul ina bhaol sin?

Mar gheall ar níos mó daoine ná riamh ar fud an domhain a bheith ag dul faoi scian an mháinlia phlaistigh, tá daoine ag éirí amhrasach faoi dhaoine eile. Feiceann siad cíocha móra ar bhean agus fiafríonn siad díbh féin, 'An iad sin a cíocha féin nó cíocha bréagacha? Conas atá an bhean sin ag breathnú chomh hóg sin? Caithfidh go bhfuair sí Botox!'

Is brónach an rud é ach tiocfaidh an lá nuair nach gcreidfidh daoine gur féidir a bheith álainn gan máinliacht phlaisteach a fháil.

Glac le do chorp féin mar atá sé. Is féidir a bheith sláintiúil agus aire a thabhairt duit féin gan dul in aice le máinlia plaisteach. Is féidir a bheith álainn gan dochtúir éigin a íoc chun instealltaí a chur ionat nó cruth do shróine a athrú. Má tá féinmhuinín de dhíth ort, ní thiocfaidh sí ort trí mháinliacht phlaisteach a fháil. Athrófar do chorp, cinnte, ach ní thiocfaidh aon athrú ar na smaointe istigh i do chloigeann. Déantar dearmad air sin go rómhinic.

## DEARCADH FIR

Ciarán Dunbar

CUIR Gaeilge ar 'cop-out' - do rogha féin a deirim. Má tá duine ag iarraidh go n-athródh máinlia an chuma atá orthu, agus má tá an t-airgead acu féin - mar níor mhaith liomsa a bheith ag íoc as - níl fadhb ar bith agam leis sin.

Tá mé thar a bheith sásta go mbeadh airgead poiblí á chaitheamh ar mháinliacht do dhaoine atá ainimheach (disfigured) ar dhóigh éigin a chuirfeadh isteach ar an mhianach saoil s'acu, ach ní do dhuine a bhfuil "srón rómhór orthu" go díreach.

Tuigim nach mbaineann máinliacht phlaisteach le mná amháin ach den chuid is mó baineann sé le mná, nó is é sin an tuigbheáil atá amuigh ansin. Seans go bhfuil sé níos feiceálaí i gcás na mban, go háirithe nuair a théitear thar fóir leis.

Cad a shíleann na fir? Cha dtig liom labhairt ar son gach fear ach, i mo thaithí féin, má tá barraíocht 'obair déanta' ar bhean éigin, ní minic a bhíonn dúil ag fir inti. Ag an am céanna, is dócha go mbíonn an-dúil againn, mar fhir, i mná a bhfuil máinliacht phlaisteach déanta orthu, i ngan fhios dúinn.

Mar a dúirt mé, do rogha féin atá ann agus má shíleann tú go mbeidh tú níos sásta tar éis duit dul faoi scian an mháinlia phlaistigh, ar aghaidh leat a deirim, ach nach bhfuil seans ann go bhfaighidh tú amach nach é méad do shróine ba chúis le do ghruaim?



# 5 TEICNEOLAÍOCHT & GNÓ

## Ar mhaith leat a bheith i do bhall de chlub Apple?

**Diarmuid Ó Muirgheasa**

B'FHÉIDIR go bhfuil siad ann, ach níl aithne agamsa ar aon chomhlacht a scoilteann tuairim an phobail mar a scoilteann Apple.

Gan trácht ar an *iPhone*, tá tuairim ag beagnach gach éinne ar ríomhairí Apple, bíodh an *MacBook*, *MacBook Pro*, *MacBook Air*, *iMac*, *MacMini* nó *Mac Pro* i gceist.

Ach cad í an fhírinne? An bhfuil siad, mar a mhaíonn daoine áirithe, níos fearr ná ríomhairí ó leithéidí Dell, HP agus Samsung?

Nó an bhfuil siad, mar a mhaíonn daoine eile, díreach cosúil le haon ríomhaire eile ach i bhfad níos costasaí?

Ag an am seo bliana, agus mic léinn uile na tíre ag ullmhú le filleadh ar na hionaid léinn, tá mórán daoine ag smaoineamh ar infheistiú i ríomhaire nua, agus mar sin tá an cheist seo níos tábhachtaí ná riamh. Microsoft nó Apple?

An chéad rud ar féidir a rá go cinnte ná go bhfuil ríomhairí Apple costasach. Uaireanta tá siad thar a bheith costasach. Dúradh le déanaí go bhfuil 91% den mhargadh ríomhairí os cionn $1000 ag Apple sna Stáit Aontaithe ach gan ach 8%, nó mar sin, den mhargadh iomlán acu. Ní haon ionadh é sin nó is deacair níos lú ná $1000 a chaitheamh ar Mac.

Ar apple.ie tá costas €799 ar an MacMini is saoire, a thagann gan scáileán, méarchlár ná luchóg, agus €999 ar an *MacBook* is saoire. Ina dhiaidh sin tá an *MacBook Pro* a thosaíonn ag €1,149, an *iMac* a thosaíonn ag €1,229 agus an *MacBook Air* a thosaíonn ag €1,449.

Ansin tá an *Mac Pro* ann - agus is anseo a éiríonn rudaí iontach costasach ar fad: €2,449, gan scáileán! Agus ní hé sin an rogha is costasaí ach oiread - is féidir €10,000 a chaitheamh go héasca gan ach cúpla clic tapa a dhéanamh ar an roghliosta!

Taobh amuigh den phraghas, is é an dara rud mór is gá a rá faoi ríomhairí Apple - agus tá sé seo rud beag níos conspóidí - go bhfuil sé níos éasca Mac a choimeád ag feidhmiú mar is ceart ná mar atá ríomhaire a ritheann ar Windows.

Mar 'theicneolaí,' labhraíonn daoine liom go minic maidir leis na fadhbanna atá acu lena gcuid ríomhairí, agus is mion minic a deir daoine liom go bhfuil siad ag ceannach ríomhaire nua ó go bhfuil an seancheann éirithe chomh mall sin.

Níl sé ródheacair na ríomhairí sin a dheisiú, go minic, ach muna bhfuil an t-eolas cuí agat, is cuma cé chomh héasca nó deacair agus atá sé.

Ón taobh sin de, is cinnte go bhfuil buntáiste suntasach ag baint le Mac. As siocair go bhfuil i bhfad níos lú Mac amuigh ansin ná ríomhairí *Windows*, díríonn siad siúd a scríobhann víris ar *Windows* seachas ar *Mac OSX*, agus leanann Mac air de bheith ag feidhmiú i gceart i bhfad níos faide dá réir.

Pointe mór eile atá ann ná ceist stíle. Ar ndóigh is rud pearsanta é stíl, ach is deacair a rá nach bhfuil cuma iontach deas ar beagnach gach aon rud a tháirgeann Apple.

Agus ní hamháin go bhfuil cuma iontach ar na ríomhairí féin, caitheann Apple anchuid ama ar an bpacáiste iomlán, agus is é sin is cúis leis an gcultas a bhaineann le Apple, daoine a cheannaíonn gach rud a tháirgeann siad agus atá sásta neamhaird a thabhairt ar na lochtanna teicneolaíochta atá orthu.

Nuair a cheannaíonn tú táirge Apple, is léir cad air a bhfuil d'airgead caite. Is é an snas atá curtha ar gach rud ó Apple an chúis is mó a bhfuil daoine sásta airgead a thabhairt dóibh.

Arís, baineann ceist thábhachtach phearsanta leis an gcultas - an dtaitníonn sé leat bheith mar chuid de 'chlub' Apple? Nó an duine tú a bheadh sásta rud ar bith a dhéanamh leis an gcultas a sheachaint?

Faraor, mar a tharlaíonn go minic i gcás cúrsaí teicneolaíochta, tá buntáistí leis an dá thaobh, agus níl aon fhreagra ceart nó mícheart ann.

Má tá airgead agat le caitheamh ar ríomhaire glúine, is samplaí an-mhaithe de ríomhaire glúine iad an *MacBook* agus an *MacBook Pro*, gan aon trácht ar an gcóras oibriúcháin.

Más mian leat, is féidir anois Windows a chur ar aon ríomhaire Apple, cé go mbíonn ort íoc as. Mar sin, má tá tú sásta an t-airgead a chaitheamh, is beag rogha níos fearr atá ann ná na ríomhairí thuasluaite.

Sa chás nach mian leat airgead mór a íoc ach go bhfuil ríomhaire réasúnta maith á lorg agat, is beag míbhuntáiste a bhaineann le ríomhaire ar nós *Dell Studio 15* (ó €669), ach níl an rogha agat aistriú go *OSX* ó *Windows*.

I gcás ríomhaire deisce tá go leor buntáistí ag baint leis an *iMac*, ach arís is é an costas an t-aon mhíbhuntáiste atá ann.

Ó thaobh an *Mac Pro* de, is deacair é a mholadh lasmuigh d'úsáid phroifisiúnta i gcúrsaí scannánaíochta nó a leithéid - agus fiú ansin, tá an iliomad rogha níos fearr ar fáil.

---

BLÚIRÍNÍ
**GNÓ**

Seoltar scéalta chuig:
nuacht@gaelsceal.ie

### Freagra na hÉireann an ceanna is fearr




DAR leis an nuachtán eacnamaíochta domhanda, The Economist, is í freagairt rialtas na hÉireann don ghéarchéim eacnamaíochta dhomhanda an fhreagairt is fearr.

Ag déanamh comparáide le cur chuige na Gearmáine agus na Breataine, is fearr an dóigh a bhfuil Éire ag plé leis na bainc san fhadtéarma, de réir an nuachtáin, ach go gcuireann sé brú ar iasachtaíocht sa ghearrthréimhse.

"Níl fadhbanna na hÉireann dosháraithe," dar leo.

### Björk ag iarraidh reifrinn



TÁ Björk Gudmundsdottir, nó Björk mar is fearr aithne ar an cheoltóir Íoslannach, go fóill chun tosaigh i bhfeachtas chun reifreann a bheith ann ar tháthcheangail (takeovers) eachtrannacha ar chomhlachtaí fuinnimh na tíre.

Is é cuspóir an fheachtais cosc a chur le comhlacht Ceanadach, Magma Energy Corp, gineadóir cumhachta geoiteirmí a cheannach. Tá achainí sínithe ag 18,100 duine, leath an mhéid atá riachtanach.

Dar le Comhlachas Tráchtála na hÍoslainne, áfach, chuirfeadh an beart seo as d'infheisteoirí eachtrannacha, dhéanfadh sé dochar do chúrsaí gnó agus chuirfeadh sé isteach ar théarnamh (recovery) geilleagrach na tíre.

### Rátáil creidmheasa na hÉireann tite

TÁ rátáil creidmheasa na hÉireann íosghrádaithe ag an eagraíocht 'Standard & Poor's (S&P)' ó AA go -AA.

Is éard a chiallaíonn sé seo ná go measann siad go bhfuil níos mó baoil ann nach mbeidh an rialtas in ann déileáil lena bhfiachas.

Is é seo an ráta is ísle d'Éirinn ó 1995 agus ciallaíonn sé go bhfuil gach seans ann go mbeidh sé níos daoire ar an rialtas iasacht airgeadais a fháil ar na margaí idirnáisiúnta. Deir an rialtas go bhfuil an anailís a rinne S&P ar fhiachas an rialtais lochtach.

### Aer Lingus ag eitilt go réidh



CÉ gur chaill siad airgead sa chéad leath i mbliana, tá Aer Lingus ag súil nach mbainfidh siad "níos measa ná coimheá airgid" amach i mbliana.

Níor chaill Aer Lingus an méad airgid a raibh lucht anailíse ag súil leis. Caillteanas de €20 .8 milliún a bhí ann sa chéad leath i mbliana i gcomparáid le €81.7 milliún sa tréimhse chéannaan bhliain seo caite. Is feabhsúchán de 74% é sin. Rinne siad brabús de €18.8 milliúin sa dara ráithe.

D'éirigh leis an chomhlacht costais oibriúcháin a laghdú ar 14% sa chéad leath.

Tá dóchas ag príomhfheidhmeannach an chomhlachta, Christoph Mueller, gur féidir leo brabús a dhéanamh an bhliain seo chugainn.

### Brabús de €18 milliún do Paddy Power




D'FHÓGAIR Paddy Power go ndearna siad brabach de €18m de bharr daoine a bheith ag cailleadh a gcuid airgid ar ghealltа sa Chorn Domhanda.

Mar chuid den fhógairt deir siad go raibh ardú de 54% i gceist ina gcuid brabúis don chéad 6 mhí den bhliain.

Chaith custaiméirí Paddy Power €86 milliún ar an gCorn Domhanda ina iomláine. Tagann timpeall 43% dá mbrabús ó chustaiméirí sa Bhreatain, 29% ó chustaiméirí Éireannach agus 16% ó chustaiméirí san Astráil.

# Gaeilge sa Ghnó

Oisín Mac Donncha

Ó BHÍ mí Eanáir na bliana seo ann, tá Foras na Gaeilge ag cur maoiniú meaitseála ar fáil, d'uasmhéid €2000, d'fhiontair bheaga agus d'fhiontair ar meánmhéid chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá na deontais seo ar fáil go dtí 5ú Deireadh Fómhair.

Tá deontais, d'uasmhéid €1000, ar fáil chun ábhar a chur ar fáil chun gnó a dhéanamh go dátheangach.

Comh maith le comharthaíocht a mhaoiniú, tá tacaíocht ar fáil chun suímh ghréasáin a aistriú go Gaeilge.

Maítear go bhfuil buntáistí go leor ag baint le gnó dátheangach agus go bhfuil luach an-mhór le baint as an bhféiniúlacht Éireannach. Dar le Gael-Taca i gCorcaigh, "Tá an-mheas ag custaiméirí ar an teanga, tá dearcadh dearfach acu go léir ar an teanga. Tugann an Ghaeilge íomhá Ghaelach don ghnó freisin, agus tuigeann lucht gnó é sin anois."

Tá Gael-Taca ag tabhairt cúnaimh do chomhlachtaí agus d'eagraíochtaí úsáid a bhaint as an nGaeilge agus iad ag cur a gcuid seirbhísí ar fáil. "Tá tuairim is 50 sa chathair agus sna bruachbhailte amháin, gan trácht ar bhailte móra sa chontae mar Chloich na Coillte agus Baile Mhic Íre."

De ghnáth is siopaí a bhíonn ag baint úsáide as an nGaeilge, ach tá níos mó gnólachtaí, mar bhialanna agus tithe tábhairne, ag baint úsáide aisti anois, agus "fiú leithéidí McDonald's a úsáideann an teanga chomh maith i gcomharthaíocht srl ."

Deir Gael-Taca gur mór an buntáiste é an Ghaeilge a úsáid i ngach gné den ghnó agus go bhfuil siad sásta cabhair a thabhairt d'aon ghnólacht atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn. Bunaíodh Gradam Phádraig Uí Cuanacháin anuraidh, scéim do ghnólachtaí i gcathair agus i mbruachbhailte Chorcaí, a chuireann an teanga chun cinn ar bhealach feiceálach don phobal.

Tá duais de luach €5000, pacáiste fógraíochta, ar fáil don bhuaiteoir. "Tugann an Gradam deis do dhaoine atá ag úsáid na Gaeilge aitheantas a fháil, agus spreagann sé daoine eile chun í a úsáid." De bharr an ghradaim seo tá méadú tagtha ar líon na gcomhlachtaí atá ag úsáid na Gaeilge.

I gCathair na Gaillimhe tá níos mó ná 100 gnólacht, idir bialanna agus siopaí dlúthdhioscaí, atá in ann gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Bhí an Ghaeilge láidir riamh i nGaillimh. Tá seirbhís ag an eagras, Gaillimh le Gaeilge, dar teideal 'Gaeilge sa Ghnó' chun an Ghaeilge a chur chun cinn i gcomhlachtaí. Déanann siad athbhreithniú ar íomhá an ghnó ó thaobh comharthaí, margaíochta agus a leithéidí de.

Cuireann Gaillimh le Gaeilge Gradam Sheosaimh Uí hÓgartaigh ar fáil agus bíonn duais d'uasmhéid €20,000 ann. Is féidir cur isteach ar an gcomórtas seo gach Deireadh Fómhair suas go dtí 14 Eanáir. Is iad cuid d'iarbhuaiteoirí an ghradaim Bácús Uí Ghríofa anuraidh agus beár agus bialann Lohans in 2008.

Tugann Forbairt Feirste tacaíocht do ghnólachtaí méadú a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge i mBéal Feirste. Tá gradam ar fáil do na comhlachtaí a bhíonn ag úsáid na Gaeilge agus tugtar an-aitheantas do ghnólachtaí beaga áitiúla, agus do ghnólachtaí móra cosúil le Asda agus Sainsbury's agus d'eagrais phobail mar Ghníomhaireacht Oiliúna agus Forbartha Link.


Dúirt Feargal Mac Ionnrachtaigh, Oifigeach Tionscadail Gnó le Gaeilge in Forbairt Feirste, go bhfuil sé "sásta leis an méid comharthaí atá ar fáil", ach go bhfuil siad "ag obair i gcoinne an rialtais."

Chuir brainse de chuid Bhanc na hÉireann i mBaile Andarsain deireadh leis na seirbhísí UMB as Gaeilge, ach tar éis brú ó ghrúpaí cosúil le Forbairt Feirste agus pobal na Gaeilge i mBéal Feirste, tá siad tar éis casadh iomlán a dhéanamh agus tá an tseirbhís le fáil arís. Deir Banc na hÉireann gur cealú sealadach a bhí i gceist le cealú na seirbhíse.













## Folúntais




AN FOCLÓIR NUA BÉARLA-GAEILGE:
FOIREANN LÁNAIMSEARTHA
LE hEARCÚ

TIONSCADAL AN FHOCLÓRA NUA BÉARLA-GAEILGE

Is mian le Foras na Gaeilge na ceapacháin seo a leanas a dhéanamh chun cur le foireann lánaimseartha an tionscadail:

- EAGARTHÓIR (3 phost; scála pá €55,863 – €69,132)
- AISTRITHEOIR (3 phost, scála pá €30,738 – €59,604)
- OIFIGEACH CLÉIREACHAIS (2 phost, scála pá €22,015 – €35,515)

Conradh go dtí deireadh an tionscadail (31 Nollaig, 2012) a bheidh i gceist leis na poist seo ar fad, agus is in oifigí an Fhorais i mBaile Átha Cliath nó i nGaoth Dobhair a bheidh siad lonnaithe.

Tá gach eolas agus foirmeacha iarratais do gach post acu le fáil ar **www.focloir.ie**

SPRIOCDHÁTA: Ba chóir go mbeadh na foirmeacha iarratais comhlánaithe seolta chuig poist@forasnagaeilge.ie faoi 5.00 p.m. **Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2010**.

*Tá Foras na Gaeilge tiomanta don chomhionannas deise agus fáiltímid roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar stádas pósta, ar chlaonadh gnéis nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.*

*Proficiency in the Irish language, both written and verbal, is an essential requirement for the above panel.*

Foras na Gaeilge

BREIS EOLAIS & FOIRMEACHA IARRATAIS

www.focloir.ie • poist@forasnagaeilge.ie • T: +353 1 639 8434

# 6 COMHSHAOL


# 'Puszcza'
# An Eoraip Ársa faoi Bhagairt

Le Pól Mac Cana

CUIR ceist ar chara Polannach leat cad is 'puszcza' ann [fuaimniú ≈ 'púis-tseá']. Gach seans go mbeadh sé doiligh air freagra simplí a thabhairt. Sin mar a bhí do chara Polannach liom agus sinn ag taisteal go Białowieża ar an teorainn idir an Pholainn agus an Bhealarúis – go dtí an 'puszcza' is cáiliúla san Eoraip. Puszcza Białowieska.

Níl a leithéid in Éirinn arbh fhéidir leis-sean a rá liom gurb é a mhacasamhail é. Tá dhá fhocal ag an Pholannach ar fhoraois: 'las' agus 'puszcza'. Is é 'las' an gnáthfhocal atá ar an fhoraois atá againn in Éirinn. Ach tá mothúchán eile le 'puszcza' nach bhfuil bainteach le 'las'. Má ghlactar an saintéarma a úsáideann éiceolaithe sa Bhéarla, agus má cheadaítear www.focal.ie, faightear 'foraois chianaosta'. Ach i ndiaidh dom a bheith i bpuszcza cúpla uair, tuigim nach bhfuil an mothúchán céanna le brath ann. Tá mothúchán ársa doráite in 'puszcza'.

Chuala mé go bhfuil focal ag na hIonúitigh (Inuit) ar an mhothúchán atá acu nuair a chasann siad ar 'nanúc' – mathúin bán an oighir. Tugann siad 'uileara' air: corraíl a bhíonn orthu leis an iontas agus leis an eagla roimhe. Tá cuid den 'uileara' seo ag baint le puszcza. Áit lán draíochta ina maireann na hainmhithe fiáine go fóill. Áit ina bhfaca mé féin mac tíre ag stánadh



Puszcza




Żubr

orm sa sneachta domhain 100 slat thaobh thiar díom. Agus áit inar tharlaigh dom carria rua i rith an ratamais 30 slat os mo chomhair amach; a mhacasamhail ní bhfaca mé riamh in Éirinn. Eisean dhá oiread níos mó ná carria ar bith a chonaic mé ar shléibhte na hÉireann. Agus abair beanna!

Níl aon Ghaeilge agam féin ar an mhothúchán ón puszcza, ach ba thoil liom leagan a aimsiú.

Is é an Białowieża seo an puszcza deiridh dá leithéid atá fágtha san Eoraip – an fhoraois nádúrtha chianaosta ar thailte ísle na hEorpa nár leagadh riamh ag an duine. Is é an t-iarsma deiridh (140,000 heicteáir) den fhoraois fhairsing a chlúdaigh an Eoraip mheasartha (temperate Europe) ó dheireadh na hoighearaoise anonn. Ba é i bpuszczaí na Polainne a d'éag an t-úras deiridh in 1627. B'shin bó allta na hEorpa – sinsear allta ár mbó clóis. Agus ba i bpuszcza Białowieża, thart faoi 1918, a cailleadh an 'tarpan' deiridh – fia-chapaill na hEorpa.

Agus tá puszcza Białowieża dubh le dúlra fós: an mac tíre; an lugh (lynx); an lon (mús na hEorpa); an torc; an fia rua; an fia odhar; an ainle (fiachat na hEorpa); an cat crainn; an t-iora rua; is araile is araile. Éiceachóras ársa na hEorpa.



Jelen

Tá míol eile is gá a chur i láthair, agus an-bhaint aige leis an puszcza i mBiałowieża. Míol agus pictiúr de le feiceáil i siopaí ar fud na hÉireann ar bhuidéil an vodca Pholannaigh, Żubrówka. Is é sin, an 'żubr'.

Ba cheann de na háiteanna deireanacha é puszcza Białowieża inar mhair an 'żubr' – an míol talaimh is mó san Eoraip. Ní 'buabhall' é mar a thuigfí ón téarma atá le faomhadh ar www.focal.ie. Is ainmhí difriúil amach is amach é. Ní dhéanfaí cáis Mozzarella ó bhainne an żubr. Más duine thú a chonaic 'Dances with Wolves' thiocfadh leat cur síos a dhéanamh air mar 'tatanca na hEorpa'.

Is míol íocónach é an żubr sa Pholainn. Is míol é a sábháladh ón eaglach (extinction) i rith an chéid seo caite. Ar feadh na gcéadta bliain, bhí an puszcza faoi chosaint mar dhúiche sheilge do dhiúic na Liotuáine, do ríthe na Polainne agus do sháir na Rúise. Nuair a fuair na Naitsithe seilbh ar an Pholainn in 1915, bhí 600 żubr go fóill beo i bpuszcza Białowieża. Nuair a d'imigh siad, ní raibh ach naoi gcinn fágtha. Maraíodh an żubr deiridh Polannach in 1919. Maraíodh an ceann deiridh san fhiántas ar domhan sna Sléibhte Cugais (Caucasus) in 1927. Ar an dea-uair, bhí żubraí go fóill beo i zúnna; agus cuireadh tús le scéim lena n-athréimniú. Anois, tá an tréad is clúití agus is mó ar domhan beo leo i mBiałowieża. Ocht gcéad acu: 400 sa Pholainn agus 400 sa Bhealarúis.

Ach sna saolta seo, is é an puszcza féin atá faoi bhagairt ag an stát. Tá cead ag foraoiseoirí an stáit na clampaí crainn chianaosta a leagan. Tá 83 % dá 140,000 heicteár gan chosaint, agus leagtar crainn lasmuigh den 17 % de atá ainmnithe mar Láithreán Oidhreachta Domhanda ag UNESCO. Sa lá atá inniu ann, níl fiú 20% fágtha den puszcza a bhí ann 90 bliain ó shin. Is ábhar imní é seo do lucht an chomhshaoil sa Pholainn.

Tá grúpaí comhshaoil anois ag déanamh brústocaireachta ar rialtas na Polainne le cosaint na puszcza i mBiałowieża a fhairsingiú agus le cosc a chur ar lománaíocht (logging) i gclampaí crainn chianaosta. Deir lucht an chomhshaoil go bhfuil an stát ag lománaíocht ar mhaithe le brabús, agus dá dheasca sin go bhfuil siad ag sárú an 'Treoir maidir le Gnáthóga ón Aontas Eorpach' agus an 'Treoir maidir le hÉin ón Aontas Eorpach'. Tá an cás le cur anonn chuig an Aontas Eorpach.

Deir 'Forests.org':

"If Europe can't or won't protect Bialowieza Forest – their last primeval temperate forest – no one can; and all the world's forests, climate and biosphere are doomed."

Is dócha gur fíor go maith é sin.

Agus dá gcaillfí an puszcza, chaillfí níos mó ná crainn. Chaillfí mothúchán ársa domhínithe na hEorpa – cuid dár n-oidhreacht féin.

Tuilleadh eolais ar an fheachtas: http://forests.org/shared/alerts/send.aspx?id=poland_bialowieza_forest

# Cairde na Cruinne buartha faoi dhramhaíl ó thuaidh

Anton Mac Cába

TÁ Cairde na Cruinne (Friends of the Earth) ag iarraidh follasachta ón dá rialtas maidir le dramhaíl ón deisceart atá i ndumpaí mídhleathacha ó thuaidh, agus atá anois dá cur ó dheas.

Idir 2001 agus 2006 bhí sé ina scannal go raibh cuid mhór dramhaíola dá cur ó thuaidh. B'as Loch Garman, Port Láirge, Corcaigh agus Baile Átha Cliath ach go háirithe a tháinig sé.

Rinne drong coirpeach, a bhí lonnaithe i ndeisceart Fhear Manach agus in iarthar Mhuineacháin, saibhreas as. Rinne conraitheoirí dramhaíola saibhreas as leis.

Bhí áitritheoirí ag díol praghsanna arda, ansin an dramhaíl dá dumpáil ar phraghas íseal. Bhí an gnó coiriúil nó tá sé in éadan an dlí dramhaíl a sheoladh thar theorainn ar bith san Eoraip, ach amháin fá choinne athchúrsála.

Tá an Ghníomhaireacht Chomhshaoil ó thuaidh le dramhaíl ó 20 dumpa mídhleathach a chur ar ais ó dheas. Dúirt urlabhraí nach bhfuil sé beartaithe ag an Ghníomhaireacht dramhaíl ó níos mó dumpaí a chur ar ais.

Trí bliana ó shin, dúirt ráiteas ón tSeirbhís Chomhshaoil agus Oidhreachta (réamhtheachtaí na Gníomhaireachta) go raibh níos mó ná 100 dumpa mídhleathach ann, iad cois teorann den chuid ba mhó. Is eol do Gaelscéal 23 dumpa mídhleathach mar a bhfuil dramhaíl ón deisceart.



Ar an 20 dumpa as a bhfuil dramhaíl dá cur ar ais, níor ainmnigh an Ghníomhaireacht ach beirt go dtí seo. Is lámh leis an Gharastún i bhFear Manach agus leis an Trí Leac i dTír Eoghan an dá dhumpa seo. Tá an dramhaíl ó dhumpa an Gharastúin anois seolta go líon talún i nDún na nGall. Bhí ceamaraí teilifíse i láthair nuair a cuireadh tús leis an obair.

Dhiúltaigh an Ghníomhaireacht an 18 dumpa eile a ainmniú "ar bhonn oibríochtúil." Dúirt urlabhraí gur dearbhaíodh gur ón deisceart a tháinig an dramhaíl iontu. Is 250,000 tonna dramhaíola atá i gceist.

Dúirt urlabhraí ón Roinn Comhshaol, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ó dheas gur ghlac an Roinn leis an mheastachán a rinne údaráis an tuaiscirt. "Ba í Gníomhaireacht Chomhshaoil Thuaisceart Éireann a rinne na suímh a shainaithint," arsa an t-urlabhraí. "Ní raibh lámh ag údaráis na hÉireann sa phróiseas, mar gur i dTuaisceart Éireann atá na suímh."

Tá sé riachtanach an 18 dumpa eile a ainmniú, dar le Declan Allison ó Cairde na Cruinne. "Caithfear follasacht iomlán bheith ann," ar seisean. Tá sé den bharúil go bhfuil níos mó dumpaí ann, ó thaighde a rinne an eagraíocht: "Go dtí go mbeidh follasacht ann, tá sé deacair measúnú ceart a dhéanamh. Tá sé deacair ag an ghnáth-dhuine muinín bheith aige as an rialtóir muna n-insíonn sé dúinn cá bhfuil na suímh."

Ní fios cárbh as a tháinig an dramhaíl atá sa 20 dumpa lena bhfuiltear ag plé faoi láthair nó cén dóigh gur dearbhaíodh nach raibh dramhaíl ón deisceart sa 24 dumpa eile.

"Gearrtar fíneálacha suaracha sa ghnó seo," arsa Allison. "Tá sé ait, tá an fócas ar úinéir na talún a chúiseamh, ní an duine a d'iompair an dramhaíl. Dá mbeadh fiosrúchán iomlán ann, shílfeá go bhfaigheadh siad greim ar gach duine."

# Feirm ghaoithe diúltaithe i dTír Chonaill

Anton Mac Cába

DHIÚLTAIGH An Bord Pleanála d'fheirm ghaoithe i nGaeltacht Dhún na nGall ar an bhonn nach raibh sé "sásta, ar bhonn an eolais a cuireadh i láthair, nach mbeadh éifeacht dhiúltach (ag an tionscnamh) ar ghnáthóg agus bealaí imirceacha éan." Dar leis an Bhord, chomh maith, nach raibh an mheasúnacht tionchair timpeallachta ón fhorbróir sásúil, de réir na riachtanas a leagann treoracha an Aontais Eorpaigh síos. Bhí fianaise áirithe ann gur bhain cuid den mheasúnú le feirm ghaoithe i nGaoth Dobhair, 35 míle ó thuaidh.

Mí na Nollag anuraidh thug Comhairle Contae Dhún na nGall cead don fheirm ag Alt na gCapall, 3.5 ciliméadar ó dheas ó Ard na Rátha. Bhí 13 tuirbín le bheith ann, a bheadh 106 méadar (347 troigh) ar airde go barr na lann. Chuir triúr agóidí ina éadan isteach chuig an Bhord Pleanála. B'iad seo Edward O'Donnell, fear de bhunadh na háite, agus Kevin Deering agus Peter Crossan, beirt ghníomhaí comhshaoil.

B'é Altnagapple Wind a chuir isteach ar chead pleanála don fheirm. Is iad stiúrthóirí an chomhlachta seo ná an fear gnó aitheanta John Rua Gillespie as Croithlí, deartháir céile leis an Fheisire Eorpach Pat 'The Cope' Gallagher; Inge Buckley agus John Ward, go bhfuil seoltaí i mBaile Átha Cliath acu, agus atá ina stiúrthóirí ar 27 comhlacht fuinnimh ghaoithe eatarthu; agus Conal Shovlin as Ard na Rátha, atá bainteach le roinnt fiontair phobail, agus a fuair duais mar 'phearsa na bliana' i nDún na nGall. Is iad na stiúrthóirí na scairshealbhóirí, 30% an duine ag an chéad triúr agus 10% ag Shovlin.

Ainneoin gur dhiúltaigh an Bord don fheirm, níor aontaigh sé le gearán amháin a rinne Deering agus Crossan: b'shin go bhfuil an iomarca feirmeacha gaoithe i nDún na nGall. Tá 28 acu ann, an líon is mó atá i gcontae ar bith. De réir Chumann Fuinnimh Ghaoithe na hÉireann, is é Dún na nGall an contae is mó a ghineann leictreachas ón ghaoth, acmhainn 264.35 meigeavata ann.

Tá na feirmeacha gaoithe lonnaithe i gceantracha áirithe. Tá imní ar dhaoine i gceantar na nGleanntaí-Ard na Rátha faoin líon atá ag plódú isteach sa cheantar. Tá cónaí ar Chris Mulhall cúig mhíle ó dheas ó Ard na Rátha; dúirt sé go bhfuil ceathrar le feiceáil go soiléir ón áit mar a bhfuil seisean. Tá, dar leis, cúpla ceann acu ró-fheiceálach.

## BLÚIRÍNÍ CHOMHSHAOIL

Seoltar scéalta chuig: nuacht@gaelsceal.ie

### Moill ar chosc ar iompórtáil táirgí rónta



TÁ moill choicíse curtha ag an Aontas Eorpach ar an gcosc a bhí beartaithe acu ar iompórtáil táirgí rónta. Rialaigh an chúirt Eorpach gur cheart go gcuirfí an cosc ar ceal go dtí go gcloisfear ó ghrúpa easaontóirí i gcoinne an choisc, ina measc treabh Ionúiteach atá gníomhach i bhfiach tráchtála rónta . Tá sé i gceist ag Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh rialú a thabhairt tar éis an 7ú Meán Fómhair.

### Seilg na nGuga



Tá SPCA na hAlban ag iarraidh go gcuirfear deireadh le traidisiún ar Inse Ghall ina maraítear timpeall 2,000 gainéad óg gach bliain.

Tá an 'fiach' bliantúil 'guga hunt' ar siúl faoi láthair agus cuirtear i gcomparáid é leis an 'bhfiach' i gCeanada áit a maraítear na mílte rón óg. Gach bliain fágann fir an baile Ness, seolann siad go dtí Sula Sgeir, dreapann siad aillte 300 troigh ar airde, beireann siad ar timpeall 2,000 éan óg agus buaileann siad a gcloigne le maide.

Díoltar iad le daoine chun iad a ithe.

### Príomhfheidhmeannach nua ar 'Uisce Thuaisceart Éireann'



TAR éis don phríomhfheidhmeannach agus triúr den bhord a bheith briste as a bpoist de thoradh ar thuarascáil chriticiúil in 'Uisce Thuaisceart Éireann', tá príomhfheidhmeannach nua eatramhach ceaptha. Is é sin Pádraic White, iar-phríomhfheidhmeannach an Údaráis Forbartha Tionscail. Is ó Chontae Liatroma é an tUasal White agus is é an tuarastal bliantúil dá phost ná £40,000 . Tá sé i gceist go mbeidh sé i ról an phríomhfheidhmeannaigh ar feadh 9 mí. Tá baint aige le roinnt blianta anuas le Tascfhórsa Eacnamaíochta Iarthar Bhéal Feirste agus an tSeanchill.

### Cáin sa bhreis ar fheithiclí tráchtála




Tá sé i gceist ag an rialtas cáin sa bhreis de €900 a ghearradh ar úinéirí a úsáideann a gcarr tráchtála d'úsáid phearsanta. Caithfidh siad ráiteas a dhéanamh do na Gardaí nach n-úsáideann siad a veain nó 4x4 d'úsáid phearsanta agus má ghabhtar iad ag úsáid na feithicle sin beidh an cháin sa bhreis á gearradh orthu. D'fhógair an AA go raibh na hathruithe 'amaideach'. Ghlaoigh Bill Cullen ó Renault Ireland 'gobs***' ar an Aire Gormley agus deir Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann gur sheol na hathruithe 'tonn turrainge' tríd pobail tuaithe.

## Fíneáil €75,000 do SeaWorld



GEARRADH fíneáil de €75,000 ar SeaWorld an tseachtain seo mar gheall ar a dtraenálaithe ainmhithe a chur i mbaol.

Eisíodh trí thoghairm (summons) ina gcoinne, ceann acu ag rá go raibh siad faillíoch agus go ndearna siad neamhaird d'aon turas ar shábháilteacht a dtraenálaithe.

I mí Feabhra na bliana seo rug cráin dhubh (orca), darb ainm Tilly ar phónaí an traenálaí Dawn Brancheau agus tharraing sé í faoin uisce agus bádh í.

Tá SeaWorld ag cur in aghaidh na líomhaintí seo.

# 7 BEATHA

# ‘Béalghrá’ do ‘Spéirbhean’ agus ‘Lámh in Uachtar' d’Fheirmeoirí



Treasa Bhreathnach

IN 2009 bhí méadú de 30% ar chomhlachtaí nua-thionscanta sna sé chontae i gcomparáid le 2008. Bhí 48% de na comhlachtaí nua-thionscanta sin á dtosú i gContae Aontroma. Ceann acu siúd ná an comhlacht ‘Mil Íocshláinte, All Natural Balms’ a thosaigh ag deireadh 2009 agus iad ar an bhfód anois le os cionn 6 mhí anuas.

Déanann siad táirgí balsaim iomlán nádúrtha agus beagnach iomlán orgánach don chraiceann. Tá ainmneacha áille cliste glaoite acu ar a dtáirgí: ‘Tóin teolaí’ do linbh, ‘Spéirbhean’ mar bhalsam coirp do mhná áille, ‘Béalghrá’ do na beola, agus ‘Lámh in Uachtar’ do lámha dícheallacha i measc neart eile.

Is í Sinéad Mathers an té a cheap coincheap an chomhlachta nuair a bhí sí ar thóir táirgí cúram cnis nádúrtha di féin agus dá clann. Ní raibh sí in ann teacht ar na táirgí iomlán nádúrtha a bhí uaithi mar sin rinne sí an cinneadh a comhlacht féin a bhunú chun an bhearna sa mhargadh úd a líonadh.

Bhí sí lán-cháilithe chun a leithéid a dhéanamh le céim san eolaíocht talmhaíochta, máistreacht i gcúrsaí cumarsáide, dioplóma sa mhargaíocht, dioplóma i suathaireacht, agus dioplóma i dteiripe nádúrtha aici.

Is í Sinéad a cheapann na hoidis uile don bhranda agus is sa bhaile a dhéantar iad uile le cabhair óna fear céile Réamaí agus a dtriúr gasúr. Cé gur tionscal tinteáin atá sa chomhlacht faoi láthair, is tionscal é atá ag fás agus ag forbairt. Táthar ag déanamh soláthair ar 30 siopa ar fud fad an oileáin faoi láthair agus iad i gcainteanna le comhlacht i gCeanada chun soláthar a dhéanamh ar an mhargadh idirnáisiúnta.



Sinéad Mathers, úinéir Mil Íocshláinte, All Natural Balms

Tá Sinéad i mbun cur lena réimse táirgí faoi láthair agus súil acu go mbeidh fáil orthu taobh istigh de mhí, béalghrá nua agus, den chéad uair, balsam neamh-roctha gur féidir le mná nó fir a úsáid ar a n-aghaidh.

Cosúil le gach comhlacht eile a tháirgeann na táirgí seo ó thuaidh, caithfidh siad cloí le rialacha agus rialacháin na hEorpa agus tá scrúdú saotharlainne á dhéanamh ar na táirgí seo anois. Deir Réamaí “tá grúpa fócais againn sa cheantar agus iad idir óg agus aosta, idir bhaineann agus fhireann, agus is iad a dhéanann tástáil dúinn ar na táirgí uile.

Tá grúpa feirmeoirí againn chomh maith a dhéanann tástáil ar an mbalsam ‘Lámh in Uachtar’ mar gheall go bhfuil sé dírithe orthu siúd a bhíonn ag obair go crua faoin aer. Chomh maith leis sin rinne na feirmeoirí agus lucht bainte móna tástáil ar ‘Imigh Leat’ dúinn atá mar éarthach ar na míoltóga.”




Go dtí seo tá ná hábhair uile do na táirgí á n-iompórtáil, an chéir bheach ón Áis, an t-im ‘shea’ ón Afraic agus tagann na holaí ón Eoraip den chuid is mó, mar shampla tagann an labhandar ó Albain. Níl aon fheirmeacha móra ola in Éirinn go fóill, dá mbeadh bheadh ‘Mil Íocshláinte All Naturals Balms’ á bhfoinsiú uathu siúd.

Tá an dúchas an-tábhachtach do Shinéad agus don chomhlacht, idir a bheith ag tógáil ón dúchas dá dtáirgí agus ár dteanga dhúchasach. Tugann siad tús áite don Ghaeilge ar a dtáirgí agus é i gcónaí i gceist acu go mbeadh sí feiceálach agus in airde ar an Bhéarla.

Cé go bhfuil an comhlacht féinmhaoinithe acu go dtí seo, tá deontas faighte acu ó Fhoras na Gaeilge chun cabhrú le costas brandála agus dearthóireachta, atá á dhéanamh dóibh ag comhlacht i mBéal Feirste ‘Solas Teo.’ Deir Réamaí “Tá muid buíoch as ucht an deontais agus i láthair na huaire tá muid i mbun cainteanna le Invest N.I. chun féidearthachtaí maoinithe eile a fhiosrú.”

Ní sna sé chontae amháin atá fáil ar a dtáirgí, tá siad ar fáil i Liatroim, i Sligeach agus i dTír Chonaill i measc contaetha eile ó dheas agus ar ndóigh is féidir leat ordú a dhéanamh ar a suíomh idirlín.

Úsáideann mná uachtar coirp níos minice ná mar a úsáideann siad balsam coirp agus deir Réamaí “Níl muid ag iarraidh dul san iomaíocht leis na brandaí móra, is táirge iomlán difriúil atá i gceist. Tá sé beagán níos daoire ná an gnáthchúram cnis atá ar fáil ach níl sé chomh daor le leithéidí Burt’s Bees ná aon cheann de na brandaí móra Meiriceánacha.”

Beidh pacáistí á ndéanamh ag ‘Mil Íocshláinte All Natural Balms’ don Nollaig a mbeidh téamaí ag gabháil leo. D’fheadfadh pacáiste amháin a bheith dírithe ar mhná, ceann eile ar naíonáin nó fiú ceann don fheirmeoir nó fear cruógach eile i do shaol. Tá sé i gceist ag Sinéad, Réamaí agus a gclann na pacáistí seo a bheith réitithe taobh istigh de mhí.

Murar bhain tú triail as balsam cheana is fiú go mór triail a bhaint as. Cibé ábhar a úsáideann tú, déanfaidh sé do chraiceann níos boige agus mairfidh sé i bhfad níos faide ná gnáthuachtar agus ar ndóigh tá boladh álainn uaidh chomh maith. Tá na táirgí seo iomlán nádúrtha, mar sin ní gá ach beagán a úsáid, agus ar ndóigh ciallaíonn sé sin go bhfaighidh tú luach do chuid airgid.








# NUACHT Litríochta



**Le Meadhbh Ní Eadhra**

## Snámhóirí Gaeltachta agus scéalta eile

Gabhán Ó Fachtna
Coiscéim,
€7.50




**Meadhbh Ní Eadhra**

Seo an tríú cnuasach gearrscéalta le Gabhán Ó Fachtna atá foilsithe ag Coiscéim. Is cnuasach úrnua é ó scríbhneoir a rugadh i nGlaschú ach a bhfuil cónaí air i mBéal Feirste.

Díríonn na scéalta seo ar dhaoine a bhfuil cónaí orthu i dtuaisceart na hÉireann agus atá ag dul i ngleic leis an ghnáthshaol ach atá fós féin ag déileáil le rudaí a tharla roimhe seo agus a bhfuil baint acu le stair an tuaiscirt.

Tá cuid de na scéalta i bhfad níos giorra ná a chéile agus tá éagsúlacht sa chnuasach seo maidir le téamaí na scéalta.

Tá go leor tagairtí nua-aimseartha sna scéalta, agus tagairtí de rudaí lasmuigh de shochaí na hÉireann, mar shampla luaitear an clár teilifíse Astrálach Home and Away, rud a chuireann leis na scéalta agus a chuireann in iúl go bhfuil léargas níos leithne ag an scríbhneoir agus ag na carachtair ar an saol ná mar a shílfeá, b'fhéidir.

Tá sé deacair gearrscéal maith a scríobh agus ceann de na dúshláin is mó a bhaineann leis ná críoch éifeachtach a chur leis. Tá sé suimiúil go mbaineann Gabhán úsáid as ríomhphost, comhartha, litir, aiste acadúil agus cinnlitreacha chun críoch a chur le scéalta éagsúla sa chnuasach seo.

An oibríonn an teicníc seo agus an bhfuil na gearrscéalta níos fearr mar gheall air? Braitheann freagra na ceiste sin ar gach léitheoir go pearsanta ach is cinnte go bhfanann na scéalta i d'intinn ar feadh tamaill níos faide mar gheall ar na deirí difriúla atá leo.

Tá stíl ar leith ag Ó Fachtna agus tá nuálacht ag baint leis an smaointeoireacht atá aige freisin. Tá dhá scéal déag san áireamh sa leabhar seo agus is é an scéal 'Snámhóirí Gaeltachta', a roghnaíodh mar theideal an leabhair, atá mar an scéal deireanach sa chnuasach.

D'fhéadfadh cuma níos deise a bheith ar an leabhar féin, rud atá díomách mar go bhfuil ábhar an leabhair ar ardchaighdeán.

Tá cuma leadránach go leor ar chlúdach an leabhair agus níl aon rud ann le tú a mhealladh chun an leabhar a phiocadh suas.

Seachas sin tá an leabhar curtha le chéile go maith agus é 190 leathanach ar fad.

## Léirmheasanna

**Meadhbh Ní Eadhra**

### Fungie

AnnMarie McCarthy, Téacs Gaeilge le Ré Ó Laighléis,
Móinín,
€12




Seoladh an leabhar seo thíos sa Daingean an deireadh seachtaine seo caite agus tá go leor cóipeanna díolta de cheana féin.

Is leabhar dátheangach do pháistí atá ann, a insíonn scéal Fungie an deilf. Lán le dathanna spleodracha agus téacs atá mór agus éasca le léamh, thaitneodh sé seo le páistí óga, suas go sé nó seacht mbliana d'aois.

Tá go leor imeartas focal sa leabhar, agus tá uaim le clois-teáil tríd an scéal, rud a chuireann spraoi agus gluaiseacht faoi.

Mar gur leabhar dátheangach é seo, tá margadh níos leithne aige ná gnáthleabhair Ghaeilge. Seans go mbeidh fonn ar thuismitheoirí é a cheannach fiú mura bhfuil siad féin róchompordach leis an nGaeilge, mar go dtugann sé deis dóibh í a fhoghlaim agus a mhúineadh dá bpáistí.


Tá na léaráidí sa leabhar go deas agus tá an téacs leagtha amach ar na leathanaigh ar bhealach spéisiúil, é ar nós tonnta, ag dul suas is anuas.

Tá clúdach tarraingteach ar an leabhar le pictiúr de Fungie air, agus mar go mbíonn dúil ag páistí sna hainmhithe go minic, níl aon amhras ach go mbeidh siad meallta ag an leabhar nua seo ó Mhóinín.

### Ruball Trioball

Esther Göbl Uí Nualláin
Móinín,
€8

Tá cuma fíordheas ar an leabhar seo agus le seacht gcaibidil agus neart léaráidí ildaite síos tríd, tá sé oiriúnach do pháistí ó chúig go hocht mbliana d'aois. D'fhéadfadh tuismitheoirí an leabhar seo a léamh dá bpáistí nó d'fhéadfadh páistí níos sine an leabhar a léamh dóibh féin.





Bhain Eachtraí Uachtaigh, an chéad chnuasach gearrscéalta le Esther Göbl Uí Nualláin, gearrliosta 'Leabhar na Bliana do dhaoine óga' amach. Seo é an chéad úrscéal do dhaoine óga léi agus is foilseachán aoibhinn é ó Mhóinín. Is í Emily Colenso a rinne na léaráidí agus cuidíonn siad go mór le beocht a chur sa scéal do na léitheoirí. Insítear scéal Fhionn sa leabhar seo. Is buachaill óg é ar mhaith leis coileáinín a bheith aige ach, faraor, níl a thuismitheoirí róchinnte faoin smaoineamh seo. Tá an scéal deas simplí agus thaitneodh sé le páistí mar go bhfuil buachaill óg lárnach sa scéal agus é ag iarraidh rud éigin nach bhfuil ceadaithe, díreach cosúil le go leor páistí eile ar comhaois leis. Is cinnte go mbeimid ag faire amach do thuilleadh leabhar ó pheann Esther.

## Rogha 10 na Seachtaine

*Cathach Books, Baile Átha Cliath*

1. Sean-Chaint na nDéise leis an Rev. Sheehan
2. Sléibhte Mhaigh Eo le M. Ó hOdhrán
3. Trodairí na Treas Briogáide le Colm Ó Labhra
4. An Ceathramhadh Eagnaidhe leis An Philbín
5. Art Ó Gríofa le Seán Ó Lúing
6. Fiche Bliain ag Fás le Muiris Ó Súileabháin
7. Sean-Eoin le Máirín Ní Chriagáin
8. An Draoidín le Máire
9. Thiar i nGleann Ceo le T. Ó Rabhataigh
10. Sean T. Ó Ceallaigh le P. Ó Conluain




**Dianchúrsa i Scríobh an Ghearrscéil agus an Úrscéil**

Tá iarratais á nglacadh ag MÓINÍN don Dianchúrsa thuasluaite.

- Tá áit do dheichniúr (10) ar an gcúrsa seo.
- Is é an scríbhneoir Ré Ó Laighléis a bheas mar stiúrthóir/theagascóir air.
- In *An Scríobhlann*, áras nua traenála MhÓINÍN i mBaile Uí Bheacháin, a thabharfar an cúrsa.
- 6 deireadh seachtaine atá i gceist, ag tosú ar dheireadh seachtaine an 25/26 Meán Fómhair agus ag críochnú ar dheireadh seachtaine an 11/12 Nollaig.
- Sprioc ar iarratais is ea 10ú Meán Fómhair 2010 (roghnófar deichniúr agus cuirfear amach tairiscintí ar áiteanna ansin).
- Tá an cúrsa seo á mhaoiniú ag Foras na Gaeilge.




**Foirm Iarratais agus gach eolas ar fáil ó Ailsa:**

MÓININ
Loch Reasca,
Baile Uí Bheacháin,
Co. an Chláir.

Fón: 065 7077256
e-phost: moinin@eircom.net
www.moinin.ie

Foras na Gaeilge
Aithníonn MÓINÍN tacaíocht Fhoras na Gaeilge



TEILIFÍS agus RAIDIÓ

# Sceideal an Fhómhair ar TV3



Treasa Bhreathnach

BHÍ na gúnaí gairid, na sála ard agus gloine fíona i mbeagnach gach uile lámh ag Óstán an G i nGaillimh an tseachtain seo caite nuair a seoladh sceideal fómhair TV3.

Cé go raibh ócáid eile seolta níos luaithe sa lá i mBaile Átha Cliath, bhí seoladh i nGaillimh chomh maith do lucht féachana a bhí ar an láthair mar chuid den chlár *Ireland AM* ó Óstán an G an mhaidin dar gcionn.

I measc réaltaí teilifíse Éireannacha TV3 a bhí i láthair, bhí Andrea Hayes, Glenda Gilson agus Alan Hughes. Bhí réaltaí ó na sobaldrámaí Sasanacha *Coronation Street* agus *Emmerdale* ann freisin.

Cé gur lá fada a bhí i gceist d'fhoireann an chraoltóra ní thabharfá faoi deara é ar na láithreoirí agus iad ar a gcompord ag caint agus ag comhrá le cách.

Tá feabhas mór curtha ag TV3 ar a sceideal le roinnt blianta anuas. Tá níos mó clár ná riamh cheana á gcoimisiúnú agus á léiriú in Éirinn acu. Is cláir choimisiúnaithe iad 40% den sceideal agus é mar aidhm acu go mbeidh 50% den sceideal á léiriú in Éirinn faoi 2012.

Tá sé d'aidhm acu a bheith mar an cainéal leis an lucht féachana is mó in Éirinn. Deir TV3 gurb é an dara cainéal is mó féachana in Éirinn é. Maíonn siad go bhfuil gach seans ann go dtiocfaidh athrú ar an scéal sin roimh i bhfad mar gheall ar an bhfeabhas atá curtha acu ar a sceideal le blianta beaga anuas. Cé go bhfuil buiséad níos lú ná RTÉ acu, tá siad dóchasach go dtiocfaidh méadú ar sciar a spriocluchta féachana, mná faoi 45 bliain d'aois. Tá sé i gceist acu tús a chur le tógáil an chéad stiúideo HD in Éirinn in 2011 agus táthar ag súil go mbeidh sé réidh faoi dheireadh na bliana seo chugainn.

Mar is gnáth, tá *Coronation Street*, *Emmerdale*, agus *X Factor* ar ais arís, chomh maith leis an tsraith *Take Me Out* curtha i láthair ag Ray Foley ó *Today FM*. Mar aon leo siúd, tá leagan Éireannach de *Come Dine With Me* le bheith ar TV3 an fómhar seo agus tá taifead déanta air ag criú stiúideo ó ITV.

Tá riar maith clár faisnéise á ndéanamh acu agus iad ag díriú, den chuid is mó, ar an lucht oibre agus ar ábhair ar nós na sochaí agus coiriúlachta sa tír seo. Mar chuid de na cláir fhaisnéise, beidh *Teenage Lives*, sraith ina gcloisfimid ó dhéagóirí na tíre faoina saol gnéis, bulaíocht, an brú a bhaineann leis an óige agus an chaoi a ndéileálann siad leis.

Beidh dhá chlár de *Boozed Up Irish Abroad* mar chuid den sceideal, cláir fhaisnéise bhreathnaitheacha a leanann grúpa daltaí iar-Ardteiste agus iad ar laethanta saoire i Santa Ponsa agus grúpa cailíní sa Chréit. Beidh an tsraith Lawless Ireland 2 ar ais ina bhfeicfear foréigean sráide na tíre chomh maith le hionsuithe, agus caithfear súil ar fhorbairtí teicneolaíochta CCTV agus cumarsáid shoghluaiste.

Rinne Ben Frow, Stiúrthóir na gClár ag TV3, tagairt do dhroch-cháil TV3 i leith na drámaíochta agus é ag tabhairt a óráide oifigiúla ag an seoladh. Dúirt sé, go dtí go ndearna siad an cinneadh Glee a cheannach, go raibh a gclúdach drámaíochta 'uafásach ar fad'.

Tháinig athrú ar an scéal le *Glee* agus anois le *Spartacus: Blood and Sand* tá casadh taoide i gceist don drámaíocht ar TV3, dar leis. Tá an dara cuid den tsraith dhrámaíochta *Jack Taylor: Magdalene Martyrs*, a ndearnadh scannánaíocht air i nGaillimh, le bheith ar siúl le linn an fhómhair.

Tá níos mó iarratasóirí ná riamh cheana, 16 acu, ag iarraidh a bheith mar phrintíseach ag Bill Cullen in *The Apprentice* agus iad san iomaíocht don duais mhór €100,000. Tá TV3 ag iarraidh níos mó tairbhe a bhaint as branda clúiteach *The Appentice* le sraith sa bhreis *The Apprentice: At Home*.

Cuireann a leithéid de chleas *X Factor* i gcuimhne dom agus iad ag iarraidh am a líonadh ar an scáileán. Tá siad ag tógáil ar ráth na sraithe ach tá an baol ann go mbeidh gach duine tinn tuirseach de *The Apprentice* faoin am a bheidh an tsraith leaththart. Tá *The Apprentice: You're Fired!* ar ais arís i mbliana ach le láithreoir nua, Anton Savage in áit Brenda O'Connor.

Ba é an ráiteas go mbeidh Bosco ar ais arís a tharraing an 'Awww' is mó ón slua de níos mó ná leathchéad a bhí i láthair do sheoladh an sceidil. Is sraith de thrí chlár é *Bring Back Bosco: The Story of Kids' Entertainment* ina dtabharfar síos bóithrín na smaointe sinn le míreanna físe agus agallaimh le *Wanderly Wagon*, *Bosco agus Barney*, gan ach roinnt de shraitheanna ár n-óige a lua.

## Éist le:





**RTÉ Raidió na Gaeltachta: 'Barrscéalta'** Tagann an clár seo beo ó Inis Bó Finne, dhá mhíle amach ó chósta Dhún na nGall. Beidh Michelle Nic Grianna ag caint le muintir an oileáin faoin saol ansin, agus le roinnt cuairteoirí chomh maith faoin samhradh san oileán. Inniu @ 11.02rn.

**RTÉ Digital:** 'Clubbed with Amin Korrigan' An tseachtain seo ar Clubbed beidh meascán de thechnícheol le haoi speisialta Vandal. Beidh réamhamharc ar rianta nua Cocoon agus BPC. Amárach @11in.

**4FM: 'Guaranteed Irish'** Sraith curtha i láthair ag Dave Heffernan. Clár lán le ceol iontach ó cheoltóirí agus bannaí ceoil cáiliúla Éireannacha. Dé Máirt @ 9in.

## Féach ar:

**TG4: 'Lasair: Finscéal Pháidí'.** Nuair a fhaigheann Páidí amach gur ainspiorad as finscéal mór na hÉireann é a leasathair, caithfidh sé rud éigin a dhéanamh faoi. Le cabhair ó spiorad eile, seasann sé an fód agus é ar a mhíle dícheall a theaghlach a thabhairt slán. Dé Domhnaigh @ 10.30in

**RTÉ: 'This is me'.** Sa chéad chlár den tsraith 'Me and my Tics' cloisfimid uaidh Pamela Hackett atá ag maireachtáil leis an ngalar 'Tourettes'. Cé go bhfuil sí 60 bliain d'aois ní dhearnadh diagnóisiú uirthi go dtí go raibh sí 50 bliain d'aois. Anocht RTÉ 1 @7.30in

**BBC One: 'John Bishop's Britain'.** Is í Tara Palmer Tomkinson a bheidh i dteannta an fhuirseora ó Learpholl. Beidh meascán de sceitsí, míreanna grinn ar do bhoinn, agus scéalta ón ghnáth phobal bunaithe ar théama amháin a bhfuil tionchar aige ar ghnáthphobal na Breataine. Amárach @ 8.50in







# Buíon Ceoil na Seachtaine

## Labhraíonn **Róisín Ní Éalaí** le h**Aodhán Malone** ón ngrúpa ceoil **Aerach** mar gheall ar chúlra an ghrúpa agus céard atá i ndán dóibh sa todhchaí.

TÁ an-cháil ar cheol tíre an ghrúpa Aerach i measc mhuintir Chonamara. Is é an t-amhrán a thagann chun cinn uathu ná 'Siar go Conamara'. Bhuaigh Aerach an comórtas 'Glór Tíre' ar TG4 sa bhliain 2007 agus d'éirigh thar cionn leo tar éis bheith ar an gclár. D'eisigh an grúpa an t-albam 'Scorach' sa bhliain 2008 agus bíonn siad ag casadh go háitiúil go rialta i rith na bliana. Is iad baill an ghrúpa ceoil ná Aodhán Malone agus Siobhán Malone. Is col ceathracha iad Aodhán agus Siobhán agus is as Baile na hAbhann, Contae na Gaillimhe don bheirt acu. In ainneoin anchúlaithe eacnamaíochta agus iad a bheith ag freastal ar an gcoláiste chomh maith, tá siad fós rathúil agus le feiceáil i dtithe tábhairne ar fud Chonamara.

**Cad as ar tháinig an t-ainm "Aerach"?**
Bhí muid ag iarraidh ainm a mbeadh daoine ábalta cuimhniú air go héasca agus bhí muid ag iarraidh go mbeadh beagán spraoi ag baint leis freisin.

**Conas a bheartaigh sibh an banna a thosnú?**
Bhíodh mise i mbanna ceoil cheana darbh ainm An Óige agus bhíodh Siobhán i mbanna darbh ainm Scail. Bhí suim againn i gceol i gcónaí de bharr Mhamó agus mar sin bheartaigh muid dul le chéile i mbanna.

**Inis dúinn faoin tréimhse tar éis Glór Tíre..**
Tar éis Glór Tíre rinne muid dlúthdhiosca. D'imigh muid ar bhád cúrsála ina dhiaidh sin agus bhí muid anghnóthach le 'gigs'. Bhí go leor cláir raidió againn freisin agus bhí níos mó cáile ar ár gcuid ceoil freisin.

**An mbíonn sibh ag casadh bhur n-amhrán féin ag na 'gigs'?**
Bíonn muid ag casadh ár n-amhrán féin ag 'gigs'. Tá cúpla ceann scríofa dúinn agus casann muid iad sin ar fad nuair a bhíonn muid ag seinnt.

**An mbíonn níos mó amhráin Ghaeilge nó amhráin Bhéarla á seinm agaibh?**
Bíonn muid ag seinnt an dá theanga i ndáiríre, is dócha go bhfuil níos mó amhráin Bhéarla againn ach déanann muid iarracht an méid céanna amhrán a chasadh. Braitheann sé ar an gceantar ina bhfuil tú freisin, bíonn áiteanna ann nach bhfuil an Ghaeilge róláidir.

**Tá cáil oraibh mar gheall ar an amhrán, "Siar go Conamara", an dtarlaíonn sé riamh ag 'gigs' nach bhfuil sibh ag iarraidh é a chasadh arís?**
Bíonn daoine ag iarraidh orainn an t-amhrán seo a chasadh i ngach áit, fiú daoine gan Ghaeilge. Bíonn cúpla uair ann a bhíonn daoine ag iarraidh orainn é a chasadh cúpla uair san oíche, ach ní féidir linn é sin a dhéanamh i gcónaí.

**An bhfuil aon rud suimiúil ag teacht aníos d'Aerach?**
Beidh muid ag ceol ag Taispeántas Chois Fharraige agus beidh Banríon Chois Fharraige ar siúl ansin. Tá an bheirt againn ar an gcoláiste agus mar sin níl mórán deiseanna againn dá bharr.

**Cén sórt lucht leanúna atá ag Aerach?**
Bíonn gach cineál duine ag éisteacht linn , óg agus aosta.

**An bhfuil mórán 'die hard fans' agaibh a bhíonn ag chuile gig?**
Tá duine amháin a sheasann amach , fear as Camus , Cóilín. Ní fhágann sé an t-urlár an oíche ar fad.

**Céard é an chéad gig eile a bheidh agaibh?**
An Poitín Stil ar an Satharn (28 Lúnasa) ag Féile Thaispeántas Chois Fharraige. Beidh Banríon na féile dhá piocadh ar an oíche.

# Cabaret Craiceáilte dhá bhliain d'aois!

SEACHTAIN sula dtéann siad ar fad chuig an Electric Picnic, beidh ceoltóirí agus siamsóirí An Cabaret Craiceáilte sa bhaile i dTigh Hiúdaí Bhig i nGaoth Dobhair ar an Satharn 28 Lúnasa ag a 10.00i.n. ag ceiliúradh dara breithlá an Cabaret.

I measc na gceoltóirí a bheidh ann, feicfear an geabaire (rapper) Bubba Shakespeare as Tiobraid Árann, GMC as Corcaigh, an fidléir óg, Emma Sweeney as Manchain Shasana, agus An Henrietta Game.

Beidh an damhsóir sean-nóis Seosamh Ó Neachtain ag léiriú a chuid céimeanna ag cóisir bhreithlae an Cabaret.

Táthar ag súil le cuid mhór aoicheoltóirí eile ar an oíche, agus cuirfear fáilte mhór roimh na haíonna speisialta, na Iconics, grúpa rac-cheoil/popcheoil as Gaoth Dobhair agus na Rosann.

Tá dúil mhór ag éisteoirí Raidió na Gaeltachta sna leaganacha Gaeilge d'amhráin mhóra cosúil le 'Free Falling' agus 'Sweet Child of Mine' a chanann Emma Ní Fhíoruisce agus Cormac Ó Mordha ó na Iconics.

Tá an bheirt acu ag freastal ar Phobalscoil Ghaoth Dobhair, agus tá seisiún beo déanta acu ar an chlár 'Rónán Beo' ar Raidió na Gaeltachta.

Togra deonach atá sa Cabaret Craiceáilte a cuireadh ar bun i mí Lúnasa 2008, chun ardán a chur ar fáil do cheoltóirí as an cheantar agus as áiteanna eile ar fud na tíre, a bhíonn ag ceol i nGaeilge.











# 8 OIDEACHAS

## Daltaí de dhíth!

*Ar lean ó leathanach a haon*

Deir Éamon Rodgers, a bhí bainteach le naíscoil na mBeann ón tús agus atá mar chathaoirleach ar an ngrúpa, go raibh siad ag súil go mbeadh dháréag ag freastal ar an nGaelscoil, rud a chiallódh go mbeadh maoiniú ar fáil dóibh. Ar chúis éigin, ní bheidh seachtar ón dáréag sin ag freastal ar an scoil.

"Bhí agus tá fós go leor éiginnteachta ann faoi áitreamh na scoile agus mar sin de," ar sé. "Tá sé deacair ar thuismitheoirí cinneadh a dhéanamh a bpáistí a chur chuig scoil nuair atá éiginnteacht mar sin ann."

Beidh Gaelscoil Léim an Mhadaidh ag oscailt ar an gcéad lá de mhí Mheán Fómhair freisin, cé nach bhfuil a ndóthain daltaí acusan ach an oiread chun maoiniú a fháil.

"Ag pointe amháin, bhí an uimhir dhraíochta de dháréag dalta againn don Ghaelscoil," a deir Lee Devine, Cathaoirleach choiste na scoile.

"Thit cúpla duine amach, áfach, ar chúis éigin, agus anois is cosúil gur ochtar páiste a bheidh ag tosú i rang a haon."

Faoi láthair tá sé pháiste dhéag ag freastal ar an naíscoil, agus bhí an oiread sin éilimh ar áiteanna ann go raibh ar an scoil diúltú do roinnt páistí eile. Beidh rang speisialta ag tosú sa tráthnóna do pháistí níos óige, atá trí bliana d'aois nó mar sin.

Ní hamhlaidh atá an scéal le Gaelscoil an tSeanchaí, a d'oscail den chéad uair anuraidh.

"Táimid muiníneach go mbeidh maoiniú á fháil againn," a deir Cathaoirleach choiste na scoile, Graeme Clarke.

"D'oscail muid an scoil i mí Mheán Fhómhair 2009 ar bhonn féinmhaoinithe. Anois táimid ag súil go mbeidh athrú ag teacht air sin, mar go mbeidh fiche dalta againn sa scoil."

Ag an bpointe seo, tá an chuma ar an scéal nach mbeidh a ndóthain daltaí ag freastal ar Ghaelscoil Choin Rí Uladh, an ceathrú scoil a bhfuair aitheantas sealadach, agus ní fios go fóill an mbeidh an scoil ag oscailt ar chor ar bith.

Dar le Rosie Nic Ghiolla Fhiondáin, atá ar choiste na scoile, bhí dháréag páiste deimhnithe le freastal ar an scoil ach anois níl ach naonúr, nó b'fhéidir deichniúr, ag iarraidh dul ann go cinnte.

"Níl na huimhreacha againn chun maoiniú a fháil ón Roinn Oideachais," a deir sí. "Ach tá maoiniú á thairiscint dúinn ó fhoinse eile. Níl muid cinnte go fóill an mbeidh an scoil ag oscailt an tseachtain seo chugainn. Braitheann sé ar an gcuid eile den choiste, agus beimid i mbun cainteanna faoi seo sna laethanta amach romhainn."

Tá seomra ranga ag an scoil cheana féin i lárionad gnó sa Bhaile Meánach agus tá múinteoir acu freisin.

Nuair a fógraíodh go mbeadh aitheantas á thabhairt do na ceithre scoil seo sa tuaisceart, cháin an DUP agus an UUP Caitríona Ruane as an gcinneadh a dhéanamh agus dúirt aontachtaithe go raibh an iomarca airgid á thabhairt don Ghaelscolaíocht. Deir Seán Ó Coinn nach dóigh leis go raibh tionchar ag na haontachtaithe ar thuismitheoirí agus iad ag déanamh cinnidh maidir lena bpáistí a chur chuig Gaelscoil.

"Tá daoine cleachtaithe air sin faoin am seo," a deir sé.

Ba chóir do thuismitheoirí ar mhaith leo a bpáistí a chur ar cheann ar bith de na Gaelscoileanna nua seo teagmháil a dhéanamh le Comhairle na Gaelscolaíochta ar 028 9032 1475.

## Daltaí ag baint ardmharcanna Gaeilge amach sna GCSEanna



**Meadhbh Ní Eadhra**

CÉ gur tháinig ísliú ar an líon daltaí a roghnaigh teangacha mar ábhair do na GCSEanna i dTuaisceart na hÉireann i mbliana, go háirithe Fraincis, bhí an líon daltaí a rinne an scrúdú Gaeilge i gcomhréir le anuraidh.

Is cúis dóchais é sin do lucht na Gaeilge ó thuaidh. Rinne 2161 dalta scrúdú Gaeilge sna GCSEanna i mbliana, rud a chiallaíonn go bhfuil na leibhéil iontrála i gcomhréir le anuraidh, nuair a rinne 2163 dalta an scrúdú.

Tháinig ardú ar an líon daltaí a bhain grád A*-C amach sa scrúdú Gaeilge, ó 89.3% go 90.1%. Tuairiscíodh an tseachtain seo go raibh ardú ar an líon daltaí i dTuaisceart na hÉireann a bhain grád A*-C amach sna GCSEanna.

Tá an dalta is óige a bhain GCSE amach i nGaeilge aon bhliain déag d'aois, agus tá an dalta is sine seachtó seacht bliain d'aois.

Bhí 76.3% de na torthaí sa chatagóir sin, i gcomparáid le 69% i Sasana agus áiteanna eile. I measc na scoileanna a bhain marcanna maithe amach sna GCSEanna tá Coláiste Feirste, Gaelcholáiste i mBéal Feirste.

Deir Micheál Mac Giolla Ghunna, Príomhoide Choláiste Feirste, go raibh torthaí GCSE den chéad scoth ag daltaí na scoile.

"Is léir go bhfuil na torthaí s'againne inchurtha le scoth na scoileanna in aon earnáil. Bhain 78% dár gcuid daltaí amach an toradh tagarmhairc de chúig nó níos mó GCSE ag gráid A*-C. Tagann sé seo i ndiaidh torthaí Ardleibhéil anmhaithe an tseachtain seo caite."

Deir sé gurb "iontach na torthaí" seo mar gurb é Coláiste Feirste an t-aon iarbhunscoil lán-Ghaeilge sa Tuaisceart.

"Léiríonn na torthaí seo gur féidir leis an Ghaelscolaíocht barr feabhais a bhaint amach ag an leibhéal is airde trasna na n-ábhar uilig," ar sé. "Ghnóthaigh na daltaí s'againne gráid A* in ábhair mar Mhata Breise, na hEolaíochtaí, an Ealaín, Staidéir Spóirt agus ar ndóigh an Ghaeilge. Bhí ráta pas de 100% againn sa Tíreolaíocht, san Ealaín agus sa Fhraincis agus bhí roinnt ábhar eile a raibh ráta pas thar 90% acu."

Is as ceantair faoi mhíbhuntáiste sóisialta 83% de dhaltaí na scoile agus in ainneoin an tearc-infheistithe agus easpa acmhainní i gcomparáid le scoileanna in earnálacha eile, tá an scoil ag feidhmiú go han-mhaith ag an leibhéal is airde, dar leis an Uasal Mac Giolla Ghunna.

Ó thaobh inscne de, d'éirigh níos fearr le buachaillí agus cailíní go ginearálta sna scrúduithe GCSE i mbliana, ach mar is gnách bhí na cailíní chun tosaigh maidir leis na hardmharcanna. D'éirigh le 11% de chailíní an barrmharc de A* a fháil, i gcomparáid le 6.9% de bhuachaillí.

Tá ísliú suntasach tagtha ar an méid daltaí atá ag fágáil na scoile gan cúig GCSE, ó 47.4% in 2005-2006 go 41.6% in 2008-2009. Mar sin féin, is céatadán ard é 41.6% agus seans gur figiúr é a chuirfeadh iontas ar mhórán daoine


## Folúntais

NUI Galway
OÉ Gaillimh

*Cuirtear fáilte roimh iarratais ar na poist seo a leanas:*

### Stiúrthóir na hOifige um Aistriú Teicneolaíochta

**Tuarastal:** €113,604 - €145,952 sa bhliain

**Spriocdháta:** 23 Meán Fómhair 2010

**Sonraí / nós imeachta le haghaidh iarratais:**

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais don phost Stiúrthóra thuas ar fáil ó láithreán gréasáin Acmhainní Daonna: http://www.nuigalway.ie/vacancies

An Oifig Acmhainní Daonna, OÉ Gaillimh, Gaillimh.

**T:** 353 91 492151; **R:** hr@nuigalway.ie

### Coláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte

**Léachtóir (Os Cionn an Bhaic) le Modhanna Cliniciúla agus Cleachtas Cliniciúil**

**Tuarastal:** €62,059 - €81,431 sa bhliain

**Spriocdháta:** 23 Meán Fómhair 2010

**Léachtóir (Téarma Socraithe, Leath-Am) le Cleachtas Ginearálta – Modhanna Cliniciúla**

**Tuarastal:** €62,059 – €81,431 sa bhliain (pro rata)

**Spriocdháta:** 2 Meán Fómhair 2010

### Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

**Léachtóir (Téarma Socraithe) le Síceolaíocht (Anailís Iompraíochta Fheidhmeach)**

**Tuarastal:** €40,256 p.a. - €56,782 sa bhliain

**Spriocdháta:** 9 Meán Fómhair 2010

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus iarratas a dhéanamh ach cuairt a thabhairt ar www.publicjobs.ie

*Is fostóir comhionannas deiseanna í Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.*


publicjobs.ie
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

SUNDAY TIMES OLLSCOIL NA BLIANA 2009-10



www.nuigalway.ie

## Crosfhocal 27.08.2010



### NODANNA

**TRASNA**

1 Ainmhí Afracach le muineál fada (6)
2 Srian, ceansaigh (6)
8 Déan éadach as olann (2)
9 An cairpéad dearg a chur os comhair duine (6)
10 Pota an-mhór (5)
11 Ainmhí dubh agus bán faoin tuath le srón fhada (4)
14 Bata a chuidíonn le duine a shiúil (4)
15 Caoch (4)
16 Áit ard charraigeach ar chósta na tíre (4)
18 A mhalairt ón lámh dheas (3)
19 Siombail an phósta (6)
22 'Scamall' íseal ar lá báisteach (3)
24 An domhan (7)
25 Líon a atá in úsáid ag iascairí (7)
28 Gléas ceoil a shéideann tú tríd, déanta as stán nó adhmaid (6)
29 Cárta nó litir ag iarraidh ar dhuine a fhreastal ar bhainis, nó cóisir mar shampla. (8)

**SÍOS**

1 Créatúr beag miotasach, an slua.. (2)
2 Torann, clampar (4)
3 Tuige, ciall (4)
5 Luath (4)
6 Glan le píosa éadaigh (7)
7 Seift in aghaidh do thíre féin (5)
8 Imeall géar (7)
9 Éan bán a fhaightear ar an trá nó ar an fharraige de ghnáth (8)
12 Cas i dtreo amháin nó eile (5)
13 Adharc, trumpa (4)
15 Dreapann daoine suas iad leis na fuinneoga a ghlanadh (8)
17 Costasach (4)
20 Scéim an stáit leis na bainc a tharrtháil óna gcuid drochfhiacha (4)
21 Capall (4)
22 Ag rá amhráin (6)
23 Crom; do ghlúin mar shampla (4)
26 An rud a dhéanann cearc ar ubh (3)
27 Coinníoll; cur in aghaidh, obadh (3)

**Crosfhocal**
20.08.2010



**Buaiteoir na Seachtaine seo:**
Niall O Murchú
169 Gleann Dara,
Rathún, Gaillimhe

### Duais na seachtaine

**Bronnfar dearbhán €20 urraithe ag Cló Iar Chonnacht ar bhuaiteoir na seachtaine.**



Ní mór iarratais a bheith ar ais roimh 1 Meán Fómhair, 2010 chuig:
Crosfhocal, Gaelscéal, An Chuasnóg, An Spidéal, Co na Gaillimhe.

Ainm ........................................................

Seoladh ........................................................

........................................................

Fón.................................... Rphost..............................................

Indreabhán, Conamara, Co. na Gaillimhe. Tel. +353-91-593307
www.cic.ie

# Ón gclár dubh go dtí an méarchlár



**Meadhbh Ní Eadhra**

BEIDH ócáid ar siúl Dé Céadaoin seo chugainn i gContae an Chláir chun aird a tharraingt ar an ról dearfach atá ag an teicneolaíocht faisnéise i dteagasc bunscoile. Is in Óstán Temple Gate in Inis i gContae an Chláir a reáchtálfar an ócáid seo, 5-7in ar 1ú Meán Fómhair.

Is í aidhm na hócáide ná eolas a chur ar fáil do phríomhoidí áitiúla agus boird bhainistíochta faoi na buntáistí agus na míthuiscintí a bhíonn ann go minic maidir le húsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha sa seomra ranga.

Beidh aoichainteoirí i láthair ar an oíche agus beidh deis ann labhairt le saineolaithe teicneolaíochta.

Chomh maith leis sin, tabharfar eolas faoi scoileanna ar leith ina bhfuil an teicneolaíocht agus an teagasc fite fuaite ina chéile cheana féin.

Deir Andy Tierney, ó Uathoibriú Oifige Tierney, atá ag óstáil na hócáide, nach mbeidh an oíche dírithe ar tháirgí ar leith a mholadh do scoileanna.

"Beidh eolas á thabhairt do phríomhoidí agus do bhaill de bhoird bhainistíochta na scoileanna faoi conas luach a gcuid airgid a fháil ar earraí teicneolaíochta, in ionad a bheith ag caitheamh an iomarca ama ag smaoineamh faoi chostas na n-earraí. Is féidir leo a bheith saor nuair a úsáidtear i gceart iad," ar sé.

Dar leis an Uasal Tierney, ceann de na laigí is mó a bhíonn ag scoileanna agus iad ag úsáid na teicneolaíochta ná go mbíonn eagla orthu.

"Bíonn scanradh ar dhaoine go mbeidh orthu na mílte euro a íoc má bhriseann ríomhaire agus mar gheall air sin ceapann siad gur infheistíocht chostasach agus neamhriachtanach atá ann. Ach tá a mhalairt fíor. Tá fianaise ann ó thíortha Eorpacha eile a thugann le fios gur buntáiste ollmhór é an teicneolaíocht do na scoileanna."

Beidh saineolaithe teicneolaíochta ag tabhairt léachtaí ag an ócáid ar réimse leathan ábhar. San áireamh beidh léachtaí ar pholasaithe teicneolaíochta i scoileanna na hÉireann, ar an teicneolaíocht mar áis teagaisc, ar chostas iomlán úinéireachta agus tuilleadh.

Tá teagmháil déanta ag Uathoibriú Oifige Tierney le múinteoirí agus príomhoidí bunscoile i gContae an Chláir, chomh maith le baill de na boird bhainistíochta, faoin oíche. Tá siad ag súil go bhfreastlóidh cuid mhór acu ar an ócáid.

Cuirfear pacáiste eolais ar fáil saor in aisce do gach duine ag an ócáid, le heolas faoin teicneolaíocht do scoileanna. Beidh an ócáid saor in aisce ach is gá áit a chur in áirithe roimh ré. Is féidir scairt a chur ar 065 7079873 le haghaidh tuilleadh eolais.

## Ionsaí ar shuíomh an CAO

MÁ bhíonn ionsaí ann arís ar an Lár-Oifig Iontrála (CAO), mar a bhí an tseachtain seo agus na mílte dalta Ardteiste ag iarraidh dul ar an suíomh idirlín, ní bheidh an CAO in ann stop a chur leis, de réir foinsí áirithe. Eisíodh tairiscintí ollscoile do 48,000 dalta Dé Luain ar shuíomh an CAO agus laistigh de dheich mbomaite, ionsaíodh an suíomh agus níorbh fhéidir le héinne dul air. Ba é sin an dara huair le cúpla mí anuas gur ionsaíodh an suíomh agus bhí an-imní ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí, go háirithe iad siúd a bhí thar lear, go dtí gur deisíodh an suíomh.

## Bí feiceálach!

**Meadhbh Ní Eadhra**

TABHARFAR veist ard-infheictheachta (veist gheal?) do gach páiste atá ag tosú ar scoil an tseachtain seo chugainn mar chuid d'fheachtas sábháilteachta ar bhóithre. Dáilfear thart ar 80,000 veist ar pháistí sna naíonáin shóisir. Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) i ndiaidh a iarraidh ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí tús áite a thabhairt don sábháilteacht ar bhóithre agus an scoilbhliain nua ag tosú. Is é Bord Soláthair an Leictreachais atá ag déanamh urraíochta ar an togra seo.

## Folúntas


# Scoil Chuimsitheach Chiaráin

## An Cheathrú Rua, Co. Na Gaillimhe

### Múinteoir Ag Teastáil

Fáilteofar roimh iarratais do phost ionadaíochta don scoilbhliain 2010/2011 sna hábhair seo a leanas

Béarla agus Gaeilge (11 uair)
(saoire mháithreachais) le héifeacht ón 20ú Meán Fómhair, 2010.

**Scoil Ghaeltachta í Scoil Chuimsitheach Chiaráin ina ndéantar an teagasc iomlán tré Ghaeilge.**

Cáilíochtaí: De réir mheamram na Roinne Oideachais & Eolaíochta
Tuarastal: De réir meamram agus scálaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

*Glacfar le hiarratais ar na foirmeacha oifigiúla atá le fáil uaimse:*

Seosamh Mac Donncha,
Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta,
Oifigí an Choiste Gairmoideachais,
Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-874535
Ríomhphost: mnimhainnin@cogalvec.ie

Is é an dáta deireanach d'iarratais a bheith faighte (sa phost nó trí sheachadadh láimhe amháin) ná roimh 4.00i.n. ar an Luan, 6ú Meán Fómhair, 2010.

**Tionólfar agallaimh don phost thuasluaite ar an 10ú Meán Fómhair, 2010.**

Tabhair faoi deara nach nglacfar le hiarratais ar bith i ndiaidh an spriocdháta, go bhféadfadh gearrliostú a bheith i gceist agus go ndícháileofar éinne a dhéanann canbhasáil.

Is fostóir comhionannais Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

# 9 I MEASC AN PHOBAIL

Ba bhreá linn pictiúir leatsa i Gaelscéal agus ar ár suíomh idirlín. Má tá ócáid nó imeacht pobail nó sóisialta ar siúl agat, is féidir grianghraif de a sheoladh chugainn ag **nuacht@gaelsceal.ie** Ní mór go mbeadh caighdeán réasúnta ins na pictiúir agus cead faighte agat chun iad a fhoilsiú ó na daoine atá le feiceáil iontu. Cuirfidh muid na cinn is fearr i gcló anseo agus ar **www.gaelsceal.ie**



Sophine (5) agus Aimme O' Hagan (4) ag seoladh Rehab Waterways Adventure i gcomhar le Bord na Móna ag Loch na Buaraí, Co Uíbh Fhailí.
Pic: Sasko Lazarov/Photocall Ireland




Cailíní ag baint suilt as Cumann Chluain Ard, Béal Feirste mar chuid de Scoil Samhraidh Mhic Reachtain.





Ar dheis & Thíos Foirne Leitir Móir ag Craobh na hÉireann de Tharraingt Téide



Ard-Stiúrtheoir Chomhaltas Ceoltóirí Éireann, Labhrás Ó Murchú, ag bronnadh cóip de dhlúthdhiosca nua Séain Uí Shé "Idir Sean agus Nua, Séan Ó Sé agus Comhaltas" ar Mháirtín Davy don tsraith nua "Dlúthdhioscaí " ar RTÉ/RnaG an tseachtain seo caite .



Liam Ó Maonlaí le Emer Finnegan (13) ó Phort Láirge agus iad ag seinm sa Cheoláras Náisiúnta mar chuid de ESB LIVE. Leanann ESB LIVE ar aghaidh go dtí 3ú Meán Fómhair. www.nch.ie
Pic: Mark Stedman/Photocall Ireland



Neart craic ar bun ag mná Gaelacha Feirste agus iad ag damhsa le fear dathúil mar chuid den fhéile 'Blasta' i dTigh Mhadden.

# "Ní mhothaím an brú" : Schmidt

Cillian Ó Conchúir

CAITH súil siar go dtí an Muileann gCearr i 1991. B'shin an bhliain a tháinig Josef Schmidt chuig an cheantar chun imirt agus chun bheith ina stiúrthóir ar Mullingar RFC. Deirtear nach bhfuil dearmad déanta ag an bhaile ná ag an bhainisteoir ar na trí bliana sin ag tús na nóchaidí.

Gluais ar aghaidh fiche bliain, nach mór, agus tá an post is mó i rugbaí Laighean aige, mar phríomh-chóitseálaí an chúige. Nuair a tháinig sé amach ón seomra feistis tar éis shlad na hAoine seo caite (cailliúint 6-41 in aghaidh Wasps Londan) d'fhógair sé: "Fáilte iontach atá ansin."

Níorbh é sin an rud ba mheasa a d'fhéadfadh tarlú dó. Ní raibh ann ach cluiche cairdiúil. Ar a laghad ní bheidh daoine ag súil leis an iomarca. "Níorbh é an toradh an rud is tábhachtaí riamh. Deis a bhí ann d'imreoirí óga agus ceapaim gur thóg roinnt acu an deis. Bhí sé cuibheasach deacair teacht ar an bpáirc in aghaidh imreoirí fisiciúla, le taithí, Wasps agus roinnt imreoirí idirnáisiúnta acu. Ina ainneoin sin, thaispeáin roinnt a ndóthain chun muinín a thabhairt dom gur féidir iad a mheascadh leis na himreoirí sinsearacha.

Mar ábhar dóchais do Schmidt, d'imir Seán O'Brien agus Luke Fitzgerald den chéad uair ó gortaíodh iad beirt. "D'iompair Seán an liathróid go láidir. Stiúir sé [an fhoireann] go maith. Bhí cuma dhainséarach ar Luke.

D'imigh sé timpeall na páirce go maith. Fuair siad 40 nóiméad an duine. Tá súil agam go mbeidh siad in ann tógáil air sin agus níos mó am imeartha a fháil.



Joe Schmidt, príomh-chóitseálaí Laighean (PIC. BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

Tosaíonn Sraith Magners ar an gcéad deireadh seachtaine de Mheán Fómhair agus tá a fhios ag Schmidt go mbeidh brú sa bhreis air toisc gur bliain Coirn Dhomhanda í seo. "Le Corn an Domhain ag teacht, tá a fhios againn go mbeidh orainn an fhoireann a rothlú. Tá a fhios againn gur bliain dheacair a bheidh ann i mbliana agus beidh ar roinnt imreoirí a d'imir (ar an Aoine) imirt ar bhonn níos rialta. Sin an pointe tosaithe atá againn. Caithfimid gluaiseacht ar aghaidh uaidh sin."

Tá sé fós róluath i dtéarma bainistíochta Schmidt chun aon ní a rá faoi. Agus é san ardán an tseachtain seo caite agus roinnt gortuithe á bhfáil ag imreoirí, dúirt sé go raibh siad "beagáinín gann" ar ionadaithe. An íoróin a bhain leis ná go raibh foireann iomlán ina suí díreach thíos faoi - Brian O'Driscoll, Gordan D'Arcy, Eoin Reddan, Shane Horgan, Cian Healy, Shane Jennings agus ar a laghad deich nimreoir a thosaíonn de ghnáth.

"Tá traenáil ag dul go maith," a deir Schmidt. "Is féidir le traenáil dul go maith, (ach) caithfidh tú cluichí maithe a imirt. Sin an áit a ndéantar breithiúnas ort. Ag déanamh grádú ar an 80 nóiméad (in aghaidh Wasps) caithfimid imirt i bhfad níos fearr. Tá muinín agam gur féidir linn é sin a dhéanamh.

De bharr an ratha a bhí ar Michael Cheika, an mothaíonn an fear nua ón Nua-Shéalainn brú? "Go pearsanta, ní mhothaím an brú. Nuair a fhéachann tú ar chéad bhliain Cheiks, tosnaíonn tú san áit a dtosnaíonn tú. Beidh an bhliain seo deacair, ach níl aon seans go bhfuilim chun aon leithscéal a dhéanamh toisc gur muidne Cúige Laighean agus caithfimid tabhairt faoi."

# Micheál- Tráchtaire ár Linne

## Beidh Raidió na Gaeltachta ag cur clár speisialta i láthair in ómós do thráchtaire cáiliúil RTÉ Micheál Ó Muircheartaigh ar an Aoine 10ú Meán Fómhair ag a seacht a chlog.



Micheál Ó Muircheartaigh (Pic. Brendan Moran / SPORTSFILE)

Gráinne McElwain

BEIDH Raidió na Gaeltachta ag cur clár speisialta i láthair in ómós do thráchtaire cáiliúil RTÉ Micheál Ó Muircheartaigh ar an Aoine 10ú Meán Fómhair ag a seacht a chlog.

Bhí breithlá Mhichíl ar siúl an Aoine seo caite sa Daingean agus é ag ceiliúradh ochtó bliain d'aois. Tháinig a chlann, a chairde agus a ghaolta go dtí Óstán na Sceilge chun craic, ceol, comhrá agus ar ndóigh scéalta iontacha a chluinstin.

Níos luaithe sa lá, dhreap 23 duine suas Cnoc Bhréanainn agus rinne Micheál agallamh speisialta le RTÉ Raidió na Gaeltachta ó bharr an chnoic.

Craolfar an clár 'Micheál- Tráchtaire ár Linne' beo ar an raidió ón óstán Galway Bay i mBóthar na Trá, Contae na Gaillimhe agus beidh cairde, comhghleacaithe agus iar-chomhghleacaithe leis i láthair chomh maith lena chlann agus a mhuintir. Ina theannta sin, beidh peileadóirí agus iarpheileadóir Chiarraí agus baill eile de CLG, cairde ó Na Cluichí Oilimpeacha Speisialta, Rásaí na gCon, Gaelscoileanna agus RTÉ.

Mairfidh an clár dhá uair an chloig agus chomh maith le caint beidh ceol den scoth ann fosta. Cuirfidh Seán Bán Breathnach agus iarchaptaen Chiarraí Dara Ó Cinnéide an clár i láthair. Beidh deis ag an phobal a bheith i láthair ag an chlár ach cuireadh a bheith acu, agus beidh na cuirí á ndáileadh ar chláracha RTÉ Raidió na Gaeltachta sna seachtainí amach romhainn.

# Railí an tsamhraidh

## Railí Mótair i nGaillimh an deireadh seachtaine seo

Gráinne McElwain

LE níos mó na fiche bliain anois, tá railí mótair ar siúl i gCo. na Gaillimhe agus ní haon eisceacht é i mbliana go bhfuil an railí ar ais an Domhnach beag seo agus é urraithe ag Mór Oil don dara bliain as a chéile.

"Athraíonn an cúrsa gach cúpla bliain timpeall na Gaillimhe. Ar feadh dhá bhliain, bhí sé in Áth Cinn agus beidh sé i mBaile Locha Riach i mbliana agus tá súil againn go mbeidh sé ann an bhliain seo chugainn chomh maith" a deir Ultan Burke, Oifigeach Caidrimh Phoiblí Railí an tSamhraidh.

"Thosaigh na hullmhúcháin sé mhí ó shin le foireann bheag ag roghnú an bhealaigh agus na háite is fearr chun ceanncheathrú an railí a chur. Caithfidh tú an bóthar nó bealach a roghnaítear a chur isteach chuig an gComhairle Contae trí mhí roimh thús an railí chun cead a fháil. Bíonn muid féin i dteagmháil le muintir na háite chun a mhíniú dóibh cad go díreach a bheas i gceist agus de ghnáth, ní bhíonn aon fhadhb acu leis" a deir Ultan.

"Beidh 130 carr ag glacadh páirte sa railí le naoi staid dhifriúla timpeall an bhaile. Tosóidh an chéad staid ag 10.05rn agus ba chóir go mbeadh an carr deireanach ar ais tar éis a cúig a chlog. Beidh na bóithre dúnta óna naoi a chlog ar maidin go dtí a sé a chlog sa tráthnóna ach ní bheidh siad dúnta an t-am ar fad. Braitheann sé cén áit a mbeidh na staideanna ar siúl" a deir Ultan.

Feicfear na tiománaithe is fearr ag an railí seo, ina measc PJ McDermott agus Paul Goodman ag tiomáint Subaru Impreza S11 WRC, Robert Barrable agus Damien Connolly sa Ford Focus WRC agus Gary McPhilips agus Mark Tierney i Ford Escort Mk2. Bheifeá ag súil go dtiocfadh buaiteoir an railí as na tiománaithe seo agus is é Robert Barrable atá mar rogha na núdar go háirithe mar go bhfuil Damien Connolly mar chomhthiománaí leis. Bhuaigh Damien an railí seo mar chomh-thiománaí anuraidh.

Beidh John Spain agus Jarlath Coneely as Baile Locha Riach ag tiomáint Toyota Celica 185 ar son Ospís na Gaillimhe. Tá go leor airgid bailithe acu ó dhaoine agus urraitheoirí go dtí seo ach tá siad ag súil le tuilleadh a bhailiú ar an lá agus cuirfear fáilte roimh aon airgead.

Níl an cúlú eacnamaíochta tar éis cur isteach chomh mór sin ar an railí agus a ceapadh ag tús na bliana. "Bhí muid ag iarraidh céad tríocha carr a bheith páirteach ann agus tá áthas an domhain orainn go bhfuil sin faighte againn," a deir Ultan.

Is ócáid iontach é don cheantar agus beidh €700,000 ar a laghad ag dul isteach sa gheilleagar áitiúil. Tagann na sluaite amach chun é a fheiceáil agus ba chóir go mbeadh suas le 15,000 míle duine ann.

"Is cuid lárnach den railí sábháilteacht na dtiománaithe agus an lucht féachana agus tá plean sábháilteachta cuimsitheach i bhfeidhm. Má tá fadhb ar bith le haon áit den chúrsa, ní thosóidh an staid sin. Tá sé chomh simplí leis sin" a deir Ultan.

# Cad a cheapfá?

Labhair **Gráinne McElwain** le hiar-imreoir Thír Eoghain **Peter Canavan** faoi chluiche mór an Domhnaigh.

**Cé acu a mbeidh an bua agus cén fáth?**
Cill Dara. Is buille mór millteach don Dún é nach mbeidh Ambrose Rodgers ag imirt ar an Domhnach. Is imreoir lárnach ar an fhoireann é chomh maith le bheith ina cheannaire. Tá gach rud aige: oibríonn sé go crua, bíonn sé ag déanamh go leor blocála ar an liathróid, is féidir leis dul ar ruathar agus tógann sé ciceanna saora. Tá Cill Dara láidir agus fisicúil i lár na páirce agus mar nach mbeidh Ambrose ag imirt, sílim go mbeidh an buntáiste le Cill Dara ansin.

**Cén sort taictící a bheas in úsáid?**
Bíonn taictící i gcónaí ann ón tús, fiú nuair a bhíonn an fhoireann á roghnú ag na bainisteoirí ach ní thachtóidh na taictící an cluiche. Is maith leis an dá fhoireann seo an imirt a bheith oscailte agus iad ag dul ar an ionsaí ach

beidh sé spéisiúil cé a bheas ag marcáil Benny Coulter agus Marty Clarke. Bhí imreoir tugtha siar ag cosantóirí an Dúin le linn na Craoibhe agus ní athróidh sé sin ar an Domhnach, ach rud a chaithfidh an Dún a bheith cúramach faoi ná an méid oibre a dhéanfas Cill Dara nuair a gheobhaidh siad an liathróid. Bíonn na himreoirí ag ionsaí ansin mar aonad agus beidh siad ag cur brú ar chosaint an Dúin.

**Imreoirí chun seasamh amach**
Is fíorannamh a bhíonn drochchluiche ag Johnny Doyle agus tá James Kavanagh ag imirt thar barr. Ach beidh dul amú ar an Dún má cheapann siad nach bhfuil le déanamh acu ach stop a chur leis an bheirt imreoir seo agus go mbeidh an lá leo. Sílim gur an-imreoir é Alan Smith agus má fhaigheann sé deis cúl a fháil, tógfaidh sé é.

Sílim go mbeidh an-choimhlint idir Marty Clarke agus Emmet Bolton agus beidh sé ar cheann de na príomhchoimhlintí móra ar an lá. Chomh maith leis sin, má bhíonn Benny Coulter chomh maith agus gur féidir leis a bheith, ní bheidh éinne ábalta é a stopadh. Beidh jab deacair ag an té a bheas á mharcáil Dé Domhnaigh.


PIC. PAT MURPHY / SPORTSFILE

**Scór**
Beidh cluiche maith againn le hardscóranna ann. Cill Dara chun é a bhuachan 2-11 in aghaidh 1-12.

# Bás Patrick Dinsmore

**Gráinne McElwain**

CÉ go bhfuil muintir an Dúin ag súil go mór le Cluiche Leathcheannais na hÉireann an deireadh seachtaine seo in aghaidh Chill Dara, bhailigh scamall dubh os cionn an chontae an deireadh seachtaine seo caite nuair a bhásaigh an déagóir Patrick Dinsmore go tobann i Ros Treabhair.

Bhí Patrick ag imirt cluiche peile mionúir lena chlub, Naomh Peadar, in aghaidh Naomh Bronagh nuair a thit sé as a sheasamh. Ní rabhthas in ann a dhéanamh amach sa scrúdú iarbháis cén fáth gur bhásaigh sé go tobann.

Bhí Patrick in ainm is a bheith ag ceiliúradh a bhreithlae an Mháirt seo caite. Bhí sé sé bliana déag d'aois .

Ach ní hé Patrick an chéad duine, nó an duine deireanach faraor, a imeoidh den saol seo chomh tobann sin agus gan aon chúis ar bith leis.

Baineadh geit as an tír ar fad nuair a fuair an peileadóir cáiliúil Cormac McAnallen as Tír Eoghain bás go tobann in 2004. Ba laoch é Cormac a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann agus Gradam All-Star an bhliain roimhe sin.

Mar gheall air sin agus bás tobann an imreora óig rugbaí John McCall as Ard Mhacha, tháinig an scéal chun cinn i measc an phobail agus theastaigh níos mó eolais ó dhaoine faoi. Cuireadh tús leis an *Cormac McAnallen Trust* chun aird an phobail a dhíriú ar bhás cairdiach, scagthástáil agus oideachas. Cuid mhór eile den phlean ná go gcuirfí défhibrileoirí ar fáil i gcumainn spóirt go háitiúil agus daoine a thraenáil chun iad a úsáid.

Bhí an dearcadh ann go mbeadh ar dhuine a bheith míshláintiúil agus mí-aclaí chun fadhbanna a bheith aige nó aici lena chroí ach ní hé sin an fhírinne iomlán.

Ba dhaoine spórtúla iad Cormac, John agus Patrick, a thug aire mhaith dóibh féin agus a fuair bás go tobann. Sula bhfuair Cormac bás, ní raibh mórán défhilbrileoirí le fáil i gcumainn spóirt ach tá athrú tagtha ar an scéal sin ó shin agus tá i bhfad níos mó eolais ag daoine.

Ach cé go raibh défhilbrileoir ag cumann peile Ros Treabhair, níor leor é chun Patrick a shábháil. Rinne dochtúir agus beirt altraí a bhí ag an chluiche iarracht an leaid óg a shábháil ach fuair sé bás níos moille san ospidéal in Iúr Chinn Trá.

Cuimhneoidh muid an deireadh seachtaine seo ar a chlann, a chairde agus a ghaolta.

Ar dheis Dé go raibh a anam.

# Gach seans ag foireann McGeeney



**John Allen**

ARÍS an tseachtain seo táimid ag díriú ar pheil agus an dara leathchraobh idir Cill Dara agus an Dún.

Tá an bainisteoir Kieran McGeeney ag déanamh sároibre ó thosaigh sé leis na *Lilywhites*. Tá sé i ndiaidh spiorad iontach a chothú san fhoireann le cúpla bliain anuas agus bhí sé ag teastáil sa chluiche ceathrú ceannais nuair a chaill siad an laoch lár páirce Dermot Earley cúpla nóiméad isteach sa chluiche sin i gcoinne na Mí. Thaispeáin siad buanna tréana i ndiaidh na cailliúna sin agus iad sé chúilín chun deiridh go luath sa chluiche.

Anuraidh chaill siad Emmet Bolton agus Mike Conway nuair a bhíodar ag imirt i gcoinne Thír Eoghain agus ní rabhadar ábalta brú ar aghaidh gan iad ach i mbliana tá níos mó mianaigh iontu agus tá se níos deacra an bua a fháil orthu. Cosúil leis na foirne eile atá fágtha tá Cill Dara i ndiaidh teacht tríd an chúldoras. Bhí sé chluiche acu taobh istigh de chúig seachtaine agus tá siad tar éis dul ó neart go neart agus iad anois chomh maith le haon cheann de na foirne atá fágtha.

Sa cheathrú-chraobh thugadar an-taispeántas sa dara leath. Scóráileadar dhá chúilín déag sa dara leath sin i gcomparáid le trí cinn ag an Mhí.

Chríochnaíodar le 2-17 agus is maith an scór e sin. Freisin tá ocht gcúl faighte acu sa chraobhchomórtas i mbliana agus is mór an méid é sin. Chomh maith leis sin níor ghéilleadar ach 1-12, 1-11, agus 1-9 sna trí chluiche dheireanacha. Is maith an comhartha é sin d'obair iontach na gcúlaithe.

Bunaithe ar gach a bhfacamar go dtí seo i mbliana tá gach seans ag foireann Kieran McGeeney an Domhnach seo.

Níl aon dabht ach gur tháinig bua iontach an Dúin ar Chiarraí aniar aduaidh orainn go léir. Nach iontach mar a bhriseann an dúchas trí shúile an chait agus mhuintir McCartan. Bhí Sean-James ina bhall d'fhoireann iontach na seascaidí agus James Óg ina bhall d'fhoireann 1991 a thug Craobh na hÉireann leo agus é anois mar bhainisteoir ar a chontae dúchais atá ar tí imirt sa Chraobh i mbliana.

Ach dar ndóigh is ar an bpáirc a bhíonn an cluiche agus is iad na himreoirí a bhuann nó a chailleann iad. Is lánchúlaí cumasach é Dan Gordon agus rinne sé an-jab ar Kieran Donaghy sa chluiche deireanach.

**Bhí trua agam do Bhaile Átha Cliath mar rinneadar a ndóthain i rith an chluiche ach ní bhfuaireadar a ndóthain scóranna agus ag an deireadh is easpa smachta a chuir ó mhaith iad.**

Freisin tá an leathlíne de Rooney, Garvey agus McKiernan ag dul ó neart go neart i mbliana. I lár an ghoirt tá Kalum King ag tabhairt anchabhair d'Ambrose Rodgers (ach gach seans nach mbeidh Rodgers ag tosú de bharr gortú) . Nuair a bhíonn sé ag imirt go maith is iontach an t-imreoir é Benny Coulter agus cé go raibh sé ciúin go leor i gcoinne Chiarraí, ghnóthaigh sé dhá chúilín ghleoite ag an deireadh.

Ach dar ndóigh níor shroicheadar an leathchraobh le tosaí amháin. Tá Mark Poland ag déanamh a chuid agus leithéidí Paul McComiskey agus Danny Hughes timpeall air. Freisin, tá Marty Clarke ag dul i bhfeabhas le gach cluiche i ndiaidh seal a chaitheamh ag imirt san Astráil. Tá neart, scil agus clisteacht ag baint leis agus táim ag súil le hanchoimhlint idir é féin agus lánchúlaí Chill Dara Hugh McGrillen.

Tá sé an-deacair an cluiche seo a thomhas. Níl mórán idir na foirne. Tá foireann Laighean roghnaithe ag na geallghlacadóirí mar rogha na coitiantachta agus ní minic a bhíonn siad mícheart. Ach fós níl a fhios agam.

Tá tuairim éigin agam go mbeidh sé an-deacair an lámh in uachtar a fháil ar fhir an Dúin, mar sin, tabharfaidh mé an nod dóibh .

Ach pé foireann a bhuann beidh dúshlán mór amach rompu.

Díoltas d'83 a bhí ann an Domhnach seo caite nuair a sciob Corcaigh an cluiche ag an mbás. Bhí trua agam do Bhaile Átha Cliath mar rinneadar a ndóthain i rith an chluiche ach ní bhfuaireadar a ndóthain scóranna agus ag an deireadh is easpa smachta a chuir ó mhaith iad.

D'imríodar go hiontach ar feadh an chuid is mó den chluiche agus arís bhí Bernard Brogan thar barr ar fad ach chun a cheart a thabhairt do Chorcaigh d'fhanadar leo agus ansin i bpreabadh na súl sciob siad an bua.

Arís bhí tionchar mór go leor ar an gcluiche ag na fir ionaid a thug Conor Counihan isteach mar a bhí sna cluichí go léir a bhuaigh Corcaigh i mbliana.

Beidh sé deacair buachan orthu sa chraobh agus b'fhéidir go bhfuil a lá sa ghrian ag teacht agus iad ag imirt a dtríú craobh taobh istigh de cheithre bliana.

Beir Bua.

# Dul chun cinn bunaithe ar chóras simplí: Obair chrua

Gráinne McElwain

CINNTE beidh díomá an domhain ar Bhaile Átha Cliath nuair a fhéachfaidh siad siar ar an fhíseán don chluiche in aghaidh Chorcaí agus an seans glórmhar a bhí acu áit a bhaint amach i gCluiche Ceannais Peile na hÉireann den chéad uair ó 1995. Ach easpa taithí agus smachta an difear a bhí eatarthu sna deich mbomaite dheireanacha. Thug Bernard Brogan taispeántas den scoth agus tá an t-ádh dearg ar Chorcaigh go bhfuil siad fós sa chomórtas. Níor cheap mé gur imir siad go maith, thóg siad an bharraíocht as an liathróid agus bhí iontas an domhain orm go raibh siad chomh soineanta leis na taicticí a bhí acu. Tá deis iontach caillte ag Baile Átha Cliath ach tá súil agam go bhfuil go leor foghlamtha ag Corcaigh as. Caithfear moladh mór, áfach, a thabhairt dóibh agus an léiriú a thug siad ar charachtar na foirne. Níor stop siad i dtreo dheireadh an chluiche agus d'éirigh leo na scóranna cinniúnacha a fháil agus nuair a bhí Baile Átha Cliath ag éirí tuirseach ag an deireadh, sheas Corcaigh suas.

Tá gach duine den tuairim chéanna nach bhfuil Corcaigh ag imirt chomh maith agus a bhí siad ag an am seo anuraidh. Ar bhealach is cuma leo mar go bhfuil siad i gCluiche Ceannais na hÉireann, ach is é an rud is spéisiúla faoi na foirne ar fad a bhí agus atá sna babhtaí leathcheannais i mbliana ná gur tháinig siad chomh fada leis seo mar gheall ar an chóras simplí imeartha atá acu. Obair fhíorchrua ar fad ar fud na páirce agus cuidíonn cosaint láidir chomh maith.

An Domhnach beag seo, feicfear an córas imeartha seo á chur i bhfeidhm ag dhá fhoireann arbh ábhar mór díomá iad ina gCúigí féin. Baineadh geit as go leor daoine nuair a chaill Cill Dara in aghaidh Lú le sé chúilín i mbabhta Ceathrú Ceannais Laighean. Arís bhí ionadh ar go leor go raibh an Dún i bhfad chun cinn ar Thír Eoghain sa chéad fhiche bomaite de Chluiche Ceathrú Ceannais Uladh, ach nuair a tháinig Tír Eoghain ar ais sa chluiche ní raibh freagra ar bith ag muintir an Dúin orthu. D'fhoghlaim an dá fhoireann seo ceacht agus thosaigh siad ar bhóthar fada ar ais.


Seo an chéad uair ag an Dún a bheith i gCluiche Leathcheannais na hÉireann ó 1994 nuair a bhí bainisteoir na foirne James McCartan ag imirt. D'imir Cill Dara agus An Dún in aghaidh a chéile níos luaithe i mbliana, sa tsraith, nuair a bhí bua éasca ag an Dún 1-16 in aghaidh 0-8 ach tá Cill Dara tar éis feabhsú ó shin. Níl Cluiche Ceannais na hÉireann buaite ag Cill Dara ó 1928 ach níl aon cheist faoi spiorad nua na foirne agus aontacht na foirne seo. Cuimhnigh ar an lá gur imir siad in aghaidh Aontroma sa bhabhta cáilithe, agus gur imir Dermot Earley, an lá gur cuireadh a athair. Cé gur chríochnaigh an cluiche sin ar comhscór, d'fheabhsaigh Cill Dara an lá sin agus ó shin i leith. Bhí buanna maithe acu in aghaidh Aontroma 1-15 in aghaidh 0-9, Liatroim 2-17 le 1-9, Doire 2-17 le 1-9 agus Muineachán 1-15 le 1-11.

Bhuaigh siad in aghaidh na Mí sa Chluiche Ceathrú Ceannais chomh maith 2-17 le 1-12. Feictear an feabhas seo sna scóranna atá aimsithe acu ó chaill siad in aghaidh Lú. Tá 1-34 scóráilte ag Johnny Doyle, 2-11 faighte ag James Kavanagh, 1-9 ag Eamonn Callaghan agus 1-8 ag Ronan Sweeney. Tá tosaithe den scoth acu ach laigeacht amháin atá feicthe ná go dtógann sé píosa orthu teacht isteach sa chluiche. Níor scóráil siad go dtí an 12ú bomaite in aghaidh Mhuineacháin agus bhí tús mall eile acu in aghaidh Dhoire agus na Mí. Ach is foireann aibí iad anois chomh maith agus is féidir leo dul i ngleic leis seo. Ach bheinn buartha dóibh dá ligfidís do thosaithe an Dúin scóranna a chur suas ag an tús. Deirtear nach mbeidh Dermot Earley ar fáil mar gheall ar ghortú glúine (ballnasc croiseach) ach seans go bhfeicfimid an t-imreoir spreagúil seo am éigin sa chluiche má bhíonn siad i dtrioblóid.

Duine nach mbeidh ag imirt don Dún ná a gcaptaen, Ambrose Rogers. Ghortaigh sé a ghlúin ag imirt dá chlub cúpla seachtain ó shin agus ní bheidh sé ábalta imirt Dé Domhnaigh. Cailliúint an-mhór é, mar bhí sé féin agus Kalum King ag imirt go maith i lár na páirce. Ciallaíonn sin anois go bhféadfadh an lán-chulaí Dan Gordan teacht amach go lár na páirce arís agus go gcuirfear Brendan McArdle nó Declan Rooney ina áit. Tháinig feabhas mór millteach ar chosaint an Dúin ó thosaigh Dan ag imirt ar imeall na cearnóige agus beidh drogall ar James McCartan é a bhogadh. Is foireann óg ildánach iad an fhoireann seo, atá lán le muinín, agus cé go raibh cáineadh faoina gcosaint sa tsraith, ní féidir an gearán céanna a dhéanamh faoina gcuid tosaithe.

Is léir an difear atá Martin Clarke tar éis a dhéanamh ó tháinig sé abhaile ón Astráil. D'aimsigh sé 1-18 (1-12 ó chiceanna saora) ó dhíbir Tír Eoghain iad amach as Craobh Uladh. Beidh go leor ag brath ar cé chomh lárnach is a bheas sé in ann a bheith i ngluaiseachtaí an Dúin agus fear eile a bheas an-tábhachtach chomh maith ná Daniel Hughes. Is é Daniel an ceangal idir an chosaint agus na tosaithe agus beidh jab le déanamh ag Cill Dara é a mharcáil.

Mar sin cé a bheas in ann an cluiche seo a bhaint? Ní dóigh liom go mbeidh mórán idir na foirne agus mar a bhíonn i gcónaí, braitheann sé ar cé chomh mór is a bheidh dúil na bhfoirne sa bhua. Déarfainn go mbeidh cluiche foscailte, fisiciúil agus tapaidh againn le hardscóranna agus go mbeidh an bua ag Cill Dara le cúpla cúilín.



Go leor ag brath ar conas is féidir Martin Clarke, An Dún a mharcáil
(PIC. BRIAN LAWLESS / SPORTSFILE)



Gemma Fay agus Siobhán McGrath ag ceiliúradh tar éis Cluiche Leathcheannais na hÉireann a bhaint amach (PICTURE CREDIT: BRENDAN MORAN / SPORTSFILE)

# Beidh ainm nua ar Chorn Uí Mháirtín i bPeil na mBan i mbliana

Gráinne McElwain

TAGANN deireadh le gach rud uair éigin, is cuma cé chomh maith is atá sé. Tar éis ardtaispeántas ó Sheaimpíní na hÉireann Corcaigh le cúig bliana anuas, chaill siad in aghaidh fhoireann óg mhuiníneach Thír Eoghain i mBeannchar an deireadh seachtaine seo caite.

Níor imir Corcaigh go maith sa dara leath agus ba léir nach raibh siad tar éis imirt le beagnach seacht seachtaine. Fuair Bríd Stack agus Aisling Barrett cártaí buí i dtreo dheireadh an chluiche agus ina dhiaidh sin fuair Tír Eoghain na cúil chinniúnacha chun an lámh in uachtar a fháil, le cailíní an Tuaiscirt ag buachan 3-11 le 0-13.

Níor scóráil Corcaigh ach dhá chic shaora sa dara leath agus tá moladh mór tuillte ag Tír Eoghain mar bhí siad sé phointe taobh thiar ag leath-am. Casfaidh Tír Eoghain le Ciarraí i gceann seachtaine i mbabhta leathcheannais na hÉireann agus tá Éamonn Ryan ag smaoineamh ar a thodhchaí le foireann Chorcaí faoi láthair. Tá súil agam go bhfeicfimid ar ais é mar is duine de na carachtair mhóra é i bPeil na mBan agus cinnte ní bheadh an comórtas mar an gcéanna gan é.


Lean Laois ar aghaidh leis an obair mhaith faoi stiúir Joe Higgins agus casfaidh siad le Baile Átha Cliath an Satharn beag seo. Ba chúis mhór díoma Muineachán ach le Edel Byrne, Michelle Grimes agus Amanda Casey imithe ón phainéal agus le Niamh Kindlon gortaithe bhí tasc mór rompu. Beidh Baile Átha Cliath agus Laois ag imirt an Satharn beag seo den dara huair sa chraobh i mbliana. D'imir siad in aghaidh a chéile i gCluiche Ceannais Laighean na bliana seo nuair a bhí bua éasca ag cailíní na Príomhchathrach. Ar an pháirc chéanna, buailfidh An Cabhán agus Port Láirge in aghaidh a chéile i gcluiche leathcheannais idirmheánach na hÉireann ag a ceathrú tar éis a ceathair.

# SPÓRT

Déan teagmháil linn ag **sport@gaelsceal.ie**

Gaelscéal

27.08.2010




**Bainisteoir Chill Dara, Kieran Mc Geeney, agus Bainisteoir an Dúin, James McCartan. Beidh McGeeney, ar as Ard Mhacha dó ó dhúchas agus a bhí mar chaptaen ar fhoireann Ard Mhacha nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann in 2003, ag súil go n-éireoidh le Cill Dara taispeántas den scoth, mar a thug siad in éadan na Mí, a thabhairt in éadan an Dúin i bPáirc an Chrócaigh Dé Domhnaigh. Beidh cath an bhradáin idir iad agus foireann an Dúin, a chloígh foireann Chiarraí cúpla seachtain ó shin agus a chuir iontas an domhain ar go leor daoine.** PIC: SPORTSFILE.

# Meon faoi leith ag Foirne an Tuaiscirt?



**Gráinne McElwain**

B'fhéidir gur rud tuaisceartach é ach bíonn muinín ag na foirne ó na Sé Chontae i gcónaí. Ní cheapann siad riamh go bhfuil foirne eile níos fearr ná iad agus ceapann siad gur féidir leo buachan ar gach foireann eile.

Nuair a smaoiníonn Ciarraí siar ar na foirne a dhíbir amach as comórtas na craoibhe iad le deich mbliana anuas (nuair nár bhuaigh siad an chraobh ar ndóigh), Tuaisceartaigh ar fad ab ea iad, Ard Mhacha, Tír Eoghain agus an Dún.

Ach an bhfuil meon faoi leith ag na foirne seo agus an gcuideoidh an meon sin leis an Dún ar an Domhnach nó an seafóid é sin?

"Sílim go gceapann daoine go bhfuil meon agus íomhá faoi leith ag baint leis an Tuaisceart, ach ní maith le muintir an Dúin an téarma 'Aristocrats' nó go bhfuil siad níos fearr ná aon chontae eile. Níl dada buaite acu ó 1994 ach seo bliain speisialta don Dún agus iad ag ceiliúradh caoga bliain ó bhuaigh siad Corn Sam Mhic Uidhir den chéad uair. Tá níos mó muiníne acu mar gheall air sin" a deir Jarlath Burns, iar-imreoir agus iar-chaptaen Ard Mhacha.

"Nuair a bhuaigh Ard Mhacha agus Tír Eoghain Craobh na hÉireann, thug sé muinín d'fhoirne eile an Tuaiscirt. Roimhe sin bhíodh foirne ag súil go n-éireodh leo an bua a fháil, ach anois tá siad ag dúil le buachaint" a deir Jarlath.

"Go traidisiúnta, bhí muinín i gcónaí le feiceáil ar fhoireann an Dúin agus cúis mhaith acu mar go bhfuil cúig Chraobh na hÉireann buaite acu" a deir Peter Canavan, iar-imreoir agus iar-chaptaen Thír Eoghain.

"Ach ní dóigh liom go bhfaca muid an mhuinín chéanna i mbliana go dtí gur bhuail siad le Ciarraí. Níor imir siad go maith in aghaidh Dhún na nGall agus ghéill siad do Thír Eoghain ach tagann feabhas i gcónaí ar an Dún i bPáirc an Chrócaigh agus is annamh a bhíonn drochchluiche acu ar an pháirc sin" a deir Peter.

Fear a bhfuil an-aithne aige ar an Dún ná Seán Boylan, iar-bhainisteoir na Mí a chaill in aghaidh an Dúin i gCluiche Ceannais na hÉireann i 1991.

"Ag féachaint ar an Dún fríd na blianta, rinne siad gach iarracht chun Cluiche Ceannais na hÉireann a bhuachan. Fuair siad Peter McDermott ón Mhí san seascaidí mar chóitseálaí chun cuidiú a thabhairt dóibh agus bhí na modhanna traenála nua-aimseartha i gcónaí acu chun an dul chun cinn a dhéanamh."

"Sílim mar gheall ar an suíomh polaitíochta a bhí sa Tuaisceart go dtí le déanaí, chruthaigh sé meon láidir daingean i bhfoirne an Tuaiscirt. Bhí ard-mhuinín i gcónaí acu agus ceapadh go raibh Corn Sam Mhic Uidhir tuillte acu i gcónaí," a deir Seán.

"Bhuaigh muid in aghaidh an Dúin i gCluiche Ceannais na Sraithe i 1990 agus bhí a fhios agam go mbainfeadh siad Craobh na hÉireann amach ina dhiaidh. Chaill muid in aghaidh an Dúin i gCluiche Ceannais na hÉireann an bhliain dár gcionn le dhá phointe ach d'imir siad níos fearr ná muid. Bhí gortuithe ag cur as dúinn agus ní raibh an lá linn," a deir Seán.

"Cosúil le go leor foirne eile ó Chúige Uladh, imríonn an Dún leis na neartanna atá acu. Tá imreoirí den scoth acu, tosaíonn siad go maith agus tá bainisteoir spreagúil acu , James McCartan.

Ar ndóigh tá bainisteoir inspioráideach ag Cill Dara chomh maith, agus táim ag súil le an-chluiche. Cé gurb iad an Dún rogha na n-údar, ceapaim féin go mbeidh an lá ag Cill Dara" a deir Seán.

Beidh an fhéin-mhuinín sin agus gach a d'téann le traidisiún ag teastáil ón Dún Dé Domhnaigh.

**Cluiche Leathcheannais na hÉireann**
**An Dún v Cill Dara**
**Páirc an Chrócaigh @ 3.30in**